Oifig an Choimisinéara Faisnéise
Office of the Information Commissioner

Clár Ábhair

Brollach 5

CUID I - An Coimisinéir um Shaoráil Faisnéise

CAIBIDIL 1: An Bhlian Faoi Athbhreithniú 7
Comhdháil ar Chomóradh 10 mbliana SF (15ú Bealtaine 2008) 10
Comhthiomsú Staitisticí 11
Leibhéal Iarrataí ar Chomhlachtaí Poiblí. 11
An Cinéal Iarratais 14
An Cinéal Iarrathóra 14
Rátaí Scaoilte 14
Iarratais chun m'Oifige i gcomhair Athbhreithniú 15
Iarrataí a Mheastar a Bheith Diúltaithe. 16
Táillí Faighte 17
Athbhreithniú ar Bhreitheanna 18
An tAm a Ghlac Aithbhreithnithe 19
Toradh Athbhreithnithe 20
Gnáthfhiosruithe. 21
Fógraí Reachtúla a Eisíodh ar Chomhlachtaí Poiblí 22
Deimhnithe Reachtúla ama n-eisiúnt ag Airí/Ard-Runaithe 22
Achomhairc chun na hArd Chúirte 24
Athbhreithniú Seachtrach ar Leagan Amach agus ar Ábhar Breitheanna 25
Cúrsaí Fóirne 26

CAIBIDIL 2: Saincheisteanna a Árdaítear 29
Tionchar na SF i mbéal an Phobail sa bhliain 2008. 29
Ról na Sochrachtaí agus Iarrataí a tarraingíodh siar sa bhliain 2008 30
Feidhm an Achta um SF maidir le Taifid Chomh-Aireachta. 33
Comhlachtaí Poiblí atá taobh amuigh de scóip an Achta um SF. 34
Faisnéis Phearsanta a Bhaineann le Daoine Éagtha. 35

Breithiúnais na hArd-Chúirte:
1. An t-Aire Oideachais agus Eolaíochta -v-
An Choimisinéir um Shaoráil Faisnéise [2008] IEHC 279 36
2. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte -v-
An Choimisinéir um Shaoráil Faisnéise [2008] IEHC 298 37

CAIBIDIL 3: Breitheanna 43
Diúltú é a Dheinmhniú nó a Shéanadh gurb ann do Thaifid. 43
RTÉ agus Comhairle Contae (Cás 080050) 44
Mainneachtain Taifid a Aimsiú 49
An tUasal X agus Comhairle Contae na Gaillimhe (Cás 070290) 50
Rochtain ar Thuarascálacha Imscrúdaithe. 53
An tUasal X agus FSS (Cás 060320). 54
An tUasal X agus Comhairle Contae Áirithe (Cás 060130) 57

CAIBIDIL 4: Staitisticí 63
Roinn I - Comhlachtaí Poiblí - 2008 65
Roinn II - Oifig an Choimisinéara Faisnéise - 2008 74

CUID II - An Coimisinéir um Fhaisnéis faoin gComhshaol

CAIBIDIL 1: Réamhrá. 79
Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol 2007 79
An Treoir agus na Rialacháin. 79
Céard í Faisnéis faoin gComhshaol? 80
Rochtain ar Fhaisnéis a chur chun cinn 80
Údaráis Phoiblí 81
Táillí 81
Forais do Dhiúltú 82
Treoir 82
Achomhairc a Fuarthas. 83
Tráchtaireacht. 83

CAIBIDIL 2: Breitheanna 87
Open Focus & Comhairle
Contae Shligigh (Cás CEI/07/0006) 87
Grúpa Gníomhaíochta Chnoc Alúine &
Comhairle Contae Chill Dara (Cás CEI/08/0001) 89
Gary Fitzgerald Uasal & Roinn an Taoisigh
(Cás CEI/07/0005) 92
Peter Sweetman & Associates &
An tSeirbhís Chúirteanna (Cás CEI/08/0005). 96

AGUISÍN I:
Tuarascáil ar Dheimhnithe arna n-eisiúnt faoi Alt 20 and Alt 25 101

AGUISÍN II:
Athbhreithniú faoi Alt 25(7)] ar Dheimhnithe arna n-eisiúnt ag Airí 102

CAIRT EAGRAÍOCHTA 103

Réamhrá

Cuirim leis seo mo shéú Tuarascáil Bhliantúil mar Choimisinéir Faisnéise (an t-aonú Tuarascáil Bhliantúil déag de chuid an Choimisinéara Faisnéise ó bunaíodh an Oifig sa bhliain 1998) faoi bhráid na Dála agus an tSeanaid de bhun alt 40(1)(c) de na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003.

An Coimisinéir Faisnéise
Aibreán 2009

CUID I – AN COIMISINÉIR FAISNÉISE

CAIBIDIL 1

"Is í an tuarascáil seo ina gclúdaítear an bhliain ón 1ú Eanáir go dtí an 31ú Nollaig 2008 an t-aonú tuarascáil bhliantúil déag de chuid na hOifige seo agus an séú ceann uaimse mar Choimisinéir Faisnéise."

An Bhliain Faoi Athbhreithniú

Is í an tuarascáil seo ina gclúdaítear an bhliain ón 1ú Eanáir go dtí an 31ú Nollaig 2008 an t-aonú tuarascáil bhliantúil déag de chuid na hOifige seo agus an séú ceann uaimse mar Choimisinéir Faisnéise. Mar a rinne mé anuraidh agus d'ainneoin nach bhfuil mé faoi cheanglas reachtúil ar bith déanamh amhlaidh, tá cuntas leis seo, i gCuid II, den ról ar leith a bhí agam mar Choimisinéir um Fhaisnéis faoin gComhshaol sa bhliain 2008.

Tugadh feidhm dlí don Acht um Shaoráil Faisnéise (An tAcht um SF) ar an 21ú Aibreán 1997, agus tháinig sé i bhfeidhm dhá mhí dhéag níos déanaí ar an 21ú Aibreán 1998. Mar thoradh air sin, is ionann an bhliain 2008 agus deich mbliana ón tráth ar tugadh thrí cheart nua thábhachtacha don phobal. Áirítear ar na cearta sin:

- ceart rochtana ar thaifid oifigiúla atá i seilbh comhlachtaí poiblí;
- an ceart faisnéis phearsanta fúthu atá i seilbh comhlachtaí poiblí den sórt a cheartú nó a thabhairt cothrom le dáta más gá agus
- an ceart na cúiseanna le breitheanna comhlachtaí poiblí a dhéanann difear dóibh a bheith tugtha dóibh.

Athraíodh leis an Acht um Shaoráil Faisnéise an conradh sóisialta idir an tseirbhís phoiblí agus an pobal ó chonradh faoi rún arna rialú ag an Acht um Rúin Oifigiúla go conradh oscailte. Comhartha de dhaonlathas í an chuntasacht agus is í an trédhearcacht cloch choirnéil na cuntasachta. Is í seo príomhghné na SF. Is ionann an ceart rochtana ar fhaisnéis, faoi réir na ndíolúintí éagsúla atá san Acht um SF a

thugann cosaint d'aicmí áirithe faisnéise, agus ceart rochtana ar na taifid féin, agus ní ar leagan díobh, ná ar léirmhíniú orthu.

Dúradh go mion minic cheana féin gur píosa forásach, aislingeach reachtaíochta a bhfuil leas an phobail lárnach ann é an tAcht um SF agus is amhlaidh an cás i gcónaí. Is achoimre air sin a bhfuil i dteideal fada an Achta:

Acht dá chumasú do dhaoine den phobal rochtain a bheith acu, a mhéid is féidie é i gcomhréir le leas an phobail agus leis am gceart chun príobháideachta, chuuig faisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí agus dá chumasú do dhaoine a chur faoi deara go gceartófar faisnéis phearsanta a bhaineann leo agus atá i seilbh na gcomhlachtaí sin, do dhéanamh socrú maidir le ceart rochtana chuig taifid atá i seilbh na gcomhlachtaí sin,.....

Ba dhíol suntais é gur measadh SF a bheith sách práinneach agus sách tábhachtach le go ngníomhódh Uachtarán na Stát Aontaithe, Barack Obama, uirthi a thúisce is a chuaigh sé i mbun rialtais. Chuaigh an tosaíocht a thug sé don tSF agus an tsoiléireacht a bhí aige ina thograí i gcion orm. Agus gan é ach oirnithe chuir sé na gealltanais a bhí tugtha aige le linn a fheachtais i gcrích sé sin trédhearcacht níos fearr a chur chun cinn trí threoracha ar oscailteacht agus ar chuntasacht a eisiúint. Dúirt sé *"Starting today, every agency and department should know that this administration stands on the side not of those who seek to withhold information but those who seek to make it known."*

Rinneadh isteach is amach le 140,000 iarraidh ar rochtain ar fhaisnéis ar chomhlachtaí poiblí san aon bhliain déag a bhfuil an tSF i bhfeidhm. Tríd is tríd, géilleadh deonú go hiomlán do 50% de na hiarrataí seo agus géilleadh deonú go páirteach do 23% eile. Géilleadh deonú do bhreis is 70% d'iarrataí go pointe áirithe. I réimse na faisnéise pearsanta, lorg thart ar 85,000 duine rochtain ar fhaisnéis a bhí á sealbhú ag ospidéil, ranna Rialtais, údaráis áitiúla, coláistí tríú leibhéal agus comhlachtaí poiblí eile fúthu féin agus/nó faoina dteaghlaigh.

Is í mo bharúil, i mbliain inar ardaigh líon foriomlán na n-iarrataí SF den chéad uair ó 2005, go léiríonn na cineálacha taifead a mbítear á lorg go bhfuil úsáid níos stuama á baint as an Acht agus as a chur i bhfeidhm mar uirlis chun gurbh fhéidir cuntasacht cheart a chinntiú sa riarachán poiblí. Leagaim béim i gCaibidil 2 den tuarascáil seo ar shaincheisteanna ar tarraingíodh aird shuntasach orthu de bharr na húsáide a bhain na meáin as SF i rith na bliana. Caithim súil freisin ar ról na socraíochta atá ag m'Oifig sna hiarrachtaí a dhéanann sí chun cásanna a réiteach.

Tá fothoradh amháin ag gabháil leis an gcúlú eacnamaíochta agus is é sin gur tháinig ardú mór ar an éileamh ón bpobal maidir le trédhearcacht agus cuntasacht, sa tseirbhís phoiblí agus sna hinstitiúidí airgeadais go háirithe. De réir mar is léir don phobal go bhfuil gnóthachain airgeadais na ndeich mbliana seo caite ag dul i ndísc táthar ag fiafraí cén chaoi ar tharla an cor seo agus cén iompar a bhí faoi institiúidí éagsúla poiblí agus príobháideacha fad is a bhí an borradh ann agus dá éis.

Ba chóir go spreagfadh an cíocras chun faisnéise atá ann anois athmheasúnú ar ról na SF ó thaobh institiúidí den sórt a choimeád cuntasach as a ngníomhartha. Thug mé faoi deara roimhe seo an chaoi a bhfuil go leor d'institiúidí an stáit lasmuigh de scóip na SF agus áirítear leo sin an Banc Ceannais agus Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean agus An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. Thrácht mé roimhe seo chomh maith ar na forálacha rúndachta atá sa reachtaíocht faoinar bunaíodh líon áirithe de chomhlachtaí poiblí agus atá, de bhua na forála gan bheith san áireamh sa Tríú Sceideal den Acht um SF, lasmuigh de scóip an Achta um SF.

Roinnt de na breitheanna a d'eisigh m'Oifig sa bhliain 2008 atá faoi chaibidil i gCaibidil 3. Roghnaíodh na breitheanna seo le cur isteach mar go léiríonn siad forbairtí áirithe i ndáil le léirmhíniú agus le díolúintí an Achta um SF a chur i bhfeidhm nó mar gur samplaí iad d'fhadhbanna coitianta a dtagtar trasna orthu nuair a bhíonn breitheanna SF á ndéanamh.

Tá staitisticí a bhaineann le gníomhaíocht SF sa bhliain 2008 i ndáil le m'Oifig agus le comhlachtaí poiblí i gcoitinne i gCaibidil 4.

Cuirtear síos ar an ról ar leithligh atá agam mar Choimisinéir um Fhaisnéis faoin gComhshaol i gCuid II agus dírítear ar na chéad bhreitheanna a rinneadh ar achomhairc faoi na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol 2007.

Comhdháil ar Chomóradh 10 mbliana SF (15ú Bealtaine 2008)

Ar an 15ú Bealtaine 2008, thionóil mé comhdháil lae chun comóradh a dhéanamh ar an gcéad deich mbliana den SF in Éirinn. Súil siar ar ar baineadh amach go dáta agus súil chun cinn ar an dúshlán atá roimh an SF sa chéad deich mbliana eile a bhí i dtéama na comhdhála.

Tugadh téama na comhdhála san áireamh i bhfoilseachán m'Oifige dar teideal: 'Saoráil Faisnéise – An Chéad Deich mBliana'. Cur síos atá san fhoilseachán sin (atá ar fáil ag www.oic.ie) ar an tionchar a bhí ag an SF sa chéad deich mbliana, lena n-áirítear an tionchar a bhí ag cásanna arna gcinneadh ag m'Oifig, ar chaighdeáin sa chóras riaracháin phoiblí in Éirinn. Aithnítear ann nach ann do chomhdhearcadh na coitiantachta agus go bhfuil an dearcadh atá ag daoine faoina úsáidí agus faoina inmhianta is atá SF difriúil óna chéile; ní féidir é a shéanadh ach go bhfuil tionchar polaitiúil ag an SF. Tugadh rabhadh san fhoilseachán, agus an SF i mbun forbartha agus í anois sa dara deich mbliana eile, faoi gan maidí a ligean le sruth fad is a bhaineann sé le tábhacht na SF ó thaobh sochaí oscailte, liobrálach agus daonlathach a chaomhnú. Cuireadh an cheist, agus scrúdú á dhéanamh ar gach a bhfuil i ndán don SF, cibé an bhfuil sochaí na hÉireann chomh hoscailte léi sin i dtíortha eile a bhfuil caidreamh maith againn leo. Thaispeáin comparáid idir an chaoi a caitheadh le taifid slándála, chosanta agus chaidrimh idirnáisiúnta faoi réim na SF sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe agus staid reachtúil na tíre seo sna réimsí sin gur scaoil na tíortha sin faisnéis thábhachtach ach gur diúltú éigeantach a bheadh ar na hiarrataí céanna sa tír seo. Mar an gcéanna, is beag tír eile san Eoraip seachas Éirinn nach dtugann an fórsa póilíneachta san áireamh faoin dlí um SF agus is pointe é seo ar leag mé béim leagtha air go minic.

Rinneadh moladh láidir sa tráchtaireacht chun go ndéanfadh grúpa beag faoi Chathaoirleach neamhspleách athbhreithniú críochnúil ar an reachtaíocht SF atá sa tír seo. Iarrtar inti chomh maith go laghdófaí na táillí a ghearrtar as iarratas a dhéanamh ar m'Oifig ar athbhreithnithe inmheánacha agus ar athbhreithnithe agus moltar inti, de réir na Tuarascála is déanaí ón Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta

'Éire: I dTreo Seirbhís Phoiblí Chomhtháite', deireadh a chur leis na táillí 'aitheantais' a ghearrtar ar iarrataí.

Bhí áthas orm fáilte a chur roimh an Aire Airgeadais, Brian Ó Luineacháin, Uasal, T.D. chun an chomhdháil a oscailt sa chéad seachtain dó in oifig. Ba mhór againn óráidí a chloisteáil ó na daoine seo a leanas a roinn an taithí atá acu ar an SF linn:

- Ciarán Connolly, Ard-Rúnaí ar Bhainistiú agus Forbairt na Seirbhíse Poiblí sa Roinn Airgeadais
- Kevin Dunion, Coimisinéir Faisnéise na hAlban
- Graham Smith, Leas-Choimisinéir Faisnéise na Ríochta Aontaithe
- Maurice Frankel, Stiúrthóir ar an bhFeachtas um Shaoráil Faisnéise sa Ríocht Aontaithe
- Howard Back, Príomh-Chigire i Seirbhís Phóilíneachta Chathrach Londain ar scor
- Eamon Gilmore, T.D., Ceannaire Pháirtí an Lucht Oibre
- Donncha O'Connell, Déan le Dlí in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Ina theannta sin, chuir líon áirithe d'iriseoirí agus do dhaoine acadúla clúiteacha i réimse na SF dhá dhíospóireacht bhríomhara phainéil i láthair i gcomhar.

Is féidir a thuilleadh sonraí faoin gcomhdháil a fháil ar shuíomh gréasáin m'Oifige - www.oic.ie – agus taispeántar rogha íomhánna a tógadh ar an lá níos faide síos sa tuarascáil seo.

Comhthiomsú Staitisticí

I dTuarascáil na bliana anuraidh, chuir mé mo bhuíochas in iúl do na daoine siúd go léir a raibh lámh acu san fheabhas mór a tháinig ar a thráthúla is a sholáthraíonn comhlachtaí poiblí staitisticí do m'Oifig. Cuireann sé áthas orm a thabhairt le fios gur leanadh leis an bhfeabhas seo sa bhliain 2008 agus ba mhaith liom mo mheas ar iarrachtaí na ndaoine sin a chur ar taifead an athuair.

Leibhéal Iarrataí ar Chomhlachtaí Poiblí

Rinneadh isteach agus amach le 12,672 iarraidh ar chomhlachtaí poiblí faoin Acht um SF sa bhliain 2008. Is ionann an figiúr sin agus méadú 18% ar fhigiúr na bliana

2007 (10,704) agus 7% ar an mbliain 2006 (11,804). Is léiriú é gur iompaíodh rudaí droim ar ais ón laghdú a bhí ag teacht ar líon na n-iarrataí, gan 2005 a thabhairt san áireamh, ó tugadh isteach táillí ar iarrataí faoi Acht Leasaithe um SF na bliana 2003. Cé nach eol dom cúis shonrach ar bith a bheith leis an bhforbairt seo, d'fhéadfadh gur chúis áirithe amháin ab ea na scéalta ar tarraingíodh aird mhór orthu sna meáin a d'eascair as taifid a scaoileadh faoin Acht um SF sa dara leath den bhliain. Tugtar súil níos grinne ar sin i gCaibidil 2. Cibé cúis a bhí léi, fáiltítear roimh mhéadú ar bith san úsáid a bhaineann an pobal as SF agus is ábhar é seo a bheidh faoi athbhreithniú agam i dTuarascálacha Bliantúla sa todhchaí.

Líon na nIarrataí ar Chomhlachtaí Poiblí faoi réim an Achta um SF

1999	2000	2001	2002	2003	2004	2005	2006	2007	2008
11,531	13,705	15,428	17,196	18,443	12,597	14,616	11,804	10,704	12,672

Taispeántar an deich gcomhlacht phoiblí a bhí faoi réir ag an líon ba mhó iarrataí sa bhliain 2008 sa tábla seo a leanas (tá cúrsaí mar a bhí sa bhliain roimhe sin á dtaispeáint idir lúibíní). Mar a luadh i mo Thuarascáil sa bhliain 2007, is léargas iad staitisticí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar an struchtúr leasaithe réigiúnach a tugadh isteach sa bhliain 2007 agus dá réir ní féidir comparáid dhíreach bliain ar bhliain a dhéanamh don bhliain 2006 agus do bhlianta roimhe sin. Tá na staitisticí foriomlána d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le fáil i gCaibidil 4 (féach Tábla 8). Ní suimiúil amháin atá sa tábla seo is ea an t-ardú a tháinig ar na hiarrataí a fuair An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, ó 445 sa bhliain 2007 go 718 sa bhliain 2008 agus is ionann é sin agus ardú de 273 iarraidh nó 61%. Iarrataí ar fhaisnéis phearsanta ab ea formhór (228) an arduithe sin, ach ó tharla nach gcoinníonn an Roinn staitisticí ar líon na n-iarrataí a fhaigheann gach ceann dá rannóga, níl faisnéis ar bith agam faoina mhéid is a tháinig ardú ar réimsí éagsúla a bhfuil an Roinn freagrach astu.

Ord	Comhlacht Poiblí	2008	2007	2006
1	FSS – Ceantar an Deiscirt (1)	1,548	1,378	Níl i gceist
2	FSS – Ceantar an Iarthair (2)	1,362	1,257	Níl i gceist
3	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (6)	718	445	477
4	FSS – Ceantar Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh (3)	631	627	Níl i gceist
5	An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (7)	485	370	464
6	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (5)	457	470	1,108
7	FSS – Ceantar Bhaile Átha Cliath Lár-Laighean (4)	453	590	Níl i gceist
8	Ospidéal San Séam (10)	280	184	131
9	An Roinn Sláinte agus Leanaí (-)	227	147	217
10	Ospidéal na hOllscoile, An Mater Misericordiae (-)	219	181	170

Thrácht mé i mo Thuarascáil Bhliantúil don bhliain 2007 ar an laghdú mór a tháinig ar iarrataí a cuireadh faoi bhráid na dtrí Phríomh-Roinn Rialtais a liostaítear sa tábla thíos ón gcéad bhliain iomlán (2004) ó tugadh na táillí "aitheantais" isteach sa bhliain 2003. Is léir ó fhigiúirí na bliana 2008 gur iompaíodh an patrún seo droim ar ais, go háirithe maidir leis an Roinn Airgeadais ós gur tháinig ardú 131% ón mbliain 2004 go 2008 ar líon na n-iarrataí. Arís eile, cé nár tugadh cúis shonrach ar bith do m'Oifig faoin bhforbairt seo, creidim go bhféadfaí glacadh leis le réasún go bhfuil suim níos mó i dtaifid atá i seilbh an stáit faoi chúrsaí airgeadais phoiblí agus ábhair ghaolmhara de bharr cúinsí eacnamaíocha a bheith mar atá.

	2004	2005	2006	2007	2008	(2004 - 2008)
Roinn an Taoisigh	45	60	51	71	83	+ 84%
An Roinn Airgeadais	78	93	72	64	180	+ 131%
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	62	86	71	57	85	+ 37%

An Cineál Iarratais

Deimhníonn na figiúirí don chineál iarratais a rinneadh an t-ardú a tháinig ar líon foriomlán na n-iarrataí ón mbliain 2007 agus bhain an chuid ba mhó den ardú seo (1,195 as 1,972) le faisnéis nárbh fhaisnéis phearsanta í. Ach oiread leis an ardú foriomlán ar iarrataí is patrún é seo a choinneoidh mé faoi athbhreithniú.

An Cineál Iarrthóra

Is iad na gnáthdhaoine nó eagraíochtaí ionadaíocha (73%) fós a dhéanann formhór na n-iarrataí um SF. Iriseoirí (15%), gnóthaí (6%), baill foirne comhlachtaí poiblí (5%) agus comhaltaí den Oireachtas (1%) na cineálacha iarrthóirí eile a bhí i gceist. Is ionann na figiúirí seo agus figiúirí na mblianta roimhe sin, a bheag nó a mhór, ach amháin an leibhéal céatadáin d'iarrataí a rinne iriseoirí gur mhór an t-ardú 15% a tháinig air ó 8% sa bhliain 2007. D'fhéadfadh arís eile, gur cruthúnas iad na ceannlínte bunaithe ar thaifid a fuarthas ón SF go bhfuil úsáid níos fearr á baint ag na meáin chumarsáide as an Acht um SF agus fáiltítear roimhe sin.

Rátaí Scaoilte Taifead

Géilleadh deonú go hiomlán do 55% de na hiarrataí ar dhéileáil na comhlachtaí poiblí go léir leo sa bhliain 2008 agus géilleadh deonú do 22% eile go páirteach. Is éard is brí leis seo, má chuirtear an 1% d'iarrataí a aistríodh agus an 10% d'iarrataí a tarraingíodh siar nó a láimhseáladh taobh amuigh de SF san áireamh, gur diúltaíodh do 12% d'iarrataí sa bhliain 2008. Cé go bhféadfaí figiúirí foriomlána ar rátaí scaoilte a chur i gcomparáid le 2007 agus le blianta roimhe sin, is comhartha é an 12% sa ráta diúltaithe don bhliain 2008 go bhfuil laghdú céim ar chéim ag teacht i dtreocht na rátaí diúltaithe le blianta beaga anuas. Fáiltím roimh an treocht seo.

Bhí difríocht idir na hearnálacha maidir lena rátaí scaoilte taifead, amhail mar a tugadh faoi deara sna blianta roimhe sin chomh maith. Taispeántar an ráta iomlán scaoilte ó údaráis áitiúla (54%), ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (70%), ó institiúidí tríú leibhéal (48%), na hospidéil shaorálacha/gníomhaireachtaí meabhairshláinte/comhlachtaí deonacha (70%), agus comhlachtaí eile (55%) i gCaibidil 4 (Tábla 5). Is ag an Státseirbhís (36%) fós atá an ráta scaoilte is ísle i gcomparáid leis na hearnálacha eile, agus tá a ráta beagnach díreach mar an gcéanna le ráta 35% na bliana 2007.

Tacaíonn na figiúirí seo leis an tátal a bhain mé as figiúirí 2007 gur cosúil gur cur chuige níos srianta sa Státseirbhís ná mar atá sna hearnálacha eile ó thaobh rochtain a thabhairt ar fhaisnéis is cúis leis na rátaí scaoilte níos ísle. Treocht eile gur léir í ó fhigiúirí 2008 is ea an laghdú atá fós ag teacht ar na ráta scaoilte in institiúidí tríú leibhéal a thit 48% i gcomparáid le 58% sa bhliain 2007 agus 64% sa bhliain 2006. Ceist í seo a bheidh faoi chaibidil agam arís i dtuarascálacha sa todhchaí.

Iarratais chun m'Oifige i gcomhair Athbhreithniú

Féadfaidh iarrthóir, i gcás nach mbíonn sé/sí sásta le breith an chomhlachta phoiblí ar a iarraidh/a hiarraidh SF, iarratas a dhéanamh chun m'Oifige chun athbhreithniú a dhéanamh ar an mbreith sin. Is ionann an t-athbhreithniú seo, i bhformhór na n-imthosca, agus an tríú hanailís agus an tríú breith ar an gcás sin. Ceangal dlíthiúil is ea an bhreith a ghabhann le m'athbhreithniú agus féadfar achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar phonc dlí agus ar phonc dlí amháin.

Ba 304 líon na n-iarratas a rinneadh chun m'Oifige chun athbhreithniú a dhéanamh orthu sa bhliain 2008 agus ba laghdú 49 cás, nó 14%, ar an mbliain 2007 é sin. Glacadh 228 de na hiarratais sin chun athbhreithniú a dhéanamh orthu sa bhliain 2008 mar a thaispeántar i gCaibidil 4 (Tábla 13) i gcomparáid leis an 248 iarratas ar glacadh leo sa bhliain 2007. Tá an titim seo ag teacht leis an laghdú foriomlán i líon na n-iarrataí ar léir iad ón mbliain 2003 i leith agus dá réir beidh sé suimiúil a fháil amach cibé an mbeidh tionchar ag an ardú sa líon iarrataí a fuair comhlachtaí poiblí sa bhliain 2008 ar iarratais a fuair m'Oifig sa bhliain 2009.

Thrácht mé i mo Thuarascáil Bhliantúil don bhliain 2007 ar an laghdú mór a tháinig ar an gcomhréir iarratas a cuireadh faoi bhráid m'Oifige agus a bhain le faisnéis phearsanta agus luaigh mé go raibh sé beartaithe agam é seo a choinneáil faoi athbhreithniú chun a fháil amach cibé ar laghdú aon uaire a bhí ann nó nárbh ea. Cé gur ardú é an figiúr ábhartha de 31% don bhliain 2008 ar an bhfigiúr íseal 24% sa bhliain 2007, is figiúr é atá fós níos ísle ná an ráta 40% nó níos mó a bhí á fháil ag m'Oifig blianta roimhe sin.

Ba 1.8% i gcomparáid le 2.3% sa bhliain 2007 agus le 2.2% sa bhliain 2006, mar chéatadán den líon iomlán iarrataí a fuair comhlachtaí poiblí, comhréir na gcásanna a

ndearnadh achomharc orthu chun m'Oifige, agus ar glacadh leo chun athbhreithniú a dhéanamh orthu. Tá briseadh síos de na comhlachtaí poiblí lena mbaineann agus ábhar na n-iarratas ar athbhreithniú ar glacadh leo le fáil i gCaibidil 4 (Tábla 15 agus 17). 5.3% an líon agóidí tríú páirtithe a rinneadh i gcoinne faisnéis a scaoileadh i gcomparáid le 8.1% sa bhliain 2007 agus 2.8% sa bhliain 2006. D'ardaigh agus d'ísligh an figiúr seo go mór in imeacht na mblianta ach ó tharla gur beag an líon glan cásanna (12, 20, agus 7 sa bhliain 2008, 2007 agus 2006 faoi seach) d'fhéadfadh gur mhór an t-athrú a thiocfadh ar an bhfigiúr céatadáin dá dtiocfadh athrú sách beag ar líon na gcásanna.

Iarrataí a mheastar a bheith diúltaithe

Leagann an tAcht um SF teorainneacha ama ar chomhlachtaí poiblí maidir le céimeanna éagsúla d'iarraidh um SF .i. ba chóir breith ar iarraidh a eisiúint taobh istigh de cheithre seachtaine agus, i gcás iarratas ar athbhreithniú inmheánach, ba chóir breith ar athbhreithniú inmheánach a eisiúint taobh istigh de thrí seachtaine. Ciallaíonn sárú ar na teorainneacha ama seo (cibé an ionann sin agus gan breith a dhéanamh nó breith dheireanach a dhéanamh ag céim an athbhreithnithe inmheánaigh) go bhfuil an ceart ag iarrthóir glacadh leis go bhfuil diúltú measta tugtha don rochtain, agus go bhfuil an t-iarrthóir i dteideal iarratas a dhéanamh ar m'Oifig ar athbhreithniú ar dhiúltú measta den sórt.

Ba chás imní dom an líon cásanna a bhí á bhfáil ag m'Oifig nach raibh freagra ar bith nó freagra déanach faighte ag an iarrthóir ón gcomhlacht poiblí lena mbaineann. Ba sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2007 an chéad uair ar liostaigh mé na huaireanta sin ina raibh iarratas faighte ag m'Oifig de bharr nár thug comhlachtaí poiblí freagra ar bith nó gur thug siad freagra déanach ar iarrataí SF, ag céim an athbhreithnithe bhunaidh agus ag céim an athbhreithnithe inmheánaigh araon den phróiseas, agus d'impigh mé ar chomhlachtaí poiblí gach iarracht a dhéanamh chun a chinntiú nach dtarlódh sin arís. Is léir gurb é an cás imní is mó atá agam nach bhfuil freagra á thabhairt, ar cibé cúis, ar roinnt iarrataí ar chor ar bith. Cé go mbailíonn Aonad an Bheartais Lárnaigh sa Roinn Airgeadais staitisticí ar an leibhéal foriomlán úsáide a bhaintear as an Acht um SF, chinn mé go leanfadh m'Oifig le monatóireacht a dhéanamh ar neamh-chomhlíonadh an Achta i ndáil leis na cásanna sin gur iarratais ar athbhreithniú is ábhar dóibh. Tá sé i gceist agam an réimse sin a choinneáil faoi ghrinnscrúdú.

Is léir ó na figiúirí ábhartha don bhliain 2008 a chuirtear i láthair i dTábla 20 i gCaibidil 4 gurbh ann do 17 babhta nár chomhlíon comhlachtaí poiblí ceanglais an Achta. Go deimhin, as na 13 comhlacht a liostaíodh mar chomhlachtaí nár thug freagra ar iarraidh sa bhliain 2007, liostaíodh seacht gcinn díobh an athuair sa bhliain 2008. Mar a thrácht mé i dtuarascáil na bliana 2007, ní féidir glacadh leis ar chor ar bith go dteipfeadh ar chomhlachtaí poiblí déanamh de réir a ndualgas reachtúil agus gan freagra a thabhairt, nó freagra déanach a thabhairt ar iarrataí SF. Ar mhaithe le cothromaíocht, ghlac mé orm féin breithniú a dhéanamh agus tuairisc a thabhairt ar an míniú a thugann comhlachtaí poiblí do m'Oifig ina n-éilítear nach bhféadfaí, ar cibé cúis, freagra a thabhairt taobh istigh de na spriocdhátaí arna bhforchur ag an Acht um SF.

Táillí Faighte

Cuireadh táille iarratais "aitheantais' ar iarrataí áirithe SF, ar athbhreithnithe inmheánacha agus ar iarratais ar athbhreithniú a dhéantar ar m'Oifig i bhfeidhm ar an 7ú Iúil 2003. Is iad seo a leanas na táillí iníoctha i gcás go ndéanfaí iarraidh ar fhaisnéis nach faisnéis phearsanta faoin iarrthóir í:

- €15 ar iarraidh SF (laghdaithe go €10 ar shealbhóirí cártaí liachta agus a gcleithiúnaithe)
- €75 ar iarraidh ar athbhreithniú inmheánach ar bhreith SF (laghdaithe go €25 ar shealbhóirí cártaí liachta agus a gcleithiúnaithe)
- €150 ar iarratas ar m'Oifig ar athbhreithniú ar bhreith SF (laghdaithe go €50 ar shealbhóirí cártaí liachta agus a gcleithiúnaithe)
- €50 ar iarratas, ó thríú páirtí lena mbaineann na taifid, ar m'Oifig ar athbhreithniú ar bhreith SF chun rochtain ar mhaithe le leas an phobail a thabhairt ar thaifid, tar éis nósanna imeachta comhairliúcháin faoi alt 29.

Cuireadh 121 iarratas ar athbhreithniú, ar ar íocadh táille, chuig m'Oifig sa bhliain 2008. Ba €15,350 an tsuim iomlán a fuair m'Oifig i dtáillí iarratais sa bhliain 2008 agus aisíocadh €5,400 den tsuim sin ar chúiseanna éagsúla a d'fhág gur €9,950 an tsuim iomlán a fuarthas.

Eisíodh aisíocaíochtaí de €5,400 san iomlán ar na cúiseanna seo a leanas:

- €5,100 mar gheall gur diúltaíodh do na hiarratais a bhí i gceist de bharr gur iarratais neamhbhailí a bhí iontu, gur tarraingíodh siar iad nó dtángthas ar réiteach orthu;
- €150 de bharr nár eisigh an comhlacht poiblí breith ná breith ar athbhreithniú inmheánach taobh istigh de na teorainneacha ama agus gur tugadh stádas 'diúltú measta' dó dá bharr (dá dtagraítear in alt 41 den Acht um SF) agus ní ghearrtar táille iarratais air sin; agus
- €150 de bharr gur ró-íocaíocht a bhí ann.

Ní bhíonn a fhios ag a lán daoine a dhéanann iarratas ar m'Oifig go ngearrtar táille iarratais as iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú ar iarraidh SF lena mbaineann iarraidh ar rochtain ar fhaisnéis nach faisnéis phearsanta de chuid an iarratasóra í. Más rud é go bhfaightear iarratas den sórt, ní iarratas bailí é go dtí go n-íoctar an táille chuí. Scríobh m'Oifig chuig an iarratasóir, i 45 cás sa bhliain 2008, chun a chur in iúl dóibh go ngearrfaí táille orthu i gcás gur faisnéis nach faisnéis phearsanta fúthu féin amháin a bheadh san fhaisnéis iarrtha. Tríd is tríd, d'íoc na hiarratasóirí lena mbaineann an táille fhorordaithe. I roinnt cásanna d'athraigh iarratasóir scóip a n-iarratais ionas nach mbeadh i gceist ann ach faisnéis phearsanta fúthu féin amháin agus sa tslí sin fuarthas réidh leis an ngné sin den iarratas a ngearrfaí táille uirthi. Measadh gur iarratais neamhbhailí a bhí i líon áirithe iarratas (10) de bharr nár íocadh an táille chuí.

Athbhreithníu ar Bhreitheanna

Sa bhliain 2008 rinne mé athbhreithniú ar 259 breith a thug comhlachtaí poiblí i gcomparáid le 325 sa bhliain 2007 agus le 292 sa bhliain 2006. Is iomaí cúis leis an laghdú seo, lena n-áirítear a chasta is a bhí roinnt athbhreithnithe agus gur dhírigh m'Oifig isteach níos mó ar chásanna níos sine a gcaitear níos mó ama leo tríd is tríd. Bhí 224 athbhreithniú idir lámha ag m'Oifig ag tús na bliana 2008 agus glacadh le 228 cás breise sa bhliain 2008. D'fhág an 259 athbhreithniú a cuireadh i gcrích sa bhliain 2008 go raibh 193 athbhreithniú san iomlán fós ar láimh ag deireadh na bliana. Táim sásta go bhfuil an riaráiste cásanna atá idir lámha fós á laghdú agus gur laghdú mór é ar an 796 cás a bhí idir lámha ag deireadh na bliana 2003. D'ainneoin an riaráiste a bheith ag laghdú, laghdú a bhfáiltítear roimhe, b'údar mór imní an tsaincheist seo dom agus is údar mór imní dom í fós agus tá m'Oifig i mbun oibre chun an riaráiste a laghdú a thuilleadh sa bhliain 2009.

An tAm a Ghlac Athbhreithnithe

Chuir m'Oifig 259 athbhreithniú i gcrích sa bhliain 2008 agus tá briseadh síos orthu le fáil sa tábla seo thíos, de réir na bliana ina bhfuair m'Oifig an cás.

Forálann an tAcht um SF gur chóir do m'Oifig athbhreithnithe a chur i gcrích a luaithe is is féidir agus, a mhéid is indéanta, tráth nach déanaí ná ceithre mhí tar éis di an t-iarratas a fháil. I dtuarascálacha roimhe seo, thuairiscigh m'Oifig ar amanna críochnaithe bunaithe ar na hiarratais a fuarthas sa bhliain féilire arna tuairisciú sa tuarascáil seachas ar an líon athbhreithnithe a cuireadh i gcrích an bhliain sin. Creidim dá ndéanfaí anailís ar líon na n-athbhreithnithe a chuirtear i gcrích gur shoiléire an léamh. Dá réir sin, as an 259 athbhreithniú a cuireadh i gcrích sa bhliain 2008 (féach tábla thíos) cuireadh 88 nó 34% de na hathbhreithnithe sin i gcrích taobh istigh de cheithre mhí tar éis a nglactha. Ní féidir comparáid a dhéanamh le staitisticí blianta eile sna himthosca. Mar sin féin nuair a bheidh tuarascáil bhliantúil na bliana 2009 á cur i dtoll a chéile déanfar comparáid le figiúr na bliana 2008 agus beidh sí san áireamh sa tuarascáil.

Ar mhaithe lena thaifeadadh agus ar mhaithe le bailchríoch a chur ar an gcomparáid a dhéantar bunaithe ar iarratais a fuarthas sa bhliain 2008, as an líon iomlán de 228 athbhreithniú a fuarthas agus ar glacadh leo sa bhliain 2008, cuireadh 107 nó 47% díobh sin i gcrích sa bhliain 2008 agus cuireadh 62 nó 27% díobh i gcrích taobh istigh den teorainn ama ceithre mhí. B'ionann sin agus ardú ar an 25% d'iarratais a fuarthas agus ar glacadh leo sa bhliain 2007.

Tá sé tábhachtach comh maith é a choinneáil i gcuimhne go mbaineann saincheisteanna casta agus/nó líon mór taifead a bhféadfadh sé go gcaithfí i bhfad níos mó ama leo ná an teorainn ama de cheithre mhí a shamhlaítear faoin Acht um SF, le hathbhreithnithe ar bhreitheanna SF go minic. Mar sin féin ó harla gur mór an laghdú atá tagtha ar an riaráiste de chásanna níos sine, sea is fearr is féidir le m'Oifig díriú ar athbhreithnithe de réir mar a fhaightear iad.

Athbhreithnithe a cuireadh i gcrích sa bhliain 2008 (de réir bliain a bhfaighte)

Bliain	2003	2004	2005	2006	2007	2008	Iomlán
Líon	3	6	10	41	92	107	259

Toradh Athbhreithnithe

Níor bhain breitheanna foirmiúla a eisiúint le gach ceann de na hathbhreithnithe a críochnaíodh: rinneadh roinnt díobh a scor, tarraingíodh siar roinnt díobh, agus cuireadh socrú i bhfeidhm maidir le roinnt eile.

Breitheanna Foirmiúla

D'eisigh mé 113 breith fhoirmiúil sa bhliain 2008 agus is ionann an líon sin agus 44% de na cásanna go léir ar déileáladh leo le linn na bliana. Dhaingnigh mé breith an chomhlachta phoiblí i 82 (72%) de na breitheanna foirmiúla agus d'athraigh mé 21 (19%) de na breitheanna agus neamhnigh mé an 10 (9%) eile. Déantar comparáid idir an líon sin agus an 66% de na breitheanna a daingníodh sa bhliain 2007 agus an 76% a daingníodh sa bhliain 2006.

Socraíochtaí agus Iarrataí a Tarraingíodh Siar

Forálann an tAcht um SF go bhféadfaidh mé tráth ar bith le linn athbhreithniú féachaint le socraíocht a dhéanamh idir na páirtithe maidir leis na taifid a bheidh le scaoileadh. D'fhéadfadh i roinnt cásanna go n-aontódh iarrthóirí fócas an athbhreithnithe a chúngú ach a bheith sásta taifid ar bheag faisnéise a bheadh le fáil astu nó nach mbeadh faisnéis ar bith le fáil astu a chur as an áireamh. D'fhéadfaí i gcásanna eile teacht ar aontú go scaoilfí taifid bhreise a bheadh taobh amuigh de scóip na buniarrata agus nár ghá domsa breith fhoirmiúil a thabhairt ar an gcás. Mholfainn do chomhlachtaí poiblí faoi mar a dhéanaim i gcónaí, agus iad ag déileáil le hiarrataí, dul i dteagmháil go díreach le hiarrthóirí d'fhonn socraíochtaí a dhéanamh sna cásanna siúd nach dóigh go ngéillfear go hiomlán don iarraidh.

Rinne m'Oifig socraíocht ar 54 cás sa bhliain 2008. Is ionann sin agus beagnach 21% de na hathbhreithnithe go léir a cuireadh i gcrích le linn na bliana i gcomparáid le thart ar 17% sa bhliain 2007, 9% sa bhliain 2006 agus 10% sa bhliain 2005. Fáiltím roimh an ardú seo sa ráta socraíochtaí ó tharla go dtugann sé d'éifeacht d'intinn an

Achta um SF .i. gur chóir cásanna a chur i gcrích ní hé amháin é trí bhíthin breith fhoirmiúil ach trí bhíthin breith neamhfhoirmiúil, más cuí.

Sa bhliain 2008, ba 33% de na hathbhreithnithe go léir a cuireadh i gcrích an líon de na hathbhreithnithe ar tharraing iarratasóirí siar iad. Cuirtear an céatadán sin i gcomparáid le 35% sa bhliain 2007 agus le 23% sa bhliain 2006 agus 2005 araon. Is de bharr plé mionsonraithe idir an t-iarratasóir agus ball de m'fhoireann a tharraingítear siar an t-iarratas i bhformhór na gcásanna ina dtarraingítear siar an t-iarratas agus is minic go scaoileann an comhlacht poiblí taifid ag céimeanna éagsúla den athbhreithniú mar thoradh air sin.

Is féidir mionscrúdú ar an gcineál cásanna seo ar socraíocht nó tarraingt siar a dtoradh a léamh i gCaibidil 2 den Tuarascáil seo.

Cásanna a Scoireadh

Ba 2.7% de na hathbhreithnithe a cuireadh i gcrích an céatadán de chásanna a scoireadh sa bhliain 2008. Cuirtear é sin i gcomparáid le 2.2% sa bhliain 2007 agus le 2.7% sa bhliain 2006.

Gnáthfhiosruithe

Cuireadh 1,100 gnáthfhiosrú ar m'Oifig sa bhliain 2008 – tháinig an duine é/í féin isteach chun a fhiosrú/a fiosrú a dhéanamh i 8 gcinn de na cásanna sin, fiosruithe i scríbhinn ab ea 269 díobh agus rinneadh 823 de na fiosruithe ar an teileafón. Ní bhaineann na gnáthfhiosruithe seo le hathbhreithniú ar leith ar bith. Is iondúil gur iarrataí iad ar fhaisnéis faoi m'Oifig nó faoi oibriú an Achta, chomh maith le nithe atá taobh amuigh de mo shainchúram mar Choimisinéir Faisnéise.

Fógraí Reachtúla

Comhoibríonn formhór na gcomhlachtaí poiblí go hiomlán le m'Oifig ó thaobh faisnéis a chur ar fáil cibé ar aighneachtaí, taifid ar ábhar athbhreithnithe, ráitis maidir le cúiseanna na breithe agus araile iad. Is mór agam an leibhéal seo de chomhoibriú seo a fháil. Tá forálacha sonracha san Acht um SF a bhaineann le taifid agus faisnéis a sholáthar do m'Oifig. Áirítear iad seo a leanas orthusan:

- alt 37 den Acht a thugann an chumhacht dom a cheangal ar aon duine faisnéis agus/nó taifid a sholáthar agus dul isteach in áitreabh atá á áitiú ag comhlacht poiblí chun na gcríoch faisnéis ar bith a fháil ar gá í maidir leis na críocha chun athbhreithniú a sheoladh agus
- alt 35 den Acht a thugann an chumhacht dom a ordú do cheann comhlachta phoiblí, má measaim nach leor na cúiseanna atá le breith, ráiteas iomlán maidir leis na cúiseanna atá leis an mbreith a thabhairt don iarrthóir lena mbaineann agus do m'Oifig.

Sheirbheáil mé ceithre fhógra sa bhliain 2008 faoi alt 37 ar chomhlachtaí poiblí nár chomhoibrigh le m'Oifig tar éis an ghnáth-chomhfhreagrais a eisiúint. Seirbheáladh ceann de na fógraí sin ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte – Ceantar Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh agus ceann eile ar an Roinn Iompair. B'éigean dom dhá fhógra faoi alt 37 a sheirbheáil ar an gComhairle Ealaíon. B'údar imní dom gur ghá dom dhá fhógra a sheirbheáil ar chomhlacht ar beag an ghníomhaíocht SF a ghabhann leis (12 iarraidh faighte sa bhliain 2008 agus 6 athbhreithniú san iomlán a rinne m'Oifig ón mbliain 1998 i leith).

Níor chall dom feidhm a bhaint as forálacha alt 35 le linn 2008.

Fógraí Reachtúla a Eisíodh ar Chomhlachtaí Poiblí

Comhlacht Poiblí	Fógraí Alt 35 a Eisíodh	Fógraí Alt 37 a Eisíodh
FSS – Ceantar Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh	0	1
An Roinn Iompair	0	1
An Chomhairle Ealaíon	0	2
Iomlán: 2008	**0**	**4**
Iomlán: 2007	**0**	**1**
Iomlán: 2006	**0**	**5**

Deimhnithe Reachtúla arna n-eisiúint ag Airí / Ard-Rúnaithe

Tugadh isteach forálacha leis an Acht Leasaithe um SF sa bhliain 2003 trína bhféadfaí taifid ar leith a bhaint as scóip an Achta um SF trí dheimhniú a fháil ó Aire den Rialtas nó ó Ard-Rúnaí de Roinn. Tá na forálacha iomchuí le fáil in ailt 19, 20 agus 25 den

Acht um SF ina bhforáiltear chomh maith nach mór tuarascáil ina sonrófar an líon deimhnithe den sórt a eisítear a chur ar aghaidh chuig m'Oifig.

Alt 19

Is díolúine shainordaitheach atá in alt 19 trína gcosnaítear taifead ar bith a bhaineann leis an Rialtas nó leis an gComh-Aireacht. Leasaíodh le hAcht na bliana 2003 an sainmhíniú a thugtar ar Rialtas chun go bhfolófaí leis coiste oifigeach arna cheapadh ag an Rialtas chun tuairisciú go díreach dó agus arna dheimhniú mar choiste den sórt trí bhíthin deimhnithe i scríbhinn ó Ard-Rúnaí an Rialtais.

Chuir Ard-Rúnaí an Rialtais in iúl dom nár eisigh sé deimhniú ar bith faoi alt 19 sa bhliain 2008.

Alt 20

Is díolúine lánroghnach atá in Alt 20 a d'fhéadfadh taifid áirithe a bhaineann le próisis phléite comhlachta phoiblí a chosaint. I gcás Roinn Stáit, eiseoidh an tArd-Rúnaí deimhniú i scríbhinn ina mbeidh le rá ann go bhfuil ábhar i dtaifead ar leith a bhaineann le próisis phléite na Roinne sin. Más rud é go n-eisítear deimhniú den sórt, ní féidir an taifead a shonraítear a scaoileadh faoi scóip an Achta um SF. Déantar díolúine shainordaitheach den díolúine i ndáiríre. Déanfaidh an t-Ard-Rúnaí deimhniú ar bith den sórt a chúlghairm in am is i dtráth trí dheimhniú i scríbhinn a eisiúint.

Chuaigh m'Oifig i gcomhairle le gach Ard-Rúnaí agus cuireadh in iúl don Oifig nár eisíodh aon deimhniú nua faoi alt 20 sa bhliain 2008.

Cuireadh in iúl dom chomh maith nach ndearnadh an deimhniú faoi alt 20 a d'eisigh Ard-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar an 11ú Lúnasa 2006 agus dá dtagraítear i dTuarascálacha roimhe seo, a chúlghairm i gcomhréir le forálacha alt 20 (1A) (b). Dá réir sin tá feidhm leis i gcónaí. Ceanglaím cóip den fhógra in Aguisín I den Tuarascáil seo.

Alt 25

Más rud é gur deimhin le hAire den Rialtas gur taifead díolmhaithe de bhua alt 23 (forfheidhmiú an dlí agus sábháilteacht an phobail) nó alt 24 (slándáil, cosaint, agus

caidreamh idirnáisiúnta) an taifead, agus go bhfuil an taifead sách íogair nó sách tromaí chun gur chóir dó nó di déanamh amhlaidh, féadfaidh an tAire sin a dhearbhú, i ndeimhniú a eiseoidh sé nó sí faoi alt 25(1) gur taifead é atá díolmhaithe óna fheidhmiú faoin Acht um SF. Ní mór don Aire (do na hAirí) atá i gceist tuarascáil faoin líon deimhnithe a eisíodh agus na forálacha d'alt 23 nó d'alt 24 den Acht um SF a bhfuil feidhm acu maidir leis an taifead (na taifid) díolmhaithe a thabhairt do m'Oifig gach bliain. Níor mhór domsa cóip d'aon tuarascáil den sórt a chur mar fhoscríbhinn le mo Thuarascáil Bhliantúil don bhliain atá i gceist.

Chuaigh m'Oifig i gcomhairle le gach Ard-Rúnaí agus cuireadh in iúl don Oifig nár eisigh Aire ar bith aon deimhniú nua faoi réim alt 25 sa bhliain 2008. Tá an deimhniú a ndearna an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ("An tAire") athnuachan air ar an 11ú Iúil 2007, agus dá dtagraítear i mo Thuarascáil Bhliantúil don bhliain 2007, fós i bhfeidhm. Ina theannta sin, cuireadh in iúl dom go ndearna an tAire, ar an 20ú Feabhra agus an 14ú Márta 2008 faoi seach, dhá dheimhniú faoi alt 25 atá i bhfeidhm cheana a athnuachan ar feadh dhá bhliain eile. Ceanglaím cóip den fhógra ón Ard-Rúnaí in Aguisín I den Tuarascáil seo.

Tugadh fógra i bhfoirm litreach dom dar dáta an 24ú Márta 2009, gur deimhin, de bhua alt 25(7) den Acht um SF, leis An Taoiseach, An Tánaiste agus leis an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus leis an Aire Airgeadais, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na trí dheimhniú (ceann amháin a ndearnadh é a athnuachan sa bhliain 2007 agus péire a ndearnadh iad a athnuachan sa bhliain 2008) a raibh feidhm leo maidir leis an mbliain dár críoch Aibreán 2008, nár ghá cúlghairm cheann ar bith de na trí dheimhniú a bhí i gceist a iarraidh. Ceanglaím cóip den fhógra in Aguisín II den Tuarascáil seo.

Achomhairc chun na hArd-Chúirte

Ó tionscnaíodh an tAcht um SF, tá ceart achomhairc chun na hArd-Chúirte ar phonc dlí ag páirtí in athbhreithniú a rinne m'Oifig, nó ag aon duine eile a ndéanann breith ar athbhreithniú den sórt difear dó nó di. Foráiltear chomh maith leis an Acht Leasaithe um SF 2003 go bhféadfaí achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Uachtaraí i gcoinne bhreithiúnas na hArd-Chúirte.

Tharla lear mór gníomhaíochta ó thaobh na dlíthíochta de le bliain anuas. Thug an Ard-Chúirt breithiúnais ar dhá achomharc a rinneadh i gcoinne bhreitheanna m'Oifige. Seasadh le hachomharc amháin agus rinneadh an ceann eile a dhíbhe. Tugtar achoimre ar an dá achomharc sin i gCaibidil 2 den Tuarascáil seo.

Éisteadh leis an gcéad achomharc – **An tAire Oideachais & Eolaíochta – v- An Coimisinéir Faisnéise: [2008] IEHC 279** – i mí Iúil 2008 a bhain le cúig bhreith chosúla arna n-eisiúint ag m'Oifig i mí na Nollag 2005 agus thug an Ard-Chúirt a breithiúnas i mí Lúnasa 2008.

Éisteadh leis an dara hachomharc – **Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte - v- An Coimisinéir Faisnéise: [2008] IEHC 298** – i mí Iúil 2008 a bhain le breith a d'eisigh m'Oifig i Márta 2007 agus thug an Ard-Chúirt a breithiúnas i nDeireadh Fómhair 2008.

Bhíothas ag feitheamh ar bhreithiúnas na hArd-Chúirte ar achomharc ar éisteadh leis ar dhátaí éagsúla sa bhliain 2007 agus 2008 agus ar achomharc ar éisteadh leis i mí na Samhna 2008 tráth a raibh an tuarascáil seo á scríobh. Tá cás amháin a tionscnaíodh i gcoinne breithe ar athbhreithniú SF sa bhliain 2008 fós ag an réamhchéim.

Cuireadh seacht n-achomharc eile chun na hArd-Chúirte i gcrích sa bhliain 2008 faoi mar seo a leanas:

- thángthas ar réiteach ar cheann amháin trí bhíthin ordú cúirte;
- cuireadh trí cinn faoi bhráid m'Oifige an athuair tar éis comhaontaithe go ndéanfaí iad a bhreithniú as an nua – tarraingíodh siar ceann amháin díobh seo ina dhiaidh sin;
- tarraingíodh siar péire sular éist an t-achomharcóir leo (comhlacht poiblí sa dá chás);
- chaith an Chúirt ceann eile amach.

Athbhreithniú Seachtrach ar Leagan Amach agus ar Ábhar Breitheanna

I mo Thuarascáil Bhliantúil don bhliain 2007, thagair mé d'athbhreithniú ar leagan

amach agus ar ábhar na mbreitheanna a bhí ar bun ag saineolaí seachtrach. Ba é cuspóir an athbhreithnithe a fháil amach cibé an raibh na cuspóirí bunaidh go háirithe ó thaobh an leagain amach atá orthu, a shoiléire is atá siad agus ó thaobh iad a bheith slán ó thaobh an dlí de á gcomhlíonadh fós ag na breitheanna i scríbhinn a dhéantar ar athbhreithnithe a dhéanann m'Oifig. Rinneadh comparáid san athbhreithniú idir breitheanna na hÉireann agus breitheanna Coimisinéirí Faisnéise i ndlínsí eile ó thaobh stíle agus leagain amach de. Cinneadh sa tuarascáil go raibh struchtúr maith faoi na breitheanna tríd is tríd agus gur bhreitheanna réasúnaithe a bhí iontu agus go raibh siad ag teacht le haidhm na hOifige ó thaobh dea-chinnteoireacht SF a chur chun cinn. Bhí moltaí a cuireadh i bhfeidhm sa bhliain 2008 agus a bhain den chuid ba mhó leis an leagan amach a bhí ar na breitheanna agus leis an mbealach ab éifeachtaí chun na breitheanna a thabhairt le fios, i gconclúid an athbhreithnithe. Tugadh leagan amach níos giorra agus níos struchtúrtha isteach in áit na litreach ina mbíodh an bhreith a sheoltaí chuig an iarratasóir aonair agus bíonn leathanach clúdaigh leis ina mbíonn achoimre ar an mbunús dlí a bhíonn le hathbhreithniú agus fionnachtana an cháis. Táim sásta go bhfuil an leagan amach leasaithe seo níos soiléire agus níos oiriúnaithe d'iarratasóirí agus do chomhlachtaí poiblí le húsáid agus go mbíonn sé níos furasta do chleachtóirí SF rochtain a fháil ar an anailís a bhíonn ann ar na díolúintí ábhartha.

Cúrsaí Foirne

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe san Oifig as an tacaíocht a thug siad dom i gcaitheamh na bliana 2008. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil go háirithe leis an Ard-Stiúrthóir, Pat Whelan, agus leis na hImscrúdaitheoirí Sinsearacha - Seán Garvey, Fintan Butler (go dtí Meán Fómhair 2008) agus Elizabeth Dolan (ó Mheán Fómhair 2008) – as a gcion oibre agus le Marie O'Brien, Phyllis Flynn, foireann m'Oifige agus foireann Aonaid na Cumarsáide agus Theicneolaíocht na Faisnéise as an gcúnamh a thug siad chun an Tuarascáil seo a chur i dtoll a chéile.

Tharla líon áirithe d'athrúchán foirne sa bhliain 2008 de bharr cúinsí amhail an beartas soghluaisteachta foirne a fhorfheidhmiú agus baill foirne a bhog de bharr beartas díláraithe an Rialtais. Bhog Fintan Butler, Imscrúdaitheoir Sinsearach, a chaith beagnach deich mbliana le hOifig an Choimisinéara Faisnéise, agus tá dúshláin nua roimhe anois in Oifig an Ombudsman. Tá mé go mór faoi chomaoin ag Fintan as an

obair gan staonadh a rinne sé i m'Oifig agus as a dhíograis maidir le hidéil na Saorála Faisnéise. Bhog Cathal Duffy, Imscrúdaitheoir, chuig Roinn Rialtais agus bhog Frank Forde, Oifigeach Feidhmiúcháin agus Catherine Rousset, Oifigeach Cléireachais go dtí Oifig an Ombudsman chomh maith agus ba mhaith liom an deis seo a thapú chun gach rath a ghuí orthu agus buíochas a ghlacadh leo as a gcuid oibre. Cuirim fáilte roimh Brian Murnane, Brenda Lynch, Anne Harwood, Bernie Kelly agus Robert Cullen-Jones a thosaigh ag obair san Oifig i rith na bliana.

CAIBIDIL 2


Fás spent €750k
on luxury flights
in five years
Irish Examiner 5/12/08
in rural areas
longer than norm
Irish Examiner 6/10/08
The need for
transparency
Irish Examiner: 29/11/08
Cabinet FOI
papers fall foul
of the censors
Irish Independent 6/6/08
Rotunda refuses
to release 100-
year old records
Irish Medical Times: 1/2/08
Home's staff tied up
resident using socks
Irish Independent: 22/8/08
executive
Irish Times: 19/5/08
Government to appeal ruling on cabinet access
Irish Examiner: 22/10/08
Information on
use of Shannon for
'rendition' sought
Calls for FoI fees to
be abolished after
requests drop 42pc

"Creidim gurbh í 2008 an bhliain inar shoiléire tionchar na SF ar an saol poiblí seachas blianta roimhe sin."

Saincheisteanna a Ardaítear

Leagtar béim sa Chaibidil seo ar roinnt de na saincheisteanna a ardaíodh sa bhliain 2008.

- tionchar na SF i mbéal an phobail, go háirithe sna meáin, sa bhliain 2008;
- ról socraíochtaí agus iarrataí a tarraingíodh siar in Athbhreithnithe SF – an rannchuidiú a bhí acu i ndáil le dea-chleachtas sa tSF a thabhairt chun cinn;
- feidhm an Achta um SF maidir le taifid Chomh-Aireachta;
- comhlachtaí poiblí atá lasmuigh de réim an Achta um SF;
- faisnéis phearsanta a bhaineann le daoine éagtha;
- breithiúnais a thug an Ard-Chúirt sa bhliain 2008.

Tionchar na SF i mbéal an Phobail sa bhliain 2008

Creidim gurbh í 2008 an bhliain inar shoiléire tionchar na SF ar an saol poiblí seachas blianta roimhe sin. Is beag lá a d'imigh tharainn gan scéalta a bheith sna meáin ag tagairt do thorthaí iarrataí SF go háirithe sa chuid dheireanach den bhliain. Cé nach ndéanann roinnt daoine beart de réir briathair maidir le barrshamhaileacha na hoscailteachta agus na trédhearcachta, chonaic muid tionchar suntasach SF le linn 2008. Faraor ní léargas dearfach a tugadh faoi chomhlachtaí poiblí as a lán dár nochtadh. Is cruthúnas ann féin an méid sin go bhfuil ag éirí le SF. Ní údar le go gcoinneofaí siar faisnéis faoin Acht um SF, mar shampla, go dtarraingeodh scaoileadh na gcostas taistil a thabhaigh feidhmeannaigh FÁS, Údarás Oiliúna agus Fostaíochta

an Stáit náire ar na daoine aonair lena mbaineann. Cruthaíonn an díospóireacht faoi scaoileadh na dtaifead agus an éifeacht a bheadh aige sin ar roinnt de na daoine lena mbaineann an athuair go bhfuil SF mar cuid ríachtanach den phróiséas daonlathach.

Dá fhollasaí í an ghéarchéim eacnamaíoch, is amhlaidh a thug mé faoi deara, mar a fheicimse é, go bhfuil na meáin agus grúpaí éagsúla leasmhara níos dírithe i ndáil le húsáid SF. Áiríodh iad seo a leanas ar na torthaí a tháinig as úsáid SF, a dhírigh ní hé amháin é ar chostais taistil ach ar ghearradh siar i mbuiséid agus ar shaincheisteanna luach ar airgead ar fud na hearnála poiblí chomh maith céanna:

- plean de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) chun caiteachas a bhaint as an straitéis meabhairshláinte atá ag an Rialtas agus é a chur in aghaidh easnamh i réimsí eile;
- suim chaiteachas na Rann ar fhógraíocht, caidreamh poiblí agus comhairleoirí príobháideacha eile;
- sonraí faoi theagmhálacha a bhí ag an tionscal foirgníochta leis an Roinn Airgeadais maidir le conarthaí i gcomhair tionscadail infreastruchtúir ar 'phraghas seasta'; agus
- pléití idir na Coimisinéirí Ioncaim agus an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta faoi chúngú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an scéim díolúine ó cháin d'ealaíontóirí.

Ina theannta sin, leanadh ar aghaidh ag leagan béime ar réimsí sna seirbhísí sláinte agus oideachais ó tharla scéalta faoi chúram ailse agus faoin gclár tógála scoile a bheith ag teacht chun cinn go minic as iarrataí SF.

Ról na Socraíochtaí agus Iarrataí a tarraingíodh siar sa bhliain 2008

Tuairiscítear i gCaibidil a hAon den Tuarascáil seo gur 54 nó 21% de chásanna a dúnadh an líon athbhreithnithe a dúnadh de bhíthin socraíochta sa bhliain 2008. Creidim gur fíric an-suntasach í sin. Forálann an tAcht um SF go bhféadfaidh mé tráth ar bith le linn athbhreithniú féachaint le socraíocht a dhéanamh idir na páirtithe lena mbaineann. Oibríonn m'Oifig go dlúth le comhlachtaí poiblí agus le hiarrthóirí más rud é go dtaispeánann scrúdú ar an gcás go bhfuil scóip ar leith le teacht ar chomhréiteach, soiléiriú nó míniú a mbeadh tátal sásúil ar athbhreithniú mar thoradh air, gan gá le breith fhoirmiúil cheangailteach. Fiú i gcás nach mbeadh taifid bhreise

ar bith le scaoileadh, bíonn iarrthóirí sásta ar uairibh a n-iarratais a tharraingt siar más rud é go n-airíonn siad go ndearnadh athbhreithniú neamhspleách críochnúil ar a gcearta faoin Acht um SF i ndáil le rochtain ar thaifid. I gcásanna eile, breithníonn comhlachtaí poiblí dearcadh m'fhoireann agus aontaíonn siad le moltaí nach bhfuil feidhm a thuilleadh ag díolúine ar leith ionas gur féidir cuid de na taifid nó na taifid go léir a scaoileadh gan bheith ag feitheamh ar threoir fhoirmiúil.

Is é an ceart é a rá gur socraíochtaí i ndáiríre sciar mór de na cásanna a tharraingítear siar (33% sa bhliain 2008) i gcás go nglacann an t-iarrthóir leis go ndearna m'Oifig a mhéid is a d'fhéadfadh sí nó b'fhéidir gur tháinig an Oifig ar réiteach ar mhíthuiscint maidir leis an teidlíocht ar na taifid. Ar ndóigh, ní thugann na staitisticí le fios an iliomad cás inar aontaigh iarrthóirí go fóinteach an fócas athbhreithnithe a chúngú trí chead a thabhairt roinnt taifead a bhaint as an áireamh ionas go bhféadfaí an bhreith fhoirmiúil dheireanach a theorannú ionas gurb iad na saincheisteanna lárnacha a thabharfaí san áireamh. Cuireadh ar ár súile dúinn go bhféadfadh go mbraithfeadh toradh pléití socraíochta ar an muinín a bheadh ag na páirtithe as a chéile. Ní gá gur réiteach "sciobtha" iad na socraíochtaí agus uaireanta bíonn gá le próiseas fadaithe den chineál idirghabhála. Déanaimid iarracht, áfach, a luaithe is is féidir é sa phróiseas athbhreithnithe, cásanna a aithint a bhfuil an chosúlacht orthu go bhféadfaí teacht ar thoradh sásúil comhaontaithe idir na páirtithe maidir leo. Léirítear leis an rogha cásanna seo a leanas ón mbliain 2008 an cineál cásanna a bhféadfadh socraíocht ar an gcás nó an cás a tharraingt siar a bheith mar thoradh orthu:

- Bhain iarrataí a rinneadh ar ospidéil i gcomhair raon leathan taifead faoi mhicribhitheolaíocht, rialú ionfhabhtuithe, sláinteachas agus saincheisteanna ábhartha a bhféadfadh baint a bheith acu le MRSA le hathbhreithnithe faoi leith. Tar éis imscrúdú agus le comhoibriú na n-ospidéal lenar bhain, rinne m'Oifig idirbheartaíocht ar shocraíochtaí inar scaoileadh go leor de na mílte taifead a dtarlódh go bhféadfaí iad a áireamh taobh istigh de scóip na hiarrata. Díolmhaíodh roinnt taifead óna scaoileadh faoin Acht um SF agus ní raibh taifid eile i seilbh na n-ospidéal. Glacadh leis, go háirithe, gurbh é ba dhóiche de go raibh ábhar breise ar leith i seilbh na n-ospidéal ach go mbeadh údar ag na hospidéil iad a choinneáil siar dá mba rud é gur ghá, mar gheall ar líon nó ar chineál na dtaifead lena mbaineann

agus cur i dtoll a chéile na sonraí, líon taifead chomh mór sin a aisghabháil agus a scrúdú ar scrúdú de shórt é, go gcuirfí bac nó go gcuirfí isteach go substaintiúil agus go míréasúnach ar, sna cásanna seo, obair na Rannóg um Rialú Ionfhabhtuithe agus Micribhitheolaíochta sna hospidéil lena mbaineann (dá dtagraítear in alt 10(1)(c) den Acht um SF).

- Lorg iarrthóir cóip de thaifid faoi fhorbairt muiríne a bhí beartaithe i gCo. Dhún na nGall ón Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha. Ghlac an Roinn le dearcadh m'Oifige nár thaifid díolmhaithe óna scaoileadh na taifid go léir seachas ceann amháin de réir mar a bhí éilithe ag an Roinn; scaoil siad na taifid sin. Ghlac an t-iarrthóir leis gur tháinig an taifead a coinníodh siar faoi fhoras pribhléide gairmiúla dlíthiúla agus go raibh sé díolmhaithe faoin Acht um SF (dá dtagraítear in alt 22(1)(a)).

- Rinne iarrthóir iarratas ar m'Oifig ar athbhreithniú ar chinneadh FSS diúltú dá hiarraidh ar rochtain ar ráitis a rinne baill foirne mar fhreagra ar ghearáin a rinne sí fúthu i gcomhthéacs aighnis san ionad oibre. Tar éis scrúdú a dhéanamh ar ábhar na ráiteas agus ar chúlra an aighnis, bhí m'Oifig den dearcadh go raibh an t-iarrthóir i dteideal rochtain a fháil faoin Acht um SF ar ráitis a rinneadh fúithi, ar an gcoinníoll go scriosfaí faisnéis phearsanta faoi dhaoine aonair eile sna taifid. Bhreithnigh an FSS an athuair an seasamh a ghlac siad agus d'aontaigh siad na taifid a scaoileadh. I rith na dteagmhálacha a bhí againn le cinnteoirí FSS, fuair m'Oifig amach go raibh taifead breise a bhí taobh istigh de scóip na hiarrata ina seilbh; scaoil an FSS an taifead sin agus an bunábhar a coinníodh siar (seachas an fhaisnéis phearsanta ar fhaisnéis díolmhaithe í faoi alt 28) chuig an iarrthóir. Ghlac an t-iarrthóir le comhairle m'Oifige go raibh údar ag FSS faisnéis phearsanta faoi dhaoine aonair eile lena n-áirítear seoltaí baile baill foirne agus a n-uimhreacha fón póca a choinneáil siar.

- Chreid cuideachta go gcuirfeadh an scaoileadh de thaifid áirithe a bhí beartaithe ag an Údarás um Bóithre Náisiúnta isteach orthu. Rinne siad iarratas ar m'Oifig ar athbhreithniú ar bhreith an Údaráis um Bóithre Náisiúnta chun taifid a scaoileadh a bhaineann le trasrian a beartaíodh a chur trasna na Sionainne i Luimneach. Leag m'Imscrúdaitheoir amach an seasamh go mion i litir inar tugadh an

réamhdhearcadh, agus inar leagadh béim go raibh ualach an chruthúnais i gcásanna den sórt ar an bpáirtí a raibh agóid á déanamh acu i gcoinne scaoileadh na dtaifead. Cé gur ghlac an tImscrúdaitheoir leis go bhféadfaí an argóint a dhéanamh go bhféadfadh na taifid a bheith faoi cheann de na díolúintí a bhaineann le faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de, mhínigh sí don iarratasóir gurbh é ba dhóiche de gurbh é an moladh a dhéanfadh sí sa chás go scaoilfí na taifid ar mhaithe le leas an phobail. Tharraing an t-iarratasóir siar an t-iarratas agus scaoil an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta na taifid a bhí i gceist chuig an iarrthóir.

- Fuair iarrthóir cóip de thaifid ó FSS a bhain le teagmhálacha éagsúla a bhí aige leis an tSeirbhís Leasa Pobail maidir le leas forlíontach agus saincheisteanna eile. Rinne sé iarratas ar m'Oifig ar athbhreithniú ar an mbonn, ina thuairimse, go raibh na taifid a scaoileadh neamhiomlán agus gur chóir go mbeadh ábhar breise a bhain leis na teagmhálacha a bhí aige le baill foirne FSS ann. Ba é seasamh FSS go raibh na taifid go léir a bhí ina seilbh acu go dtí an dáta ar a ndearna an t-iarrthóir a iarraidh SF tugtha acu dó. Scrúdaigh m'Imscrúdaitheoir na taifid agus phléigh an tImscrúdaitheoir imthosca an cháis leis an FSS lena n-áirítear na cleachtais a bhíonn i bhfeidhm acu maidir le nótaí breise nó taifid eile a chruthú agus a chuardach. Tháinig sé chun solais, gurbh é ba dhóiche de, nár cruthaíodh in aon chor an cineál taifead a raibh siúl ag an iarrthóir a bheadh i seilbh an FSS. Go deimhin, níorbh é an gnáthchleachtas é sa réimse sin den FSS taifid den chineál sin a chruthú i gcás ar bith. Nuair a mhínigh m'Oifig an cás don iarrthóir, ghlac sé leis go raibh sé i dteideal faoin Acht um SF rochtain a fháil ar thaifid ar ann dóibh i ndáiríre agus a bhféadfaí iad a aimsiú tar éis cuardach réasúnach seachas taifid ar chreid seisean gur chóir iad a bheith ann (dá dtagraítear in alt 10(1)(a) den Acht um SF). Thángthas ar shocraíocht ar an gcás agus dúnadh an cás ar an mbonn gur chinn an t-iarrthóir go raibh an idirghabháil a rinne m'Oifig agus an míniú a thug sí ar na nósanna imeachta ábhartha úsáideach cé nárbh é scaoileadh na dtaifead breise a bhí mar thoradh air.

Feidhm an Achta um SF maidir le Taifid Chomh-Aireachta

Ón 21 Aibreán 2008, tháinig deireadh leis an moratorium deich mbliana ar cheart rochtana ar thaifid na Comh-Aireachta a tionscnaíodh leis an Acht um SF (Leasú) (2003) (chun teacht in ionad na gcúig bliana dá ndearnadh foráil in Acht na bliana

1997) i gcás taifid chomh-aireachta a cruthaíodh ar an 21 Aibreán 1998. Chiallaigh sé sin, faoi dheireadh na bliana, go bhféadfaí, b'fhéidir, rochtain a fháil ar na taifid chomh-aireachta ón 21 Aibreán go dtí an 31 Nollaig 1998, faoi réir na ndíolúintí atá fós i bhfeidhm faoin Acht um SF. Níor léir go dáta tionchar na forála sin agus is beag cás a bhaineann leis na taifid sin de chuid na Comh-Aireachta a cuireadh faoi bhráid m'Oifige lena athbhreithniú.

Sa chlúdach a tugadh sna meáin le linn na bliana do bhreith a rinne mé ar thaifid chomh-aireachta níos déanaí ná sin, níor léir i gcónaí gur thug mé an bhreith – chun Roinn an Taoisigh a ordú chun taifead ar phlé comh-aireachta ar astuithe CO2 a scaoileadh – i mo ról mar Choimisinéir um Fhaisnéis faoin gComhshaol agus nach faoin Acht um SF a rinne mé amhlaidh. Is féidir cuntas níos mionsonraithe faoin seasamh a fháil i bPáirt II ina bhfuil forálacha na Rialachán um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol 2007 faoi chaibidil.

Comhlachtaí Poiblí atá taobh amuigh de scóip an Achta um SF

Is údar imní dom fós go bhfuil comhlachtaí poiblí áirithe ann atá fós taobh amuigh de scóip an Achta um SF, agus an tAcht anois ina dhara tréimhse deich mbliana feidhme. Bhain mé úsáid as mo Thuarascálacha Bliantúla in imeacht na mblianta chun mo thuairim a thabhairt ar an tsaincheist seo; leag mé béim i dTuarascáil Bhliantúil na bliana anuraidh nach bhfuil An Garda Síochána ná comhlachtaí san earnáil Dlí agus Cirt amhail na comhlachtaí siúd a bhaineann le cás na ndídeanaithe san áireamh faoin réim SF. Níl athrú ar bith tagtha ar an gcás agus an tuarascáil seo á scríobh. Feictear dom gur tráthúil anois a chur in iúl nach bhfuil a lán comhlachtaí sa réimse rialála airgeadais tugtha isteach faoin Acht um SF ag an Aire Airgeadais agus go bhfágann sin nach bhfuil ceart reachtúil rochtana ar bith ag baill den phobal ar thaifid na gcomhlachtaí poiblí siúd a bhfuil ról lárnach acu faoi láthair i gcobhsaíocht eacnamaíoch an Stáit. Ní luaitear anseo a leanas ach cuid de na comhlachtaí poiblí atá fós taobh amuigh den scóip SF:

- An Garda Síochána, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe, Oifig an Bhinse Achomharc Dídeanaithe, Bord Comhairleach na gCeapachán Breithiúnach;
- Banc Ceannais agus Údarás Rialacháin Seirbhísí Airgeadais na hÉireann,

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát;

- An 33 Coiste Gairmoideachais, An Coimisiún um Scrúduithe Stáit, An Bord um Shásamh Institiúidí Cónaithe, An LárOifig Iontrála.

Faisnéis Phearsanta a Bhaineann Le Daoine Éagtha

Thrácht mé go mion i mo Thuarascálacha Bliantúla i 2005, 2006 agus 2007 agus i bhfoilseacháin eile ar cheist na rochtana SF ar thaifid daoine éagtha gur údar buartha í. Cosnaíonn an tAcht um SF (alt 28) faisnéis phearsanta (lena n-áirítear faisnéis phearsanta duine éagtha) óna nochtadh faoi réir díolúintí ar leith. Tá eisceacht amháin ón gcosaint a thugtar do fhaisnéis phearsanta in alt 28(6) ina bhforáiltear go bhféadfaidh an tAire Airgeadais a fhoráil le rialacháin maidir le géilleadh rochtain a thabhairt ar thaifid a bhaineann le haicmí áirithe daoine lena n-áirítear daoine atá éagtha. Sa bhliain 1999 thug an tAire isteach Ionstraim Reachtúil Uimh. 47 de 1999 (Rialacháin 1999) chun na críche sin. Leag mé féin agus daoine eile béim ar na fadhbanna a bhaineann le léiriú agus feidhmiú Rialacháin na bliana 1999 agus iarradh ar an Aire féachaint an athuair ar na rialacháin chun déileáil leis na deacrachtaí.

Táim sásta go raibh an Roinn Airgeadais i gcomhairle le cleachtóirí SF san earnáil Sláinte faoi dheireadh na bliana 2008 maidir le dréacht-rialacháin leasaithe agus le Treoirlínte faoin réimse seo. Lorg an Roinn tuairimí uaim faoina moltaí go luath sa bhliain 2009 agus thug mé mo thuairimí dóibh. Aithnítear na deacrachtaí a bhaineann le rialacháin agus Treoirlínte a dhréachtú a thabharfadh léargas ar fhorálacha na reachtaíochta príomhúla, ina ndéanfaí foráil do cheart rochtana aicmí sainithe d'iarrthóirí ach a chuirfeadh ar chumas cinnteoirí chomh maith feidhm a bhaint as na forálacha a mhéid is is féidir é ar bhealach soiléir cothrom. Táim ag tnúth lena thuilleadh dul chun cinn ar an gceist seo.

Breithiúnais na hArd-Chúirte

Thug an Ard-Chúirt dhá bhreithiúnas sa bhliain 2008 ar achomhairc a rinneadh i gcoinne bhreitheanna m'Oifige.

1. **An tAire Oideachais agus Eolaíochta –v- An Coimisinéir Faisnéise** [2008] IEHC 279 – Breithiúnas an Bhreithimh Onóraigh Brian McGovern, 31ú Iúil 2008.

2. **Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte – v- An Coimisinéir Faisnéise, [2008] IEHC 279.** Breithiúnas an Bhreithimh Onóraigh Bryan McMahon, 1ú Deireadh Fómhair 2008.

Is féidir téacs iomlán na mbreithiúnas seo a léamh ar www.oic.ie agus freisin ar shuíomh gréasáin na gCúirteanna www.courts.ie. Ní dhearnadh achomharc chun na Cúirte Uachtaraí i gceachtar den dá chás.

1. An tAire Oideachais agus Eolaíochta -v- An Coimisinéir Faisnéise [2008] IEHC 279
Breithiúnas an Bhreithimh Onóraigh Brian McGovern a tugadh ar an 31ú Iúil 2008

Cúlra: Lorg **The Sunday Tribune** agus ceathrar iarrthóir eile, iad go léir, rochtain ar thaifid a bhaineann le hidirbheartaíochtaí idir an Rialtas agus institiúidí creidimh faoi scéim ranníocaíochtaí as mí-úsáid iarchónaitheoirí i scoileanna saothair agus i scoileanna ceartúcháin. Bhí Dréacht-Mheabhrán a d'ullmhaigh oifigigh na Roinne i gcomhair an Aire Oideachais agus Eolaíochta i measc na dtaifead a d'ordaigh m'Oifig don Roinn Oideachais a scaoileadh. Níor chuir an tAire an Meabhrán seo i láthair sa deireadh ach cuireadh Meabhrán a ullmhaíodh níos déanaí ina raibh cur chuige éagsúil ar an ábhar céanna faoi bhráid na Comh-Aireachta ina dhiaidh sin.

An tSaincheist: Rinne an tAire achomharc i gcoinne mo bhreithe. Bhain an cás go príomha leis an léiriú ar alt 19(1)(a) [maidir leis an taifead lena mbaineann "gur chuir Aire den Rialtas nó an tArd-Aighne faoi bhráid an Rialtais é, nó go mbeartaíonn sé nó sí é a chur faoi bhráid an Rialtais, …. agus gur chun na críche sin a cruthaíodh é"]. Ba é dearcadh m'Oifige nár cuireadh an taifead (an dréacht mbeabhrán) faoi bhráid an Rialtais ná nár beartaíodh "é a chur faoi bhráid an Rialtais". Ghlac m'Oifig san áireamh nach bhféadfaí féachaint ar an meabhrán ba luaithe a ullmhaíodh mar dhréacht den mheabhrán

deiridh ag féachaint don ábhar a bhí ann. Dá réir sin, ba í an bhreith a thugtan nach raibh feidhm ag cuid ar bith d'alt 19(1)(a) maidir leis taifead. Ba é seasamh an Aire go raibh sé beartaithe an taifead a chur faoi bhráid an Rialtais; agus nár athraigh an fhíric nár cuireadh faoi bhráid an Rialtais é i ndáiríre an úsáid a bhí beartaithe ina leith agus an chríoch gur chuici a cruthaíodh é.

Fionnachtain na Cúirte:

Chinn an Breitheamh Onórach McGovern go ndearnadh é a shuíomh ón bhfianaise gur ullmhaíodh agus gur cruthaíodh an Meabhrán Rialtais, ag tráth a ullmhaithe, chun é a chur faoi bhráid an Rialtais agus dá bhrí sin, go raibh feidhm ag alt 19(1)(a) den Acht maidir lena dhíolmhú óna scaoileadh. Dúirt sé go raibh sé beartaithe le halt 19(1)(a) go gcosnófaí ceart an Aire a bheith i dteideal a thuairimí agus a mholtaí a chur i ndoiciméad a mbeadh sé beartaithe é a chur faoi bhráid an Rialtais, gan na tuairimí sin a bheith i mbéal an phobail ina dhiaidh sin.

Rinne an tAire, ag céim an achomhairc, argóint go raibh feidhm ag alt 19(1)(c) den Acht um SF chomh maith maidir leis an taifead a dhíolmhú. Baineann alt19(1)(c) le tafid arna áiritear faisnéis don Aire le h-úsáid chun críche mionteagscadh a dhéanamh i ndáil le cruinnithe Rialtais. Ní dhearnadh an argóint 'nua' seo le linn do m'athbhreithniú a bheith á sheoladh. Dúirt an Breitheamh gur dheacair dó an chúis go gceadófaí argóint den sórt a fheiceáil mura bhféadfaí a thaispeáint gur ghá beartas poiblí nó saincheist bhunreachtúil éigin a chosaint. Theorannaigh sé a bhreithniúchán d'alt 19(1)(a) den Acht um SF agus chinn sé go ndearna m'Oifig earráid sa dlí ó thaobh an léiriú a bhaineadh as an alt sin agus as an alt sin a chur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo.

2. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte - v- An Coimisinéir Faisnéise, [2008] IEHC 298.
Breithiúnas an Bhreithimh Onóraigh Bryan McMahon a tugadh ar an 1 Deireadh Fómhair 2008.

Cúlra: Lorg máthair rochtain ar thaifid a bhaineann le gearán nach raibh ainm leis a rinneadh le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) go raibh mí-úsáid chorpartha á baint as a hiníon (mionúr). Chinn m'Oifig go raibh údar ag an FSS roinnt taifead a choinneáil siar ach d'ordaigh m'Oifig don FSS taifid áirithe eile a scaoileadh lena n-áirítear nótaí oibrí shóisialta ar agallaimh a cuireadh ar mhúinteoirí an linbh.

An tSaincheist: Rinne an FSS achomharc chun na hArd-Chúirte i gcoinne an bhreith. Ba é an seasamh a ghlac mé, faoi alt 26(2) den Acht um SF, nach féidir feidhm a bheith ag an díolúine rúndachta in alt 26(1)(a) maidir le taifead arna ullmhú ag comhalta d'fhoireann comhlachta phoiblí, nó ag duine atá ag soláthar seirbhíse do chomhlacht poiblí faoi chonradh le haghaidh seirbhísí, le linn dó nó di a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh murarbh ionann nochtadh na faisnéise lena mbaineann agus sárú dualgais rúndachta a bheidh ag dul do dhuine seachas comhalta d'fhoireann nó soláthraí seirbhísí do chomhlacht poiblí. I ndáiríre, cuireann alt 26(2) srian le húsáid na díolúine seo i gcás gur taifid inmheánacha comhlachta phoiblí na taifid. Ciallaíonn sé sin nach bhféadfadh na cinnteoirí dul in iontaoibh na díolúine a éilíodh ó tharla gur chomhalta den FSS le linn dó nó di a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh a chruthaigh na taifid sa chás seo. Bhain m'Oifig de thátal as chomh maith nach faisnéis phearsanta faisnéis faoi ainmneacha, teidil phoist, uimhir sheasta theileafóin na scoile (gan uimhreacha fón póca na múinteoirí a bheith san áireamh) ná seoltaí fostaíochta na múinteoirí lenar bhain agus nárbh fhaisnéis dhíolmhaithe í faoi alt 28 den Acht um SF.

Rinne an FSS an argóint go raibh ábhar na dtaifead díolmhaithe faoi alt 26 den Acht um SF ó tharla go raibh faisnéis iontu a tugadh i modh rúin. Dúirt siad leis go raibh na taifid díolmhaithe faoi alt 28 de bhrí go raibh faisnéis phearsanta faoi na múinteoirí a bhí i gceist iontu. Thacaigh na múinteoirí le seasamh FSS.

Fionnachtain na Cúirte:

Chinn an Breitheamh Onórach McMahon go raibh an bhreith ceart ó thaobh an dlí de. Dhiúltaigh sé argóint FSS nár 'ullmhaigh' na hoibrithe sóisialta na taifid de na hagallaimh a cuireadh ar na múinteoirí ach gurb é gur scríobhadh amach a raibh le rá ag na múinteoirí. Chinn sé nach ndearna agus nár ullmhaigh na múinteoirí na taifid a bhí i gceist. Sheas sé leis nárbh ann do shárú rúndachta ar bith dár foráladh le comhaontú nó le reacht nó thairis sin. Dúirt sé gur dheacair an argóint a dhéanamh gurbh ann do chomhaontú ar bith maidir le rúndacht idir na múinteoirí agus na hoibrithe sóisialta sa chás seo. Dúirt sé ó tharla an cineál feidhmeanna a chomhlíon an FSS agus an fhaisnéis a bailíodh, go gcaithfeadh sé gur cuireadh faoi deara don scoil agus don FSS araon go bhféadfadh go gcaithfí an fhaisnéis a nochtadh **"in the best interest, and to satisfy the constitutional rights, of the parent."** Maidir le ceist an dochair, dúirt sé nach ndéanfadh an tuairim a nochtadh go gcuirfí isteach ar an gcaidreamh idir an tuismitheoir agus na múinteoirí dochar do na múinteoirí ach go gcuirfeadh sé isteach ar oideachas an linbh.

Dúirt an Breitheamh Onórach McMahon – **"Teachers and other professionals are frequently confronted with difficult decisions of this nature as they discharge their duties in what they hope will be an atmosphere of trust and respect. Professional life is full of such dilemmas and the law cannot guarantee that difficult decisions will never have to be made by professionals in these situations. It is this responsibility which distinguishes professional people from those who pursue non-professional careers."**

Dúirt an Breitheamh, agus alt 28 den Acht um SF agus faisnéis phearsanta idir lámha aige, gurbh é ba loighciúla sa chás seo féachaint ar an díolúine in alt 28(2)(c) – faisnéis atá ar fáil don phobal i gcoitinne – ar an gcéad dul síos sula mbreithneofaí alt

28(1) ina bhforáiltear do dhiúltú rochtain a thabhairt ar fhaisnéis phearsanta. Sa bhreith dhírigh m'Oifig ina ionad sin ar cibé ar tháinig na taifid faoin léirmhíniú a thugtar ar fhaisnéis phearsanta in alt 2 den Acht um SF. Mar sin féin chinn sé go bhféadfadh sé nach toradh difriúil a thabharfaí fiú dá mba rud gur glacadh an cur chuige ceart agus gur bhain an tsaincheist leis an gcineál breithe a tugadh agus ní le hábhar na breithe. Dá réir sin, i gcás gurbh ann d'earráid, b'earráid í a bhain leis an bpróiseas réasúnaíochta agus níorbh earráid dlí a bhí inti.

CAIBIDIL 3


Fás spent €750k
on luxury flights
in five years
Irish Examiner 5/12/08
in rural areas
longer than norm
Irish Examiner 6/10/08
Cabinet FOI
papers fall foul
of the censors
The need for
transparency
Irish Examiner: 29/11/08
Rotunda refuses
to release 100-
year old records
Irish Medical Times: 1/2/08
Home's staff tied up
resident using socks
Irish Independent: 22/8/08
executive
Irish Times: 19/5/08
Government to appeal ruling on cabinet access
Irish Examiner: 22/10/08
Information on
use of Shannon for
'rendition' sought
Calls for FoI fees to
be abolished after
requests drop 42pc

"Líon beag de bhreitheanna a eisíodh sa bhliain 2008 atá sa Chaibidil seo ina leagtar béim ar shaincheisteanna a rachadh chun leasa comhlachtaí poiblí agus úsáideoirí SF."

Breitheanna

Líon beag de bhreitheanna a eisíodh sa bhliain 2008 atá sa Chaibidil seo ina leagtar béim ar shaincheisteanna a rachadh chun leasa comhlachtaí poiblí agus úsáideoirí SF. Tá téacs iomlán na mbreitheanna seo agus breitheanna lárnacha eile, agus an fhaisnéis trína n-aithneofaí na páirtithe scriosta amach nuair ba ghá, le fáil ar shuíomh gréasáin m'Oifige www.oic.ie.

Diúltú é a Dheimhniú nó a Shéanadh gurb ann do Thaifid

Cuireadh foráil nua (alt 28(5A)) faoin Acht um SF (Leasú) 2003 leis an díolúine ar fhaisnéis phearsanta atá in Acht na bliana 1997 trína dtugtar gné "nach ndeimhneofar ná nach séanfar" isteach i ndáiríre. Lena rá ar bhealach eile, is féidir le comhlacht poiblí diúltú é a nochtadh cibé an ann nó nach ann do thaifid den chineál a lorgaítear. Ní minic a dhéantar an fhoráil seo a agairt ach is díolúine thábhachtach í i gcásanna, fiú más rud é go ndiúltaítear rochtain ar na taifid, ina bhféadfaí damáiste a dhéanamh don duine lena mbaineann na taifid dá ndeimhneofaí gurb ann dóibh. Ceann de na gnéithe casta den fhoráil is ea nár mhór dom, agus breith á thabhairt dom, anailís a thabhairt ar bhealach nach nochtfaí cibé an sealbhaítear nó nach sealbhaítear na taifid i ndáiríre. Cuireann sé sin srian lena mhéid is is féidir liom míniú a thabhairt ar an réasúnaíocht atá agam. Mar sin féin, cuireann an cás seo a leanas cur chun feidhme alt 28(5A) agus cosaint na faisnéis pearsanta in iúl. Cuirtear achoimre úsáideach ar fhorálacha an Achta maidir le faisnéis faoi chomhalta d'fhoireann comhlachtaí poiblí i láthair ann chomh maith.

RTÉ agus Comhairle Contae – (Cás 080050)

Cúlra agus Taifid a lorgaíodh

Sa chás seo lorg Philip Boucher-Hayes as Aonad Imscrúdaithe Raidió RTÉ rochtain ar thaifid ó Chomhairle Contae a bhain leis "éisteachtaí araíonachta nó fiosrúcháin inmheánacha" fostaí ainmnithe de chuid na Comhairle.

Aighneachtaí na bPáirtithe

TCuireadh in iúl in aighneachtaí na Comhairle gurbh é alt 28(5A) den Acht um SF, an príomhbhunús gur diúltaíodh rochtain a thabhairt ar na taifid, ina bhforáiltear do dhiúltú den sórt i gcás go bhfuil faisnéis phearsanta duine nach é nó í an t-iarrthóir é nó í sna taifid, i gcás nach bhfuil feidhm ag aon cheann de na díolúintí in alt 28 maidir leo agus i gcás gurb é tuairim cheann an chomhlachta phoiblí gurbh ionann cibé an ann nó nach ann do thaifid iomchuí a lua agus faisnéis phearsanta faoi thríú páirtí a nochtadh.

Ceann de na hargóintí a rinne an tiarratasóir ab ea nach nochtfaí faisnéis phearsanta sna taifid a lorgaíodh agus nach raibh na taifid, dá réir, díolmhaithe óna nochtadh faoi alt 28 den Acht um SF. Dúirt sé gur bhain an tsaincheist le hiompar oifigigh phoiblí i gcomhlíonadh dualgais phoiblí. Dúirt an tiarratasóir gur chuir An Garda Síochána fiosrúcháin i scríbhinn chuig an gComhairle maidir leis an bhfostaí áirithe agus go raibh an fhíric sin i mbéal an phobail. Ghlac sé leis gur "faisnéis phearsanta" a bheadh i gcuid áirithe den fhaisnéis atá i seilbh na Comhairle faoin bhfostaí (faisnéis mhíochaine, mar shampla). I dtuairim an larratasóra, áfach, ní "faisnéis phearsanta" chun críocha an Achta um SF faisnéis an chaoi a ndeachaigh fostaí i mbun feidhmeanna oibre.

An tImscrúdú

Agus measúnú á dhéanamh acu ar cibé an raibh údar ag an gComhairle dul in iontaoibh na díolúine in alt 28(5A) sa chás seo, scrúdaigh m'Oifig go cúramach ceanglais na díolúine sin chun a shuíomh cibé ar comhlíonadh na ceanglais sin i gcomhthéacs na dtaifead atá i gceist.

Arbh ionann na Taifid agus "Faisnéis Phearsanta"?

Sainmhínítear "faisnéis phearsanta" in alt 2 den Acht um SF mar **""faisnéis faoi dhuine aonair inaitheanta -**

(a) nach mbeadh ar eolas, go hiondúil, ach amháin ag an duine aonair nó ag daoine de theaghlach an duine aonair nó ag cairde an duine aonair, nó
(b) atá i seilbh comhlachta phoiblí ar an mbonn tuisceana go ndéileálfadh sé léi i modh rúin"

Leantar leis an sainmhíniú agus déantar liosta de 12 catagóir sonrach faisnéise a fholaítear sa sainmhíniú, gan dochar a dhéanamh do ghinearáltacht (a) agus (b), thuas. De na catagóirí sin, baineann na catagóirí seo a leanas leis na nithe atá faoi athbhreithniú:

"(iii) faisnéis maidir le fostaíocht nó stair fostaíochta an duine aonair,
(iv) faisnéis maidir leis an duine aonair i dtaifead a thagann faoi réim alt 6 (6) (a), [...]
(xii) dearcadh nó tuairimí duine eile faoin duine aonair,"

Tá sé d'éifeacht le catagóir (iv) thuas go bhfolaítear taifead pearsanra d'fhostaí comhlachta phoiblí faoi réim an tsainmhínithe ar "faisnéis phearsanta". Sainmhínítear taifead pearsanra in alt 6(6)(a) mar:

"ar taifead pearsanra é, is é sin le rá, taifead a bhaineann go hiomlán nó go príomha le ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas, is é sin le rá, inniúlacht nó cumas an duine aonair ina cháil nó ina cáil mar chomhalta d'fhoireann comhlachta phoiblí nó fostaíocht nó stair fostaíochta an duine aonair sin nó meastóireacht ar chomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna i gcoitinne nó feidhme áirithe den sórt sin mar chomhalta den sórt sin"

Folaítear, áfach, in alt 2 den Acht um SF chomh maith nach bhfolaítear cineálacha

áirithe faisnéise faoi fhostaí comhlachta phoiblí aonair leis an sainmhíniú ar "fhaisnéis phearsanta"; .i.

> **"(I) i gcás go bhfuil nó go raibh an duine aonair i seilbh oifige mar stiúrthóir ar chomhlacht poiblí, nó go bhfuil nó go raibh post aige nó aici mar chomhalta d'fhoireann comhlachta phoiblí, ainm an duine aonair nó faisnéis maidir leis an oifig nó leis an bpost nó le feidhmeanna na hoifige nó an phoist nó leis na téarmaí ar orthu agus faoina réir atá nó a bhí an oifig sin i seilbh an duine aonair nó atá nó a bhí an post sin aige nó aici nó aon ní a scríobh nó a thaifead an duine aonair in aon fhoirm i gcúrsa chomhlíonadh na bhfeidhmeanna réamhráite agus chun na feidhmeanna sin a chomhlíonadh,"**

Ba léir nárbh 'fhaisnéis phearsanta' an fhaisnéis seo a leanas: ainm an duine aonair gur fostaí den Chomhairle an duine aonair sin; faisnéis a bhaineann leis an oifig nó le feidhmeanna an fhostaí sin sa Chomhairle; na téarmaí arbh orthu a bhí an oifig sin i seilbh an fhostaí nó arbh orthu a raibh feidhm á comhlíonadh ag an duine aonair sin; taifid ar bith arna gcruthú ag an bhfostaí sin i gcúrsa chomhlíonadh na bhfeidhmeanna sannta agus chun na feidhmeanna sin a chomhlíonadh.

Ar an láimh eile, réamhthoimhdeofaí sna taifid a bhí á lorg ag an iarrthóir (más ann dóibh) mí-iompar ag an obair nó sárú araíonachta ag an obair; thabharfaí le tuiscint iontu gur dócha go ndearnadh gearáin, gur dócha go ndeachthas i mbun próiseas imscrúdaithe agus gur dócha gur tionscnaíodh gníomh faoi réim théarmaí Nósanna Imeachta na Comhairle maidir le Gearáin agus Araíonacht. Dá mb'amhlaidh a bhí an cás, ní fhéadfaí glacadh leis go bhféadfaí a rá gur comhlíonadh ar fheidhmeanna an fhostaí mí-iompar ar bith den sórt. Cé go bhféadfadh mí-iompar tarlú ag an obair agus go bhféadfadh gurb é post an duine aonair ag an obair a d'éascódh an mí-iompar, ní fhéadfaí a rá gur ní é an mí-iompar a dhéantar chun feidhmeanna sannta oibre duine a chomhlíonadh. Bhreithnigh m'Oifig, dá réir sin, nach bhfuil feidhm ag an gcáilíocht ar an sainmhíniú ar "fhaisnéis phearsanta" a luaitear thuas maidir leis an gcineál faisnéise arna lorg ag an Iarratasóir.

Sásaíodh m'Oifig chomh maith gurbh ionann an fhaisnéis a bhí á lorg, más ann di i

dtaifid, agus faisnéis atá i seilbh na Comhairle ar an mbonn tuisceana go ndéileálfaí léi i modh rúin agus gurbh amhlaidh an cás fiú dá mba rud é go raibh a fhios ag roinnt daoine den phobal go ndearnadh líomhaintí nó gur tionscnaíodh próiseas araíonachta. Ní fhéadfaí a shamhlú nach ndéileálfadh comhlacht poiblí a bheadh i mbun próisis chun déileáil le líomhaintí mí-iompair le faisnéis a bhainfeadh leis an bpróiseas mar fhaisnéis i modh rúin. Cé go bhféadfaí faisnéis i modh rúin a nochtadh, in imthosca áirithe, ar mhaithe le leas an phobail, ní athródh sé sin an fhíric gur sealbhaíodh an fhaisnéis i modh rúin.

Ar bhonn an dá thástáil uileghabhálacha ar "fhaisnéis phearsanta", bhí mé sásta m'Oifig gurbh ionann an fhaisnéis den chineál a lorg an t-iarrthóir agus faisnéis phearsanta faoi dhuine seachas an t-iarrthóir agus, de réir a cuma, go mbeadh sí díolmhaithe óna scaoileadh faoi alt 28(1) den Acht um SF. Ina theannta sin, breithníodh go dtiocfadh na taifid a lorgaíodh faoi réim chatagóir (iii), (iv) agus (xii) den sainmhíniú ar fhaisnéis phearsanta a gcuirtear síos air thuas.

An bhfuil Feidhm ag ceann ar bith de na heisceachtaí in Alt 28(1)?

Leas an Phobai

Ní díolúine iomlán alt 28(1), gabhann eisceachtaí leis an bhforáil bunúis nach ndeonófar rochtain ar fhaisnéis phearsanta faoi dhaoine seachas an t-iarrthóir. Bhí mé sásta gurbh í an t-aon eisceacht a bhféadfadh feidhm a bheith aici maidir le himthosca an cháis an díolúine sin in alt 28(5)(a) ina ndéantar foráil d'fhaisnéis phearsanta a scaoileadh i gcás gur tábhachtaí, tríd is tríd, leas an phobail go ngéillfí don iarraidh ná leas an phobail go gcosnófaí ceart chun príobháideachta an duine aonair lena mbaineann an fhaisnéis agus sa chás sin amháin.

Rinne an tiarratasóir an argóint gur ghá na taifid a bhí á lorg a nochtadh ar mhaithe le leas an phobail. Tá na cearta chun príobháideachta a chosaint go mór ar leas an phobail agus ba léir sin ina lán de na breitheanna a thug m'Oifig in imeacht na mblianta. Is léir amhlaidh sa teanga a úsáidtear in alt 28 agus i dTeideal Fada an Achta um SF (inar léir nach mór go dtiocfadh rochtain ar thaifid faoin Acht um SF i gcomhréir leis **"An gCeart chun Príobháideachta"**). Ina theannta sin, is ceart neamhshonraithe pearsanta faoin mBunreacht é an ceart chun príobháideachta.

Bhreithnigh mé argóintí an iarratasóra i bhfabhar rochtain a thabhairt ar mhaithe le leas an phobail:

- ó thaobh trédhearcachta i ndáil leis an gcaoi ina gcomhlíonann comhlachtaí poiblí, agus fostaithe aonair sa tseirbhís phoiblí a bhfeidhmeanna;
- ó thaobh mhuinín an phobail a chur chun cinn maidir leis an gcaoi ina gcomhlíonann comhlachtaí poiblí a bhfeidhmeanna (mar shampla is cóir go sásófaí an pobal, i gcás go ndéanfaí líomhaintí mí-iompair i gcoinne fostaí, go ndearna an comhlacht poiblí áirithe na líomhaintí a imscrúdú agus nár chuir sé "faoi cheilt" iad);
- leas an phobail ó thaobh cuntasacht na gcomhlachtaí poiblí a chinntiú maidir leis an gcaoi a gcaitheann siad airgead poiblí;
- leas an phobail ó thaobh a chinntiú nach gcuirtear toirmeasc ar na meáin fiosrúcháin dhlisteanacha a dhéanamh.

Breithníodh gur mór agus gur ábhartha na hargóintí iad seo i leith leas an phobail. Bunaithe ar an bhfaisnéis go léir a bhí ar fáil, áfach, chinn mé dá mba rud é gurbh ann do thaifid den chineál a bhí á lorg ag an iarrthóir nár thábhachtaí leas an phobail dá scaoilfí iad ná leas an phobail dá seasfaí le ceart chun príobháideachta an fhostaí áirithe.

Arbh ionann nochtadh gur Ann nó Nach Ann do na Taifid Agus Nochtadh Faisnéise Pearsanta?

Breithníodh dhá fhéidearthacht agus rinneadh cinneadh orthu:

(i) i gcás go raibh taifid den chineál a bhí á lorg i seilbh na Comhairle i ndáiríre, bhí mé sásta gurbh ionann a nochtadh gur ann do thaifid den chineál sin agus faisnéis phearsanta a nochtadh, agus

(ii) i gcás nach raibh taifid den chineál a bhí á lorg i seilbh na Comhairle, ar an gcaoi chéanna, nochtfaí faisnéis phearsanta dá nochtfaí nach ann do na taifid, ó tharla gur faisnéis í a bhaineann le "stair nó stair fostaíochta" an fhostaí agus le "dearcadh nó tuairimí duine eile faoin duine aonair" (alt 2 den Acht um SF ina dtagraítear don sainmhíniú ar "faisnéis phearsanta" mar a bhí faoi chaibidil thuas). Nochtfaí chomh

maith, sa chiall ba choitianta a bheadh léi, an t-ábhar a bheadh coinnithe i gcomhad pearsanra (dá dtagraítear in alt 6(6)(a) den Acht um SF).

Breith ar Athbhreithniú

Bhain mé de thátal as gurbh ionann nochtadh gur ann nó nach ann do thaifid den chineál a bhí á lorg ag an iarrthóir agus nochtadh faisnéise pearsanta. Bhí mé sásta go raibh feidhm ag an díolúine in alt 28(5A) maidir leis agus chinn mé go raibh údar ag an gComhairle sa chás seo dul in iontaoibh na díolúine.

Mainneachtain Taifid a aimsiú

Ceadaítear do chomhlacht poiblí faoi alt 10(1)(a) den Acht um SF diúltú rochtain a thabhairt ar thaifid ar cheann de na forais riaracháin más rud é -

> "nach ann don taifead lena mbaineann nó nach féidir é a aimsiú tar éis gach beart réasúnach a ghlacadh chun a fháil amach cá bhfuil sé".

Gan dabht is í seo an díolúine is minice a luaitear sna hiarratais ar athbhreithniú chuig m'Oifig ó iarrthóirí a bhíonn míshásta le breith comhlachta phoiblí ina n-iarraidh SF. B'fhéidir nach údar iontais é seo ó tharla go n-úsáideann iarrthóirí an tAcht um SF, uaireanta, chun iarracht a dhéanamh gach a bhfuil i seilbh fúthu, más ann dó, a fháil amach nó chun gach a bhfuil i seilbh faoi shaincheist a bhfuil leas acu inti a fháil amach. Go luath sa bhliain 2007, thuairiscigh mé, faoi alt 36 den Acht um SF (Athbhreithniú ar Oibriú an Achta agus Imscrúduithe ag an gCoimisinéir) faoi imscrúdú a rinne m'Oifig sa bhliain 2006 maidir le breitheanna a tugadh sa bhliain 2005 i ndáil leis na cásanna seo a bhaineann lenar leor an cuardach a rinneadh. Chuir mé na moltaí ón imscrúdú i láthair mar threoir: "Treoir an Choimisinéara Faisnéise do na Comhlachtaí Poiblí maidir le Caighdeáin Dea-Chleachtais agus iad ag déileáil le hiarrataí SF lena mbíonn taifid a chuardach i gceist" – tá an treoir ar fáil ar shuíomh gréasáin na hOifige (www.oic.ie).

De réir mar a chuirtear in iúl sa chás a dtugtar achoimre air thíos, cuirtear isteach ar iarrthóirí go bhfuil ról m'Oifige teoranta do cibé an raibh údar le breith an chomhlachta phoiblí faoi alt 10(1)(a) a mheas. Lena rá ar bhealach eile, tá m'Oifig teoranta don cheist - an leor an cuardach a rinneadh in imthosca áirithe gach athbhreithnithe - a mheas agus teacht ar fhionnachtana fúithi. Níl dlínse agam faoin Acht um SF páirt a ghlacadh

sa cheist cibé ar ghníomhaigh an comhlacht poiblí go cuí maidir le riarachán scéime ná maidir leis an gcaoi a láimhseáil siad eachtra arbh é ba chúis, nó ar chóir gurbh é ba chúis, le cruthú na dtaifead arna lorg. I roinnt cásanna, cé go mbeifí ag súil leis gurb ann do thaifid áirithe, is é is dóiche de nach bhfuil taifead ar bith i seilbh toisc nár chruthaigh na hoifigigh taifead láimhe ná leictreonach ar bith nó toisc gur cruthaíodh taifead den sórt ach nár coinníodh é nó nár cuireadh i gcomhad é ar chaoi is go bhféadfaí an aisghabháil a dhéanamh go héifeachtach de réir beartas cuí bainistithe taifead.

An tUasal X agus Comhairle Contae na Gaillimhe – (Cás 070290)

Cúlra agus Taifid a lorgaíodh

D'iarr úinéir trí chapall, a bhí bailithe, de réir dealraimh, ag cuideachta tarlaithe de réir teagaisc ón gComhairle chun iad a thabhairt go dtí póna capall rochtain ar an bpáipéarachas a bhain leis an eachtra. Tá an bunús reachtúil d'urghabháil agus do choinneáil capall san Acht um Rialú Capall, 1996 ina leagtar amach ceanglais éagsúla i ndáil le fógra faoin urghabháil agus na hainmhithe a aithint. Bhí na taifid seo a leanas i measc na dtaifead a bhí á lorg:

- cóip den fhíseán ón bpóna ainmnithe,
- cóip den mharcáil a tógadh agus uimhreacha micrishliseanna na gcapall,
- cóip den fhógra a crochadh i Stáisiún na nGardaí don cheantar ina ndearnadh na capaill a urghabháil,
- cóip den fhógra a crochadh sa phóna,
- sonraí faoi dhíothú na gcapall, an mhonarcha nó eile agus ainm an tréidlia a rinne an díothú a mhaoirsiú
- cóip d'árachas an tarlóra.

Breith na Comhairle

Dhiúltaigh an Chomhairle an iarraidh SF agus luaigh siad go raibh an fhaisnéis faoi réir ag Imeachtaí Cúirte. Níor luadh alt ar bith den Acht um SF sa bhreith a tógadh diúltú rochtain a thabhairt. Nuair a rinne an tiarratasóir iarratas ar an gComhairle ar athbhreithniú inmheánach ar an mbreith sin, dúradh leis nár thaifid chun críocha an Achta um SF cuid de na nithe faisnéise a lorgaíodh agus nárbh ann do thaifid eile nó

nach bhféadfaí iad a aimsiú tar éis gach beart réasúnach a ghlacadh chun a fháil amach cá raibh siad. Ba í an tsaincheist a bhain le m'Oifig tráth a ndearna an tIarratasóir iarratas ar athbhreithniú cibé an raibh údar ag an gComhairle lena mbreith diúltú rochtain a thabhairt ar thaifid a bhaineann le hurghabháil agus díothú chapaill an Iarratasóra.

An dearcach a chuir m'Oifig faoi bhráid na Comhairle

Thug m'Oifig faoi deara bunfhorais an diúltaithe agus b'údar imní iad. Ní mór a bheith cruinn faoi seo - nach ndéanann an tAcht um SF foráil do dhiúltú rochtain a thabhairt ar thaifid ar chúiseanna nach bhfuil bunaithe ar shaindíolúine san Acht um SF. Bhí cointinn na Comhairle nach "taifid" chun críocha an Achta um SF sonraí faoi dhíothú na gcapall agus ainm an tréidlia a rinne an díothú a mhaoirsiú. Luífeadh sé le réasún dá nglacfadh an Chomhairle leis, dá mba rud é go raibh an fhaisnéis a bhí á lorg i dtaifead ar bith atá ina seilbh, go bhféadfaí rochtain a fháil ar an bhfaisnéis faoin Acht um SF.

Maidir leis na taifid nach raibh i seilbh na Comhairle dar leo, chinn mé gur aisteach, ar a laghad ar bith, go dteipfeadh ar údarás áitiúil ar bith taifead a chruthú ar gach ar tharla do thrí chapall a ndearnadh iad a urghabháil de réir foráil reachtúil, agus a ndearnadh iad a dhíothú trína "gcur síos", dar le taifead amháin a tháinig chun cinn ina dhiaidh sin.

An tImscrúdú

Ba chosúil gur ghlac an Chomhairle le dearcadh m'Oifig a bhí againn nach raibh an tagairt a rinne siad d'imeachtaí cúirte ábhartha sa chás seo. Agus athbhreithniú á dhéanamh ar bhunús sheasamh na Comhairle nach raibh taifid ábhartha sa bhreis ina seilbh acu, chuir an tImscrúdaitheoir líon áirithe de cheisteanna ar an gComhairle. Mar shampla, leag sí béim ar an bpointe go gceanglaítear leis an Acht um Rialú Capall clár ina mbeadh sonraí faoi na capaill a choinneáil. Dheimhnigh an Chomhairle nach bhfuil clár den sórt acu i bhfoirm leabhair agus gurbh é an t-aon "chlár" a coinníodh le linn an ama sin sceideal clóscríofa ina raibh an líon capall a ndearnadh iad a urghabháil sa tréimhse agus an póna capall inar cuireadh na capaill a ndearnadh iad a urghabháil. Ní raibh leibhéal sonraí ar bith faoi na capaill a ndearnadh iad a urghabháil ná comhartha aitheantais ar bith ar na capaill sa sceideal. Dheimhnigh an Chomhairle do m'Oifig, mar fhreagra ar cheisteanna eile a cuireadh, nach raibh nós imeachta ar

bith i bhfeidhm acu chun gluaiseacht capaill a ndearnadh iad a urghabháil a rianú.

I ndáil leis an bhfógra a crochadh i Stáisiún áitiúil na nGardaí, rinne an Chomhairle, tar éis idirghabháil a rinne m'Oifig, teagmháil le comhalta den Gharda Síochána a luaigh go raibh an fógra ba ghá crochta aige ar an gclár fógra sa Stáisiún ar an lá a ndearnadh na capaill a urghabháil. D'iarr an Chomhairle air a thaifid a chuardach agus dheimhnigh sé ina dhiaidh sin nach raibh an fógra ná cóip den fhógra ina sheilbh aige. Ba é seasamh na Comhairle maidir leis an gcóip den Fhógra a crochadh sa phóna capall nárbh ann d'fhaisnéis ar bith a thabharfadh le fios go raibh taifead den sórt, dá mba ann dó riamh, coinnithe ag an gComhairle. Fachtóir ar ghá é a thabhairt san áireamh maidir leis seo ab ea go raibh naoi mbliana caite ón tráth inar tharla na heachtraí atá i gceist.

D'iarr m'Oifig ar an gComhairle an seasamh a bhí acu maidir le taifid ar bith eile, lena n-áirítear taifid tréidliachta, a shoiléiriú. Sa fhreagra a thug siad, chomhairligh an Chomhairle gur litir lámhscríofa ón gconraitheoir tarlaithe dar dáta an 7 Samhain 2001 an t-aon taifead ina raibh sonraí faoi dhíothú na gcapall agus go raibh an litir sin tugtha don iarratasóir cheana féin. Sa mhéid is a bhain sé le díothú na gcapall, níor luadh sa litir ach gur díothaíodh na capall trína gcur síos agus ní dhearnadh tagairt ar bith gur glacadh cúram tréidliachta. Bhí m'Oifig den dearcadh gur léir ó na forálacha reachtúla gur réimse í coinneáil agus díothú ainmhithe a rialaítear go grinn. Ba léir chomh maith gur bheart eisceachtúil é ainmhí a dhíothú. Chuige seo sholáthair an tiarratasóir cóip d'fhíseán as sliocht nuachta ón mbliain 2002 inar luaigh urlabhraí thar ceann an phóna capall lenar bhain gur fíor-annamh a dhéantar capall ar bith a bhíonn á choinneáil sa phóna a dhíothú. Ba é an sampla a tugadh go bhfuarthas, i dtréimhse inar cuireadh 5,000 capall isteach sa phóna, áiteanna eile do 1,000 capall agus gur cuireadh 26 capall síos ar chúinsí tréidliachta. Tríd is tríd, threisigh m'Oifig an pointe don Chomhairle gur dheacair dúinn glacadh leis an seasamh a bhí acu, i gcás gur cuireadh síos na capaill mar a d'éiligh an Chomhairle agus a ngníomhaire, nach raibh taifid chomhaimseartha de shórt ar bith ann faoi dhíothú na dtrí chapall. Threisigh an Chomhairle an chointinn a bhí acu an athuair nach raibh taifid ar bith den sórt ina seilbh acu.

Breith ar Athbhreithniú

Sa deireadh, tar éis breithniú a dhéanamh ar na himthosca go léir agus ar na freagraí a thug an Chomhairle ar na ceisteanna éagsúla, cinneadh an t-athbhreithniú a dhúnadh. D'athraigh m'Oifig breith na Comhairle sa mhéid is a bhain sé le taifead breise amháin a tháinig chun cinn le linn an athbhreithnithe agus d'ordaigh m'Oifig go scaoilfí an taifead chuig an iarratasóir. Cóip den nóta árachais don tréimhse atá i gceist a fuair an Chomhairle ón gconraitheoir tarlaithe tar éis do m'Oifig ceisteanna a chur a bhí sa taifead. Seachas sin, chinn m'Oifig go raibh údar ag an gComhairle rochtain ar thaifid bhreise a dhiúltú ar an mbonn nach ann do thaifid den sórt nó nach féidir iad a aimsiú agus dá réir sin tá feidhm ag alt 10(1)(a) den Acht um SF.

Ní thugtar cumhacht do m'Oifig faoin Acht um SF, le linn athbhreithniú faoi alt 34 den Acht um SF, breithniú a thabhairt ar conas a d'fheidhmigh an Chomhairle a bhfeidhmeanna tríd is tríd; ní fholaítear leis an athbhreithniú ach cibé an raibh nó nach raibh an ceart ag an gComhairle diúltú rochtain a thabhairt ar thaifid áirithe ar an mbonn go bhfuil siad díolmhaithe óna scaoileadh faoi fhorálacha an Achta um SF. Ní cheanglaítear leis an Acht taifid a chruthú i gcás nach ann do thaifid den sórt nó nach bhfuil na taifid á sealbhú, ná ní fhoráiltear ann ach oiread do thaifid ar chóir gurb ann dóibh.

Rochtain ar Thuarascálacha Imscrúdaithe

Cuirtear an tástáil chothromaíochta ar leas an phobail gur cuid lárnach den chinnteoireacht SF í, i bhfeidhm ar an gcéad chás den dá chás seo.

Maidir leis an dara cás, chinn sé ar m'Oifig ní ar bith a fháil chun tacú le héileamh an chomhlachta phoiblí go raibh ionchas frithpháirteach rúndachta idir an duine a rinne imscrúdú thar ceann an chomhlachta phoiblí agus na daoine ar cuireadh faoi agallamh iad i gcomhthéacs aighnis san ionad oibre.

An tUasal X agus FSS (Cás 060320)

Cúlra agus Taifid a Iorgaíodh

Rinne an tiarratasóir sa chás seo iarraidh SF ar FSS go dtabharfaí rochtain dó ar chóip de thuarascáil ó fhoireann fiosrúcháin arna bunú sa bhliain 2002 ag Bord Sláinte an Iarthuaiscirt, mar a bhí, mar thoradh ar ghearán a bhí déanta aige roimhe sin. Bhain an gearán le cleachtais oideasaithe agus urghnaimh ar leith a bhain le lia-chleachtóir agus cógaiseoir. Nuair a rinneadh an gearán ba le Bord Sláinte an Iarthuaiscirt mar a bhí, a bhí an conradh ag an lia-chleachtóir agus ba le Bord Sláinte an Oirthuaiscirt mar a bhí, a bhí an conradh ag an gcógaiseoir.

Breith FSS

Dhiúltaigh FSS don iarraidh SF ar na forais go raibh an tuarascáil díolmhaithe óna scaoileadh faoi alt 21(1)(a) agus (b) den Acht um SF ina ndéileáiltear le himscrúduithe agus le feidhmeanna bainistíochta comhlachtaí poiblí.

Aighneachtaí na bPáirtithe

San aighneacht a chuir sé faoi bhráid m'Oifige, dhírigh an tiarratasóir ar na gnéithe ar leas an phobail a bheadh i bhfabhar rochtain a thabhairt ar an taifead agus sheas sé leis, fiú i gcás go mbeadh an taifead díolmhaithe faoin Acht um SF, gur chóir an díolúine sin a chur de leataobh ar mhaithe le leas an pobail. Rinne sé an argóint gur mhór a dhéanfadh ábhar na tuarascála leas an phobail ó tharla gur ghá do na himscrúdaitheoirí faoi na téarmaí tagartha a shuíomh cibé:

- ar sáraíodh an reachtaíocht ar bhealach ar bith, lena n-áirítear cód conarthach, a raibh an Bord Sláinte, mar a bhí ag an am, freagrach as a fhorfheidhmiú;
- ar cuireadh as do chúram othair
- ar éascaigh na comhshocruithe reatha sna ceantair a bhí i gceist cearta na n-othar roghnú cá ndáilfí a gcógais.

Luaigh an tiarratasóir gur tháinig an tuarascáil chun cinn mar thoradh ar ghearáin thromchúiseacha a bhaineann le heitic mhíochaine, cóir-thrádáil, dáileadh neamhdhleathach, ionramháil, claonpháirtíocht, imeaglú, eagla, sárú conartha, cinntí arna ndéanamh go heolach ag foireann FSS nach dtiocfadh le conarthaí FSS. Ábhair ab

ea iad seo, a d'áitigh sé, ar gá iad a chur faoi bhráid an phobail. I mí lúil 2006 rinne an FSS íocaíocht leis an iarratasóir (an gearánach ag an am) agus cuireadh síos uirthi mar íocaíocht "ex-gratia" chun réiteach iomlán agus deiridh a fháil ar a ghearán. Maidir leis sin bhí an tlarratasóir den dearcadh gur chóir go gcuirfí imscrúdú ar bith a mbeadh tairiscint chúitimh de shuim shuntasach d'airgead poiblí dá thoradh faoi bhráid an phobail.

D'áitigh na tríú páirtithe lena mbaineann (an lia-chleachtóir agus an cógaiseoir), tar éis gur tugadh fógra dóibh faoin athbhreithniú a bhí á dhéanamh ag m'Oifig, gur chóir don tuarascáil a bheith díolmhaithe faoi alt 20(1) den Acht um SF ar na forais go raibh an tuarascáil easpach agus go raibh próiseas pléite fós ar siúl maidir leis an gceist. Dúradar gur bhain an cheist go léir le haighneas beag idir bheirt chógaiseoir ... agus dá bhrí sin nach mbeadh leas ar bith ag an bpobal i gcoitinne inti ná nár chás leis an bpobal í. I measc na n-argóintí eile a rinneadh thar a gceann bhí – go dtángthas ar chomhaontú leis an bhfoireann fiosrúcháin nach scaoilfí an tuarascáil, gur imir an fhoireann fiosrúcháin leatrom ina gcoinne agus gur sháraigh na fionnachtana diúltacha a rinneadh sa tuarascáil nósanna imeachta cothroma agus ceartas aiceanta agus bunreachtúil. Rinne siad an argóint, sa mhéid is a bhaineann sé le leas an phobail, gurbh fhearr a dhéanfaí leas an phobail trí leagan den tuarascáil atá curtha in eagar nó ar tugadh rabhadh láidir faoi a fhoilsiú.

An tImscrúdú

Maidir le ceist chointinn na dtríú páirtithe go raibh an tuarascáil easpach agus go raibh sí fós faoi réir próiseas pléite, shuigh m'Oifig nach raibh foras le fónamh lena gcointinn. Bhí a thuarascáil curtha ag an gcoiste imscrúdaithe faoi bhráid Bhord Sláinte an Iarthuaiscirt, mar a bhí, sa bhliain 2003; níor thug FSS le tuiscint ar chor ar bith go raibh an tuarascáil fós le críochnú ná go raibh pléite ábhartha ar bith a bhain léi ar siúl. Bunaíodh argóintí FSS go príomha ar an dearcadh go lagófaí ar a cumas imscrúduithe den sórt a sheoladh arís sa todhchaí dá scaoilfí an tuarascáil. Ní raibh m'Oifig cinnte go mbeadh iarmhairtí ann a dhéanfadh dochar tromchúiseach d'imscrúduithe sa todhchaí dá scaoilfí an tuarascáil seo.

Le linn an imscrúduithe, bhí m'Oifig den dearcadh go bhféadfaí alt 27 den Acht um SF ina ndíolmhaítear faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a bhreithniú go hiomchuí. Bhí m'Oifig den dearcadh, de bharr ábhar na tuarascála, go bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis, dá scaoilfí an tuarascáil go ndéanfaí dochar do staid iomaíochta tríú páirtí amháin nó an tríú páirtí eile, nó do gach aon duine de na tríú páirtithe i seoladh a ngairmeacha. Ar an mbonn sin bhí feidhm ag an díolúine in alt 27(1)(b) maidir leis an tuarascáil.

Leas an Phobail

Bhreithnigh m'Oifig gur gné chomónta de na díolúintí a luadh in alt 21(1) – go ndéanfaí dochar d'éifeachtacht imscrúduithe agus feidhmeanna a bhaineann le bainistiú – agus 27(1)(b) – go ndéanfaí dochar do staid iomaíochta duine i seoladh na gairme nó an ghnó atá aige nó aici – chomh maith leis an díolúine a bhaineann le próiseas pléití in alt 20, dá mba rud é go gcinnfí go bhfuil feidhm maidir leo, go bhféadfaí gach ceann díobh a chur de leataobh i gcás go mbeadh údar leis ar mhaithe le leas an phobail. Is í an tástáil chéanna ar leas an phobail a chuirfí i bhfeidhm maidir le gach cás. Dá mba rud é go gcinnfí feidhm a bheith ag ceann ar bith de na díolúintí seo, ní bheadh an tuarascáil inscaoilte ach amháin i gcás go gcinnfí go ndéanfaí leas an phobail trína scaoileadh. Níor ghá, dá réir sin, de bharr go bhfuil feidhm ag tástáil chomhionann ar leas an phobail, na díolúintí eile a bhreithniú go sainráite.

Bhreithnigh m'Oifig gurbh fhearr a dhéanfaí leas an phobail in go leor bealaí dá dtabharfaí rochtain ar an tuarascáil. Áiríodh leis sin:

- a bheith ar an eolas faoin gcaoi ina ndéileálann an tseirbhís reachtúil sláinte le gearáin thromchúiseacha;
- cuntasacht phoiblí a chinntiú maidir le gníomhartha FSS (lena n-áirítear na boird sláinte a chuaigh roimpi), agus a foireann agus a conraitheoirí;
- a chinntiú go dtabharfaí tús áite i ngníomhartha FSS do leas na n-othar agus na gcliant;
- cuntasacht a chinntiú ó thaobh airgead poiblí a chaitheamh;
- eolas a scaipeadh ar an bpobal faoi na córais a bhíonn in úsáid ag an tseirbhís sláinte poiblí agus faoi na meicníochtaí atá i bhfeidhm chun deacrachtaí a réiteach.

Ba léir ón scrúdú a rinneadh ar an tuarascáil gurbh eol do na daoine a ndearnadh gearáin fúthu cineál na ngearán a rinneadh ina gcoinne agus gur leor an deis a tugadh dóibh na gearáin sin a fhrisnéis le linn obair na foirne fiosrúcháin. D'fhreastail an dá thríú páirtí ar chruinnithe leis na himscrúdaitheoirí; bhí ionadaithe gairmiúla/dlíthiúla ina gcomhluadar ag na cruinnithe faoi seach a bhí acu leis na himscrúdaitheoirí; agus shínigh an dá thríú páirtí miontuairiscí na gcruinnithe a bhí acu leis na himscrúdaitheoirí.

Níor thacaigh an fhaisnéis a bhí ar fáil, dá bhrí sin, le tátal nach raibh na déileálacha a bhain leis an imscrúdú cóir cothrom agus ní raibh m'Oifig sásta go raibh na hargóintí ar leas an phobail a rinneadh i bhfabhar rochtain ar an tuarascáil a dhiúltú láidir a ndóthain.
Tríd is tríd, bhain m'Oifig de thátal as gurbh fhearr a dhéanfaí leas an phobail dá dtabharfaí rochtain ar an tuarascáil.

Breith ar Athbhreithniú

Neamhnigh m'Oifig breith FSS diúltú rochtain a thabhairt ar an tuarascáil agus d'ordaigh sí go dtabharfaí rochtain ar an tuarascáil, agus na haguisíní a bheith san áireamh inti faoi réir ag sonraí trína n-aithneofaí sealbhóirí cártaí liachta agus othar a bheith scriosta amach.

An tUasal X agus Comhairle Contae Áirithe (Cás 060130)

Cúlra agus Taifid a lorgaíodh

Tuarascáil ar Imscrúdú ar ghearán faoin Nós Imeachta maidir le gearán agus Araíonacht na Comhairle an taifead a lorgaíodh sa chás seo. Ba é an t-iarrthóir an duine a bhí faoi réir ag an imscrúdú.

Breith na Comhairle

Dhiúltaigh an Chomhairle rochtain a thabhairt ar an taifead iomlán i dtús báire agus luaigh siad an díolúine in alt 26 – faisnéis a fhaightear i modh rúin. D'aontaigh an Chomhairle, le linn an Athbhreithnithe a bhí á dhéanamh ag m'Oifig, rochtain a thabhairt don Iarratasóir ar shleachta as an tuarascáil agus chuir siad an díolúine in alt 21(1)(a) – go ndéanfaí dochar d'imscrúduithe – leis mar thaca dá ndiúltú rochtain a thabhairt ar an gcuid eile den tuarascáil.

An tImscrúdú

Shoiléirigh m'Oifig don Chomhairle go dtoimhdeofar nach raibh údar le diúltú rochtain a thabhairt ar thaifid mura suífear, chun sástacht an Choimisinéara, go raibh údar leis an mbreith. Chuir m'Oifig in iúl don iarratasóir chomh maith nach bhfuil ról ag an gCoimisinéir maidir le scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar dhéileáil an Chomhairle leis an gceist araíonachta arb í ábhar na tuarascála atá i gceist í agus go dtoirmisctear an cinnteoir go sainráite in alt 8(4) den Acht um SF "[f]aoi réir fhorálacha an Achta seo" ó bheith ag féachaint d'aon chúis a d'fhéadfadh a bheith ag an iarrthóir le hiarraidh SF a dhéanamh chun rochtain a fháil ar an tuarascáil atá i gceist.

Leagadh béim ar an mbreithniú a rinneadh sa chás seo go príomha ar éileamh na Comhairle gur thug na rannpháirtithe sa phróiseas an fhaisnéis sa tuarascáil atá i gceist dá nImscrúdaitheoirí i modh rúin.

Alt 26 – I modh rúin

Tugtar cosaint ó scaoileadh faisnéise a fhaightear i modh rúin in alt 26 den Acht um SF in imthosca áirithe. Tugtar aitheantas in alt 26(1) do dhá cheann d'imthosca ina bhféadfaí féachaint ar fhaisnéis mar fhaisnéis a fhaightear i modh rúin agus a dhíolmhaítear óna scaoileadh faoin Acht um SF, dá réir. An chéad cheann is ea gur faisnéis í (i) a tugadh don chomhlacht poiblí i modh rúin; ii) ar an mbonn tuisceana go ndéileálfadh sé léi mar fhaisnéis faoi rún; (iii) gur dóigh, dá nochtfaí í, go ndéanfaí dochar do thabhairt faisnéise eile dá shamhail don chomhlacht sin agus (iv) go bhfuil sé tábhachtach don chomhlacht go leanfaí d'fhaisnéis eile dá shamhail den sórt sin a thabhairt don chomhlacht. Ní bhíonn feidhm ag an bhforáil sin, tríd is tríd, más rud é gurbh fhearr a dhéanfaí leas an phobail trí ghéilleadh don iarraidh ná trí dhiúltú géilleadh di (dá dtagraítear in alt 26(3)). An dara ceann is ea gurbh ionann nochtadh na faisnéise agus sárú dualgais rúndachta dá bhforáilfí le comhaontú nó le hachtachán nó thairis sin le dlí.

Ní bheidh feidhm ag díolúine alt 26(1) faoi alt 26(2) maidir leis an taifead atá i gceist gur taifead é arna ullmhú ag comhalta d'fhoireann comhlachta phoiblí nó gur duine atá ag soláthar seirbhíse do chomhlacht poiblí faoi chonradh le haghaidh seirbhísí le linn dó nó di a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh **"murarbh ionann nochtadh**

na faisnéise lena mbaineann agus sárú dualgais rúndachta dá bhforáiltear le comhaontú nó le reacht nó thairis sin le dlí agus a bheidh ag dul do dhuine seachas comhlacht poiblí nó ceann nó stiúrthóir, nó comhalta d'fhoireann, comhlachta phoiblí nó duine atá ag soláthar seirbhíse, nó a sholáthair seirbhís, do chomhlacht poiblí faoi chonradh le haghaidh seirbhísí". Leagadh an teorainn atá le cur chun feidhme alt 26(1) amach i líon áirithe de bhreitheanna a thug m'Oifig roimhe seo agus sheas an Ard-Chúirt leis le gairid in **Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte – v – An Coimisinéir Faisnéise** [2008] IEHC 298 (a dtugaim mioneolas faoi i gCaibidil 2 den tuarascáil seo).

Comhairleoir a sholáthair seirbhís don Chomhairle faoi chonradh seirbhísí a d'ullmhaigh an taifead atá i gceist sa chás seo. Dá réir sin, ní fhéadfadh feidhm a bheith ag alt 26(1) murarbh ionann nochtadh na faisnéise lena mbaineann agus sárú dualgais rúndachta a bhí ag dul do dhuine éigin eile (.i. duine nár chomhalta d'fhoireann na Comhairle é nó í nó conraitheoir/comhairleoir don Chomhairle).

Mheas m'Oifig chomh maith nach raibh bonn ar bith chun go mbainfí de thátal as gurbh ann do dhualgas cothromais rúndachta sna himthosca. Níor aimsigh m'Oifig fianaise ar bith sa taifead féin chun tacú le héileamh na Comhairle gur tugadh an fhaisnéis don imscrúdaitheoir i modh rúin nó ar an mbonn tuisceana go ndéileálfaí léi mar fhaisnéis faoi rún. A mhalairt de scéal is ea, gur tugadh an ráiteas seo a leanas líon áirithe uaireanta sa tuarascáil i ndáil le rannchuidiú tríú páirtithe éagsúla sa phróiseas imscrúduithe: **Cuireadh in iúl go mbeadh an fhaisnéis seo ina cuid den tuarascáil imscrúduithe agus dá réir go mbeadh sí le fáil ag an dá pháirtí.**

Alt 21 – dochar d'imscrúduithe

D'éiligh an Chomhairle chomh maith go raibh an taifead díolmhaithe faoi alt 21(1)(a) den Acht, más rud é dá dtabharfaí rochtain ar an tuarascáil go ndéanfaí dochar d'éifeachtacht scrúduithe agus imscrúduithe arna seoladh ag an gComhairle, nó thar ceann na Comhairle. Dúirt sé dá nochtfaí an fhaisnéis go mbeadh d'éifeacht aige go lagófaí rúndacht an phróisis ina mbítear ag brath ar fhinnéithe teacht chun cinn agus cruthúnas a thabhairt i ndáil le cásanna Gearán agus Araíonachta.
I gcás go dtéitear in iontaoibh alt 21(1)(a) chun rochtain ar thaifead a dhiúltú, ní mór a aithint ar an gcéad ásc an díobháil fhéideartha do na feidhmeanna a fholaítear sa

díolúine a tharlódh dá dtabharfaí rochtain. Ach an díobháil sin a bheith aitheanta, ansin ní mór aghaidh a thabhairt ar réasúntacht aon ionchais go dtarlódh an díobháil. Ghlac m'Oifig leis go bhféadfadh an taifead a bheith faoi réim díolúine alt 21(1)(a), mar gur chuid den phróiseas ar ghlac an Chomhairle leis chun déileáil le gearán ar leith ab ea é. Mar sin féin níor sholáthair an Chomhairle faisnéis ar bith chun tacú lena ndearbhuithe go ndéanfaí díobháil d'imscrúduithe eile dá samhail sa todhchaí ná go ndéanfaí díobháil áirithe ar bith dá dtabharfaí an rochtain iarrtha ar an taifead iomlán. Sna himthosca go léir, chinn m'Oifig nach raibh feidhm ag alt 21(1)(a) maidir leis an taifead áirithe.

Breith ar Athbhreithniú

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh faoi alt 34(2) den Acht um SF, chinn m'Oifig nach raibh údar ag an gComhairle rochtain ar an taifead a bhí á lorg a dhiúltú. D'ordaigh an Oifig don Chomhairle an taifead a scaoileadh gan faisnéis phearsanta daoine aonair a bheith leis ó tharla gur cinneadh go raibh siad díolmhaithe óna scaoileadh faoi alt 28(1) den Acht.

CAIBIDIL 4


Fás spent €750k
on luxury flights
in five years
Irish Examiner 5/12/08
in rural areas
longer than norm
Irish Examiner 6/10/08
Cabinet FOI
papers fall foul
of the censors
The need for
transparency
Irish Examiner: 29/11/08
Rotunda refuses
to release 100-
year old records
Irish Medical Times: 1/2/08
Home's staff tied up
resident using socks
Irish Independent: 22/8/08
executive
Irish Times: 19/5/08
Government to appeal ruling on cabinet access
Irish Examiner: 22/10/08
Information on
use of Shannon for
'rendition' sought
Calls for FoI fees to
be abolished after
requests drop 42pc

"Is ag an Státseirbhís fós atá an ráta scaoilte is ísle i gcomparáid leis na hearnálacha eile, agus tá a ráta ag 36% beagnach díreach mar an gcéanna le ráta 35% na bliana 2007."

Staitisticí

Roinn I - Comhlachtaí Poiblí - 2008

Tábla 1: Forbhreathnú Orbhreathnú ar Iarratais Saorála Faisnéise ar Dhéileáil Comhlachtaí Leo
Tábla 2: Iarratais Saorála Faisnéise ar Dhéileáil Comhlachtaí Poiblí Leo agus a Rinneadh a Achomharc ina Dhiaidh Sin
Tábla 3: Iarratais Saorála Faisnéise a Fuarthas, Anailís de Réir Chinéal Iarraasóra
Tábla 4: Forbhreathnú ar Iarratais ar Dhéileáil Comhlachtaí Poiblí Leo
Tábla 5: Anilís ar Iarratais ar Dhéileáil Earnáil na Serbhíse Poiblí Leo
Tábla 6: Iarratais Saorála Faisnéise a Fuair Ranna/Oifigí na Státseirbhíse
Tábla 7: Iarratais Saorála Faisnéise a Fuair Údaráis Áitiúla
Tábla 8: Iarratais Saorála Faisnéise a Fuair Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)
Tábla 9: Iarratais Saorála Faisnéise a Fuair Ospidéil Shaorálacha, Seirbhísí Sláinte Meabhrach agus Gníomhaireachtaí Gaolmhara Eile
Tábla 10: Iarratais Saorála Faisnéise a Fuair Comhlachtaí Oideachais Tríú Leibhéal
Tábla 11: Iarratais Saorála Faisnéise a Fuair Comhlachtaí Eile
Tábla 12: Táillí ar Dhéileáil Comhlachtaí Poiblí Leo

(Tugtar d'Aire: Figiúirí do na tablaí thuas arna soláthar ag Líonra Úsáideoirí na Státseirbhíse, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Grúpa Idirchaidrimh Saorála Faisnéise na nÚdarás Áitiúil, an Roinn Sláinte agus Leanaí, Cónaidhm Náisiúnta na gComhlachtaí Saorálacha, an Grúpa Idirchaidrimh don Earnáil Ard-Oideachais agus arna dtiomsú ag Oifig an Choimisinéara Faisnéise).

Roinn II - Oifig an Choimisinéara Faisnéise - 2008

Tábla 13: Anailís ar Iarratais ar Athbhreithnithe a Fuarthas
Tábla 14: Anailís ar Chásanna Athbhreithnithe
Tábla 15: Iarratais ar Athbhreithnithe ar Glacadh Leo ag an gCoimisinéir Faisnéise - Anailís de Réir Comhlachta Phoiblí
Tábla 16: Toradh Athbhreithnithe Críochnaithe - Comparáid Trí Bliana
Tábla 17: Ábhar na nIarratas ar Athbhreithniú ar Glacadh Leo - Comparáid Trí Bliana
Tábla 18: Iarratais ar Glacadh Leo de Réir Cineáil - Comparáid Trí Bliana
Tábla 19: Fiosruithe Ginearálta / Ar Guthán
Tábla 20: Iarrataí a Mheastar a Bheith Diúltaithe De Bharr nár thug Comhlachtaí Poiblí Freagra Orthu

Roinn I - Comhlachtaí Poiblí - 2008

Tábla 1: Forbhreathnú Orbhreathnú ar Iarratais Saorála Faisnéise ar Dhéileáil Comhlachtaí leo

Iarratais idir lámha - 01/01/2008		1,991
Iarratais a fuarthas i 2008		
	Pearsanta	8,229
	Neamhphearsanta	4,239
	Measctha	204
Iomlán:		**12,672**
Iomlán na n-iarratas idir lámha le linn na bliana		14,663
Iarratais ar déileáladh leo		12,344
Iarratais idir lámha - 31/12/2008		2,319

Tábla 2: Iarratais Saorála Faisnéise ar Dhéileáil Comhlachtaí Poiblí leo agus a Rinneadh a Achomharc ina Dhiaidh Sin

	Líon	Céatadán
Iarratais Saorála Faisnéise ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo	12,344	100%
Athbhreithnithe inmheánacha a fuair comhlachtaí poiblí	622	5%
Iarratais ar ghlac an Coimisinéir leo	176	1%

Tábla 3: Iarratais Saorála Faisnéise a Fuarthas, Anailís de Réir Chinéal Iarratasóra

Iarratasóirí	Líon	Céatadán
Iriseoirí	1,848	15%
Lucht Gnó	724	6%
Comhaltaí den Oireachtas	157	1%
Baill foirne Comhlachtaí Poiblí	607	5%
Cliaint foirne Comhlachtaí Poiblí	7,217	57%
Eile	2,119	16%
Iomlán	**12,672**	**100%**

Tábla 4: Forbhreathnú ar Iarratais ar Dhéileáil Comhlachtaí Poiblí leo

Cineál Iarratais	Líon	Céatadán
Iarratais a géilleadh dóibh	6,859	55%
Iarratais a géilleadh dóibh i bpáirt	2,657	22%
Iarratais a diúltaíodh dóibh	1,456	12%
Iarratais a aistríodh chuig an gcomhlacht cuí	145	1%
Iarratais a tarraingíodh siar nó a láimhseáileadh lasmuigh de Shaoráil Faisnéise	1,227	10%
Iomlán	**12,344**	**100%**

Tábla 5: Anilís ar Iarratais ar Dhéileáil Earnáil na Serbhíse Poiblí leo

	Céatadán dár géilleadh	Céatadán dár géilleadh ibpáirt	Céatadán a diúltaíodh	Céatadán a aistríodh	Céatadán a tarraingíodh siar nó a láimhsíodh lasmuigh de raon an Achta	Iomlán
Ranna/Oifigí Státseirbhíse	36	30	17	2	15	100
Údaráis Áitiúla	54	23	18	0	5	100
FSS	70	18	8	1	3	100
Ospidéil Shaoráacha, Seirbhísí Sláinte Meabhracha agus Gníomhaireachtaí Gaolmhara Eile	70	7	6	1	16	100
Institiúdí Tríú Leibhéal	48	43	2	0	7	100
Comhlachtaí Eile	55	27	8	0	10	100

Tábla 6: Iarratais Saorála Faisnéise a Fuair Ranna/Oifigí na Státseirbhíse

Rannóg/Oifig na Státseirbhíse	Pearsanta	Neamh phearsanta	Measctha	Iomlán
An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí	559	158	1	718
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh	441	44	0	485
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta	280	171	6	457
An Roinn Sláinte agus Leanaí	46	181	0	227
Na Fórsaí Cosanta	197	21	0	218
An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia	111	106	0	217
An Roinn Airgeadais	16	161	3	180
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	78	63	0	141
An Roinn Iompair	44	90	4	138
An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	9	118	0	127
An Roinn Gnóthaí Eachtracha	18	71	0	89
An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta	1	74	10	85
Department of the Taoiseach	4	79	0	83
An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Achmhainní Nádúrtha	3	69	0	72
An Roinn Cosanta	23	36	0	59
An Roinn Ealaion, Spóirt agus Turasóireachta	0	54	0	54
An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta	1	50	2	53
Oifig na nOibreacha Poiblí	1	44	0	45
Oig an Choimisinéara Faisnéise	12	15	5	32
An tSeirbhís um Ceapacháin Phoiblí	16	10	4	30
Oifig Thithe an Oireachtais	4	25	0	29
Oifig Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí	5	6	0	11
Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí	0	7	0	7
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	6	0	0	6
Oifig an Áred-Aighne	1	4	0	5
Oifig Luachála	5	0	0	5
Oifig na Coimisinéirí Achomharc do na hAchtanna Cánach	1	3	0	4
Suirbhéaracht Ordanáis Éireann	2	2	0	4
Oifig an Ombudsman	3	0	0	3
An Phríomh-Oifig Staidrimh	0	2	0	2
Oifig an Árd-Reachtaire Cúnta agus Ciste	0	1	0	1
Oifig Chláraitheoir na gCara-Chumann	0	1	0	1
Oifig Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corporáideach	0	0	0	0
Iomlán	**1,887**	**1,666**	**35**	**3,588**

Tábla 7: Iarratais Saorála Faisnéise a Fuair Údaráis Áitiúla

Údaráis Áitiúl	Pearsanta	Neamh phearsanta	Measctha	Iomlán
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	68	114	1	183
Comhairle Contae Chorcaí	25	144	0	169
Comhairle Contae Fhine Gall	17	55	0	72
Comhairle Contae Chiarraí	3	41	28	72
Comhairle Contae an Chláir	6	57	4	67
Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	10	51	0	61
Comhairle Contae na Gaillimhe	10	50	0	60
Comhairle Contae Chorcaí	20	38	0	58
Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Rath an Dúin	18	40	0	58
Comhairle Contae Mhuigh Eó	5	52	0	57
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	16	38	0	54
Comhairle Cathrach Luimní	26	16	0	42
Comhairle Contae na Mí	3	36	0	39
Comhairle Contae Dhún na Gall	1	37	0	38
Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas	3	33	2	38
Comhairle Contae Loch Garman	3	28	5	36
Comhairle Contae Laoise	16	17	0	33
Comhairle Contae Chill Dara	1	31	0	32
Comhairle Contae Lú	7	23	0	30
Comhairle Contae Phort Lairge	1	27	0	28
Comhairle Contae Luimní	1	24	0	25
Comhairle Contae Ros Comáin	2	21	2	25
Comhairle Contae Chill Mhantáin	13	12	0	25
Comhairle Cathrach Phortláirge	10	12	0	22
Comhairle Contae Cheatharlocha	2	20	0	22
Comhairle Contae Chill Chainnigh	2	20	0	22
Comhairle Contae Shligigh	4	18	0	22
Comhairle Contae na h-Iarmhí	8	13	0	21
Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh	2	18	0	20
Comhairle Contae Uibh Fhailí	4	16	0	20
Comhairle Contae an Longfoirt	5	13	1	19
Comhairle Contae Liatroma	6	11	0	17
Comhairle Contae Mhuineacháin	5	11	0	16
Comhairle Contae an Chabháin	1	12	1	14
Iomlán	**324**	**1,149**	**44**	**1,517**
Údaráis Réigiúnda	0	8	0	8
Comhthionóil Réigiúnda	0	2	0	2

*Tá figiúirí le haghaidh Comhairlí Baile agus Comhairlí Buirge istigh sna figiúirí den Chontae sin

Tábla 8: Iarratais Saorála Faisnéise a Fuair Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)

Limistéar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte*	Pearsanta	Neamh phearsanta	Measctha	Iomlán
FSS Deisceart	1,402	77	69	1,548
FSS Iarthair	1,274	88	0	1,362
FSS Baile Átha Cliath Thoir-Thuaidh	586	45	0	631
FSS Baile Átha Cliath-Lar Laighean	427	26	10	453
Iarrataí Náisiúnta - Corparáideach (URSO agus SCSO san áireamh	3	203	0	206
Iarrataí Náisiúnta (Chuig Limistéar)	0	31	0	31
Iomlan	**3,692**	**470**	**69**	**4,231**

*De réir struchtúr réigiúnach Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Tábla 9: Iarratais Saorála Faisnéise a Fuair Ospidéil Shaorálacha, Seirbhísí Sláinte Meabhrach agus Gníomhaireachtaí Gaolmhara Eile

Ospidéil/Seirbhís/ Gníomhaireacht	Pearsanta	Neamh phearsanta	Measctha	Iomlán
Ospidéal Naoimh Shéamais	266	13	1	280
Ospidéal Mater Misericordiae	210	9	0	219
Ospidéal na hOllscoile na Trócaire, Corcaigh	195	5	0	200
Ospidéal Beaumont	144	3	0	147
Ospidéal Rotunda	127	9	0	136
Ospidéal na hOllscoile Naoimh Uinseann	113	8	0	121
Ollscoil Otharlann an Deiscirt - Ospidéal Victeoria, Corcaigh	117	3	0	120
Ospidéal Ban an Chúm	83	4	0	87
Ospidéal Mhuire do Leanaí Breoite, Cromghlinn	78	9	0	87
Ospidéal Thamhlachta (Ospidéal Adelaide agus na Mí ag ionchorpú an Ospidéal Náisiúnta Leanaí)	71	10	0	81
Ospidéal Náisiúnta Máithreachais, Sráid Holles	75	3	0	78
Ospidéal na Leanaí, Sráid an Teampaill	70	7	0	77
Ospidéal Naoimh Eoin, Luimneach	53	5	0	58
Ospidéal Náisiúnta Ortaipéadach Cheapach, Baile Átha Cliath	44	1	0	45
Ospidéal Ríoga Victeoiriach Súl agus Cluas	32	4	0	36
Ord SpidiléiríNaoimh Eoin Dé	19	0	0	19
Bráithre na Carthanachta, Gaillimh	18	0	0	18
Ospidéal Naoimh Uinseann, Fionnradharc	16	0	0	16

Tábla 9: Iarratais Saorála Faisnéise a Fuair Ospidéil Shaorálacha, Seirbhísí Sláinte Meabhrach agus Gníomhaireachtaí Gaolmhara Eile

Ospidéil/Seirbhís/ Gníomhaireacht	Pearsanta	Neamh phearsanta	Measctha	Iomlán
Coimisiún Meabhair Sláinte	9	4	0	13
Ospidéal Náisiúnta Athslánuacháin, Dún Laoghaire	12	0	0	12
Bráithre na Carthanachta, Corcaigh	12	0	0	12
Ospidéal Naoimh Micheál, Dún Laoghaire	7	3	0	10
Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte	1	7	2	10
Comhairle na nDochtúirí Leighis	4	4	2	10
Seirbhísí Iníonacha na Carthanachta	9	0	0	9
Ospidéal Stewartl	7	0	0	7
Ospis Mhuire, Crois Araild	4	2	0	6
Ospidéal Naoimh Lúcais, Rath Garbh	4	2	0	6
Bráithre na Carthanachta, Port Láirge	5	1	0	6
Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála	3	2	0	5
Fondúireacht COPE	5	0	0	5
Seirbhísí Naoimh Áine, Ros Cré	5	0	0	5
Seirbhísí Naoimh Phadhraig, Cill Chainnigh	4	1	0	5
Lárchlinic Íochshláinte	4	0	0	4
Cheshire Éireann	2	0	3	
Gníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime	0	3	0	3
Bráithre na Carthanachta, Luimneach	3	0	0	3
Bráithre na Carthanachta, Ros Comáin	3	0	0	3
Siúracha Carthanachta Iosa agus Mhuire	3	0	0	3
Seirbhís Naoimh Mhuire na nAingeal, Ciarraí	3	0	0	3
Teach Naoimh Mhicheál	3	0	0	3
Eile (41 chomhlacht le níos lú ná 3 iarrataisí an ceann)	11	5	1	17
Iomlan	**1,853**	**129**	**6**	**1,988**

Tábla 10: Iarratais Saorála Faisnéise a Fuair Comhlachtaí Oideachais Tríú Leibhéal

Comhlacht Oideachais Tríú Leibhéal	Pearsanta	Neamh phearsanta	Measctha	Iomlán
Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	70	31	0	101
Institiúid Teichneolaíochta Phort Lairge	9	84	0	93
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	22	14	2	38
Coláiste na Trionóide, Baile Átha Cliath	15	13	2	30
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	16	11	0	27
Institiúid Teichneolaíochta Bhaile Átha Cliath	15	7	0	22
Institiúid Teichneolaíochta Sligeach	16	4	1	21
University of Limerick	9	6	1	16
An tUdarás um Ard- Oideachas	2	9	3	14
Coláiste Phádraig, Droim Conrach	6	5	2	13
Ollscoil na hÉireann, Má Nuad	6	6	0	12
Institiúid Teichneolaíochta Bhaile Átha Luain	5	6	0	11
Institiúid Teichneolaíochta, Luimneach	5	5	0	10
Dublin City University	2	8	0	10
Institiúid Teichneolaíochta na Gaillimhe - Mhuigh Eó	6	1	0	7
Institiúid Teichneolaíochta, Tamhlacht	2	5	0	7
Coláiste Ríoga Máinlia in Éireann	1	5	0	6
Institiúid Teichneolaíochta, Corcaigh	0	3	2	5
Institiúid Teichneolaíochta, Leitir Ceanainn	2	3	0	5
Institiúid Teichneolaíochta, Trá Lí	3	2	0	5
Coláiste Mhuire gan Smál - Ollscoil Luimní	3	1	1	5
Institiúid Teichneolaíochta Dhún Dealgan	1	3	0	4
Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha	1	3	0	4
Institiúid Teichneolaíochta Baile Bhlainséar	0	3	0	3
Institiúd Ealaíne, Deartha agus Teichneólaíochta, Dún Laoghaire	0	2	1	3
Institiúid Oideachais Mater Dei	0	3	0	3
Coláiste Mhuire, Institiúid Oideachais Marino	1	2	0	3
Colaiste Oideachais eaglais na hÉireann, Ráth Maonais	0	3	0	3
Eile (5 institiúid le níos lú ná 3 iarratais an ceann)	0	7	0	7
Iomlán	**218**	**255**	**15**	**488**

Tábla 11: Iarratais Saorála Faisnéise a Fuair Comhlachtaí Eile

Comhlacht Poiblí	Pearsanta	Neamh phearsanta	Measctha	Iomlán
RTÉ	5	74	0	79
FÁS	17	55	3	75
Oifig Achomharc Leasa Shóisialaigh	66	0	0	66
Príomh-Oifigeach Míochaine don Státseirbhís	49	0	0	49
Údarás um Bóithre Náisiúnta	2	34	0	36
Seirbhís Chúirteanna	2	28	0	30
Údarás Slainte agus Sabáilteachta	1	14	11	26
Fiontraíocht Éireann	0	24	0	24
Seirbhís Phromhaidh agus Leasa	21	3	0	24
Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta	21	2	0	23
Teagasc	11	11	0	22
GFT Éireann	0	21	0	21
Bord Leigheasra na hÉireann	3	17	1	21
Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	1	19	0	20
Coimisiún Rialáil Cumarsáide	11	8	0	19
Coimisiún Craolacháin na hÉireann	0	15	0	15
Bord Pleanála	0	15	0	15
Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath	0	15	0	15
Comhairle Ealaíon	2	10	0	12
Comhairle Spóirt na hÉireann	1	4	7	12
Seirbhís Fuilaistriúchain na hÉireann	11	1	0	12
Gníomhaireacht um Fháil Iarnród	0	12	0	12
Fáilte Éireann	0	11	0	11
Pobal	1	9	1	11
Príomh Bhord Iascaigh	0	10	1	11
Leabharlann Náisiúnta na hÉireann	0	10	0	10
Bord um Chúnamh Dlíthiúl	7	3	0	10
Bord Bia	7	2	0	9
Údarás na Gaeltachta	1	6	2	9
Coimisiún um Rialáil Fuinnimh	2	7	0	9
Bord Scannán na hÉireann	0	8	0	8
Bord Náisiúnta Leasa Oideachais	4	3	0	7
Bord Iascaigh Réigiúnach na Sionnaine	0	5	1	6
Ard-Mhúsaem na hÉireann	1	4	0	5
Bord Iascaigh Réigiúnach an Iarthair	1	3	1	5
Forbairt na Sionna	0	5	0	5
Foras na Mara	0	4	0	4
Bord na gCon	0	4	0	4

Tábla 11: Iarratais Saorála Faisnéise a Fuair Comhlachtaí Eile

Comhlacht Poiblí	Pearsanta	Neamh phearsanta	Measctha	Iomlán
Coimisiún Forbartha an Iarthair	0	4	0	4
Údarás Iomaíochta	0	4	0	4
Forfás	0	4	0	4
Fondúireacht Eolaíochta Éireann	0	4	0	4
Lia-Bhiúró um Shabháilteacht ar Bhóithre	0	4	0	4
Fuinneamh Inmharthana Éireann	0	3	0	3
Bord Iascaigh Réigiúnach an Iarthuaiscirt	0	2	1	3
Bord Iascaigh Réigiúnach an Tuaiscirt	0	1	2	3
Gníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine	0	3	0	3
Bord Pinsean	0	3	0	3
Eile (139 comhlactaí le níos lú ná 3 iarrataisí an ceann)	10	51	4	65
Iomlán	**258**	**559**	**35**	**852**

Tábla 12: Táillí ar Dhéileáil Comhlachtaí Poiblí leo

Original	Iarratas Bunúsach	Cuardach agus Aisfháil	Athbhr-eithniú Inmhe-anach	Ais íochaí-ochtaí	Táillí Glan
	€	€	€	€	€
Ranna/Oifigí Státseirbhíses	32,095.00	16,307.30	9,025.00	3,311.62	54,115.68
Údaráis Áitiúla	17,775.00	2,628.30	5,425.00	840.00	24,988.30
FSS	6,339.00	473.55	1,525.00	0	8,337.55
Ospidéil Shaorálacha, Seirbhísí Sláinte Meabhracha agus gníomhaireachtaí Gaolmhara Eile	1,100.00	6,289.83	75.00	105.00	7,359.83
Institiúidí Tríú Leibhéal	3,855.00	1,068.63	675.00	634.00	4,964.63
Comhlachtaí Eile	0	0	0	0	0
Iomlán	**61,164.00**	**26,767.61**	**16,725.00**	**4,890.62**	**99,765.99**

Roinn II - Oifig an Choimisinéara Faisnéise - 2008

Tábla 13: Anailís ar Iarratais ar Athbhreithnithe a Fuarthas

Iarratais ar athbhreithniú idir lámha - 1/1/2008	34
Iarratais ar athbhreithniú a fuarthas i 2008	304
Iomlán na n-iarratas ar athbhreithniú idir lámha i 2008	338
Scoradh den iarratas	3
Iarratais neamhbhailí	78
Iarratais a tharraingíodh siar	13
Iarratais a dhiúltóidh	6
Iarratais ar glacadh leo le haghaidh athbhreithnithe i 2008	228
Iomlán na n-iarratas ar athbhreithniú a bhreithníodh i 2008	328
Iarratais ar athbhreithniú lámha - 31/12/2008	10

Tábla 14: Anailís ar Chásanna Athbhreithnithe

Athbhreithnithe idir lámha - 1/1/2008	224
Iarratais ar glacadh leo le haghaidh athbhreithnithe i 2008	228
Iomlán na n-athbhreithnithe idir lámha i 2008	452
Athbhreithnithe a críochnaíodh i 2008	259
Athbhreithnithe ar chuirthear ar aghaidh go 2009	193

Tábla 15: Iarratais ar Athbhreithnithe ar Glacadh leo ag an gCoimisinéir Faisnéise - Anailís de Réir Comhlachta Phoiblí

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte		56
FSS Deisceart	22	
FSS Iarthair	17	
FSS Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh	6	
FSS Baile Átha Cliath Lár Laighean	10	
FSS Iarrataisí Náisiúnta - Corpairáideach	1	
FSS Iarrataisí Naisiúnta (Chuig Limisteir)	0	
Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí		19
Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia		11
Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Achmhainní Nádúrtha		8
Roinn Iompair		6
Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh		5
Ollscoil Luimnigh		5
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim		5
Coimisiún um Chearta Duine		4
Ospidéal Rotunda		4
Roinn Sláinte agus Leanaí		4
Roinn Oideachais agus Eolaíochta		4
Roinn Airgeadais		4
Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta		3
Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath		3
Ospidéal na hOllscoile Mater Misericordiae		3
Comhairle Contae Baile Átha Cliath Theas		3
Fórsaí Cosanta		3
Coimisiúin Thithe an Oireachtais		3
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath		3
GFT Éireann		3
Eile (53 chomhlacht le níos lú ná 3 athbhreithniú an ceann)		69
Iomlán		**228**

Tábla 16: Toradh Athbhreithnithe Críochnaithe - Comparáid Trí Bliana

	2008	%	2007	%	2006	%
Breith Dearbhaithe	82	31.66	98	30.15	146	50.00
Breith Neamhnithe	10	3.86	21	6.46	13	4.45
Breith Athraithe	21	8.11	30	9.23	32	10.96
Scoradh den larratas	7	2.70	7	2.15	8	2.74
Thangthas ar shocrú	54	20.85	55	16.92	26	8.90
Tarraingthe siar	85	32.82	114	35.08	67	22.95
Athbhreithnithe Críochnaithe	259	100	325	100	292	100

Tábla 17: Ábhar na nIarratas ar Athbhreithniú ar Glacadh leo - Comparáid Trí Bliana

	2008	%	2007	%	2006	%
Diúltú Rochtanna	195	85.52	201	81.05	200	78.74
Agóídí ag tríú pairtithe i gcoinne scaoilte faisnéise fúthu nó arna soláthar acu	12	5.26	20	8.06	7	2.76
Leasú ar thaifid faoi alt 17	7	3.07	5	2.02	16	6.30
Ráiteas cúiseanna faoi alt 18	13	5.70	14	5.65	25	9.84
Breith chun táille a ghearradh	1	0.45	8	3.23	6	2.36
Iarratais ar Glacadh leo	228	100	248	100	254	100

Tábla 18: Iarratais ar Glacadh leo de Réir Cineáil - Comparáid Trí Bliana

	2008	%	2007	%	2006	%
Pearsanta	71	31.14	61	24.60	133	52.36
Neamhphearsanta	127	55.70	149	60.08	96	37.80
Measctha	30	13.16	38	15.32	25	9.84
Iomlán	**228**	**100**	**248**	**100**	**254**	**100**

Tábla 19: Fiosruithe Ginearálta

Bliain	Líon
2008	1,100
2007	1,315
2006	1,551
2005	1,396
2004	1,306
2003	1,090
2002	1,047
2001	1,136
2000	799
1999	130
Iomlán	**10, 870**

Tábla 20: Iarrataí a Mheastar a Bheith Diúltaithe De Bharr nár thug Comhlachtaí Poiblí Freagra orthu

Comhlacht Poiblí	Gan Breith tughta ar Bhuniarratais ná ar Athbhreithniú Inmheánach
Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí	3
FSS Theas	3
Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia	2
FSS Baile Átha Cliath Lár-Laighean	2
FSS Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh	1
Roinn an Taoisigh	1
Roinn Sláinte agus Leanaí	1
Comhaile Contae Fhine Gall	1
Seirbhís um Cheapacháin Phoiblí	1
Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann	1
Seirbhísí Theach Sunbeam	1

CUID II – AN COIMISINÉIR UM FHAISNÉIS FAOIN gCOMHSHAOL

CAIBIDIL 1

Oifig an Choimisinéara um Faisnéise Comhshaoil
Office of the Commissioner for Environmental Information

"Is é an ról atá agam cinneadh a dhéanamh faoi achomhairc a ndeachaigh baill an phobail ina mbun de bharr nach raibh siad sásta le toradh a n-iarrataí ar údaráis phoiblí maidir le faisnéis faoin gcomhshaol."

Réamhrá

Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol 2007

Sannadh an ról mar Choimisinéir um Fhaisnéis faoin gComhshaol, ról ar leithligh ó thaobh an dlí de, ormsa, mar shealbhóir Oifig an Choimisinéara Faisnéise, faoi na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (Uimh. I.R. 133 de 2007) (na Rialacháin). Is é an ról atá agam cinneadh a dhéanamh faoi achomhairc a ndeachaigh baill an phobail ina mbun de bharr nach raibh siad sásta le toradh a n-iarrataí ar údaráis phoiblí maidir le faisnéis faoin gcomhshaol.

An Treoir agus na Rialacháin

Bunaítear an córas rochtana ar fhaisnéis faoin gcomhshaol ar Threoir 2003/4/EC (an Treoir) a raibh sé beartaithe í a fhorfheidhmiú i mBallstáit an AE faoin 14 Feabhra 2005. Tá mar phríomhfhoráil sa Treoir go mbunófar ceart rochtana ar fhaisnéis faoin gcomhshaol atá i seilbh údaráis phoiblí. Níor forfheidhmíodh an Treoir in Éirinn i ndáiríre go dtí an 1 Bealtaine 2007 nuair a cuireadh na Rialacháin, a rinne an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, i bhfeidhm.

Céard í Faisnéis faoin gComhshaol?

Is leathan agus is leitheadach an sainmhíniú a thugtar ar "fhaisnéis faoin gcomhshaol" sa Treoir agus sna Rialacháin. Clúdaíonn an sainmhíniú faisnéis i bhfoirm scríofa, feiceálach, cloiste, leictreonach nó foirm ábhartha ar bith eile "in written, visual, aural, electronic or any other material form". Aithnítear ann sé chatagóir ar leith d'fhaisnéis a dhéileálann leo seo a leanas:

- staid ghnéithe an chomhshaoil (mar shampla aer, uisce, ithir, talamh, tírdhreach, éagsúlacht bhitheolaíoch);
- fachtóirí a dhéanann difear do, nó ar dóigh go ndéanfaidh siad difear do ghnéithe an chomhshaoil (mar shampla fuinneamh, torann, radaíocht, dramhaíl, nithe eile a scaoiltear amach sa chomhshaol);
- bearta a cheaptar chun gnéithe an chomhshaoil a chosaint (mar shampla beartais, reachtaíocht, pleananna, cláir, comhshocruithe faoin gcomhshaol);
- tuarascálacha faoi fhorfheidhmiú na reachtaíochta faoin gcomhshaol;
- anailísí agus toimhdeana a ghlactar sa chreat beart a cheaptar chun an comhshaol a chosaint; agus
- staid sláinte agus sábháilteacht daonna, staid a bhiashlabhra, na suímh chultúir agus na déanmhais thógtha a mhéid is go bhféadfadh gnéithe an chomhshaoil difear a dhéanamh dóibh.

Rochtain ar Fhaisnéis a chur chun cinn

Tá roinnt díolúintí ann maidir leis an gceart rochtana agus is léir ón Treoir go bhfuil srian leis an léirmhíniú ar féidir glacadh leis maidir leis na díolúintí sin agus go bhfuil siad faoi réir ag an tástáil ar leas an phobail. Díol spéise is ea go bhfuil ceanglas ann chomh maith gur chóir d'údaráis phoiblí faisnéis faoin gcomhshaol a eagrú d'fhonn í a scaipeadh ar bhealach gníomhach agus córasach ar an bpobal "with a view to its active and systematic dissemination to the public". Is léir go léiríonn an ceanglas sin an dearcadh láidir gur chóir go mbeadh údaráis phoiblí gníomhach chun spéis a mhúscailt sa phobal, agus eolas a chur ar fáil don phobal maidir le saincheisteanna faoin gcomhshaol. Leagtar an bhunchloch sa cheanglas seo don chur chuige is cóir d'údaráis phoiblí a ghlacadh nuair a dhéanann baill den phobal, nó comhlachtaí corparáideacha iarrataí sonracha ar rochtain. Is ríléir go mbeifí ag súil go ngéillfí do na hiarrataí rochtana.

Maidir leis an réiteach a bheadh ar chás dá mba rud é nach mbeadh an fhaisnéis ar fáil, ceanglaíonn an Treoir ar Bhallstáit meicníochtaí athbhreithnithe inmheánaigh agus sheachtraigh araon nó meicníochtaí achomhairc a chur i bhfeidhm. Tá toradh an athbhreithnithe neamhspleách, sheachtraigh - a mbeidh m'Oifig ina bhun faoi réim Rialacháin 2007 - ina cheangal ar údarás poiblí.

Údaráis Phoiblí

Murab ionann agus an cás faoi réim an Achta um Saoráil Faisnéise (SF), ní dhéanann na Rialacháin na húdaráis shonracha phoiblí atá faoi réir ag an gcóras RFC (an córas Rochtana ar Fhaisnéis faoin gComhshaol) a aithint. Forálann na Rialacháin do shainmhíniú leathan ar céard is údarás poiblí ann; tagraítear iontu dóibh seo a leanas:

- comhlachtaí rialtais nó comhlachtaí eile riaracháin phoiblí (lena n-áirítear comhlachtaí comhairleacha poiblí) náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla;
- duine nádúrtha nó dlítheanach ar bith a chomhlíonann feidhmeanna riaracháin phoiblí faoin dlí náisiúnta agus i ndáil leis an gcomhshaol; agus
- duine nádúrtha nó dlítheanach ar bith ag a bhfuil freagrachtaí nó feidhmeanna poiblí, nó a chomhlíonann seirbhísí poiblí, a bhaineann leis an gcomhshaol, faoi rialú comhlachta nó duine a chumhdaítear le ceachtar den chéad dá chatagóir.

Is fiú a lua go gclúdaítear roinnt comhlachtaí tráchtála stáit nach bhfuil faoi réir an Achta um SF cheana ná faoi réir an Achta Ombudsman sna Rialacháin seo. I gcás go mbeadh agóid ann maidir le cibé ar údarás poiblí comhlacht, de réir bhrí na Rialachán, tá ceart ag an duine atá ag lorg na faisnéise achomharc a dhéanamh chun m'Oifige.

Táillí

Murab ionann agus rochtain faoi réim an Achta um SF, ní ghearrtar táille aitheantais nuair a bhíonn iarraidh á déanamh. Ní ghearrtar táille ar bith ach oiread ar iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú inmheánach. Tá "táille aitheantais" áfach ar achomharc a dhéanamh chun m'Oifige. €150 an táille a ghearrtar agus gearrtar €50 ar shealbhóirí cárta liachta, ar a gcleithiúnaithe. agus ar tríú pháirtithe ar a bhfuil iarmhairt de bharr nochtú an faisnéise faoin gComhshaol i gceist.

Féadfaidh údarás poiblí táille a ghearradh i gcás go gcuireann sé faisnéis ar fáil. Is ann

d'fhoráil, áfach, nach mór do tháille ar bith den sórt a bheith réasúnach ag féachaint don Treoir. Más rud é go mbeartaíonn údarás poiblí táillí den sórt a ghearradh, tá sé d'oibleagáid air liosta de tháillí inmhuirearaithe a chur ar fáil don phobal. Tá foráil ann do cheart rochtana (inmheánach agus seachtrach) ar na forais go bhfuil an táille a ghearrtar iomarcach. Feach ar mo bhreith (CEI/07/0006) Open Focus agus Comhairle Contae Shligigh i gCaibidil 2.

Forais do Dhiúltú

Forálann na Rialacháin d'fhorais éagsúla ar a bhféadfar diúltú géilleadh d'iarraidh. Áirítear na nithe seo a leanas a chosaint ar na forais sin:

- rúndacht faisnéise pearsanta;
- leasanna duine a thug faisnéis go deonach;
- an comhshaol lena mbaineann an fhaisnéis;
- rúndacht imeachtaí údarás poiblí;
- pléití Comh-Aireachta;
- caidreamh idirnáisiúnta, cosaint náisiúnta nó slándáil phoiblí; agus
- cúrsa an cheartais;
- rúndacht tráchtála nó thionsclaíoch agus cearta maoine intleachtúla.

Cé gur "sainordaitheach" a thugtar mar chur síos ar roinnt de na forais tá sé seo míthreorach ó tharla go bhfuil gach ceann de na forais dhíolmhaithe faoi réir srianta áirithe arna leagan amach in airteagal 10 de na Rialacháin. Mar shampla, ní féidir, tríd is tríd, iarrataí ar fhaisnéis faoin gcomhshaol a bhaineann le hastaíochtaí isteach sa chomhshaol, a dhiúltú. Ní mór díolúine fhéideartha a bheith faoi réir tástála ar leas an phobail i ngach cás.

I gcás nach dtugann an t-údarás poiblí fógra faoi bhreith tá foráil ann do cheart achomhairc bunaithe ar dhiúltú a mheastar a bheith tugtha.

Treoir

Tá sraith de Threoirnótaí ar fhorfheidhmiú na Rialachán foilsithe ag An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Tá na Treoirlínte ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne www.environ.ie. Soláthróidh siad eolas úsáideach a bhfuil sé

d'oibleagáid ar údaráis phoiblí aird a bheith acu orthu ach ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil ar na Rialacháin iad.

Achomhairc a Fuarthas

Cuireadh 12 achomharc chuig m'Oifig sa bhliain 2008. Eisíodh ceithre bhreith agus bhain péire le cásanna a bhí ar láimh ag tús na bliana. Measadh gur achomhairc neamhbhailí cúig achomharc eile ó tharla nach bhfuair na húdaráis phoiblí lena mbaineann iarrataí ar athbhreithniú bailí inmheánach. Sna cásanna sin cuireadh na hachomhairc chuig m'Oifig róluath. Cúig chás a bhí idir lámha ag deireadh na bliana 2008.

Tráchtaireacht

Is í seo an chéad Tuarascáil Bhliantúil a bhfuil bliain iomlán gníomhaíochtaí de chuid Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis faoin gComhshaol faoi chaibidil inti. D'eisigh m'Oifig ceithre bhreith le linn na bliana; tugtar achoimre ar gach ceann díobh seo i gcaibidil 2. Feictear don fhoireann in Oifig an Choimisinéara Faisnéise a mbíonn an réimse oibre seo idir lámha acu gur fónta súil a choinneáil ar fhorbairtí in Oifigí an Choimisinéara Faisnéise sa Ríocht Aontaithe agus in Albain a bhfuil taithí acu a bheith ag déileáil le hachomhairc faoin Treoir ón mbliain 2005 i leith.

Is beag gníomhaíochta a bhí ann go nuige seo. Is cosúil go bhfuil dhá phríomhchúis leis seo – an táille chun achomharc a dhéanamh chun m'Oifige agus nach bhfuil daoine ar an eolas tríd is tríd faoi na cearta rochtana a bhíonn ag daoine den phobal faoi na forálacha um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol.

De bharr fhorálacha na Rialachán, táim den dearcadh, d'fhonn go mbreithneodh m'Oifig an t-achomharc go bailí, nach mór an táille fhorordaithe achomhairc a íoc. Thrácht líon áirithe achomharcóirí agus daoine eile nach dtagann leibhéal na táille leis an Treoir, dar leo.

Seachas na Treoirnótaí a d'eisigh An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil tráth ar seoladh na Rialacháin sa bhliain 2007, ní heol dom gur ann do threoirlínte ar bith eile, ná do thacaíocht oiliúna ná d'fheachtas faisnéise don phobal i ndáil leis na Rialacháin. Iarrann daoine den phobal agus baill foirne d'údaráis phoiblí

comhairle ar m'Oifig ó am go ham. Ó tharla gurb é an ról atá agam breith a thabhairt ar achomhairc a chuirtear isteach ní cuí go dtabharfadh m'fhoireann sainchomhairle faoi shaincheisteanna a d'eascródh as breithniú na n-údarás poiblí ar iarraidh. Mar sin féin tugaimid comhairle ghinearálta ar ndóigh agus cuirimid an t-alt ábhartha sna Rialacháin agus sna Treoirnótaí in iúl, de réir mar is cuí, do dhaoine a ghlaonn orainn. Is cás imní dom go bhféadfadh gur mainneachtain údaráis phoiblí déileáil go cuí le hiarrataí ar fhaisnéis faoin gcomhshaol is cúis leis an gcéatadán sách ard d'achomhairc a fuarthas arbh achomhairc neamhbhailí iad ó tharla nár seoladh athbhreithniú ceart inmheánach. Tá sé ríthábhachtach gur leor an oiliúint a gheobhadh baill foirne na n-údarás poiblí chun faisnéis chruinn a thabhairt chun go mbeadh ar chumas úsáideoirí na Rialachán a gcearta a fheidhmiú, lena n-áirítear eolas a thabhairt d'iarrthóirí faoin gcearta maidir le hathbhreithniú inmheánach agus le hachomharc seachtrach agus na scálaí ama inar gá achomhairc den sórt a dhéanamh.

CAIBIDIL 2

Oifig an Choimisinéara um Faisnéise Comhshaoil
Office of the Commissioner for Environmental Information

Breitheanna

Is féidir téacs iomlán na mbreitheanna seo a léamh ar an suíomh gréasáin www.oic.gov.ie faoin http://www.oic.ie/en/LatestNews/

Open Focus & Comhairle Contae Shligigh - (Cás CEI/07/0006)

Cibé an raibh táille a ghearradh de réir airteagal 5 den Treoir 2003/4/AE arna cur chun feidhme ag airteagal 15 de na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol 2007 (Uimh. I.R. 133 de 2007).

Cúlra

I mí Lúnasa 2007, rinne Open Focus iarraidh ar fhaisnéis faoin gcomhshaol ar Chomhairle Contae Shligigh maidir leis na hionaid chóireála fuíolluisce agus camrais atá beartaithe i gContae Shligigh.

Scríobh an Chomhairle chuig Open Focus (grúpa saoránach) agus dúirt siad gur €285 an muirear a ghearrfaí as an bhfaisnéis seo a chur ar fáil agus go dtabharfaí a thuilleadh airde ar a n-iarratas tar éis an táille seo a fháil. D'iarr Open Focus ar an gComhairle an muirear a chosaint agus d'iarradar mionsonraí faoin mbealach a ríomhadh an muirear. Sholáthair an Chomhairle an fhaisnéis sin. Rinne Open Focus iarratas chun athbhreithniú inmheánach a dhéanamh ar an mbreith €285 a ghearradh. D'áitigh siad gur shuim iomarcach í agus go raibh sí ag sárú na suime a cheadaítear faoin Treoir agus faoi na Rialacháin.

Theip ar an gComhairle déileáil leis an iarratas seo ar athbhreithniú inmheánach laistigh den tréimhse reachtúil de mhí amháin agus rinne Open Focus achomharc chun m'Oifige i gcoinne na breithe. Ghlacamar leis an achomharc ag féachaint d'airteagal 11(5)(c) de na Rialacháin ina bhforáiltear go bhfolaítear le tagairt d'iarraidh a diúltaíodh, chun críocha ceart achomhairc chun m'Oifige, iarraidh "that has otherwise not been dealt with in accordance with Article 3, 4 or 5 of the Directive (2003/4/EC) (including the ground that the amount of the fee charged under article 15(1) is excessive)" [nár déileáladh léi seachas sin i gcomhréir le hAirteagal 3, 4 ná 5 den Treoir (2003/4/CE) (lena n-áirítear gur suim iomarcach suim na táille a gearradh faoin airteagal 15(1)).

An Fhaisnéis

Folaítear freagra na Comhairle ar cheisteanna a chuir Open Focus orthu chomh maith le fillteán doiciméad, lena n-áirítear léarscáileanna a bhaineann le hIonaid Chóireála Fuíolluisce Inis Crabhann agus Shligigh leis an bhfaisnéis a d'aithin an Chomhairle a chlúdaítear san iarraidh.

Seasamh an Iarratasóra

Rinne Open Focus aighneachtaí ina ndearna siad an argóint gur chóir faisnéis faoi scéimeanna uisce agus camrais a chur ar fáil ar mhaithe le leas an phobail. Dúirt siad gur ionann táille a ghearradh agus bac a bheith ar an bpobal a bheith rannpháirteach i gceisteanna tábhachtacha ó thaobh an chomhshaoil de.

Seasamh na Comhairle

Dhiúltaigh an Chomhairle na tuairimí a chuir an m'imscrúdaitheoir faoina mbráid – go gceanglaíonn na Rialacháin agus an Treoir orthu liosta táillí agus bunús na táille ríofa a sholáthar sula bhféadfaí muirear ar bith a thobhach. Bhreithnigh an Chomhairle go luífeadh sé le réasún go gcuirfí an sceideal muirear ar fáil don iarratasóir ar a iarraidh, rud a rinne siad sa chás seo.

An Bhreith ar an Achomharc

Bhain mé de thátal as an gcás seo nár chomhlíon an táille a ghearr an Chomhairle sa chás seo ceanglais airteagal 15 de na Rialacháin. Bhain mé an tátal sin as ó tharla gur theip ar an gComhairle sonraí faoina muirir, an bealach a ríomhtar iad agus na

himthosca ina ndéanfaí iad a tharscaoileadh a chur ar fáil don phobal. Ó tharla go gcuirtear an frása "Where a public authority charges a fee..." (Más rud é go ngearrann údarás poiblí táille…) [agus go bhfuil an frása "Where charges are made..." (Más rud é go ngearrtar muirear…) sa Treoir], roimh an gceanglas atá sna Rialacháin faisnéis den sórt faoi mhuirir a fhoilsiú, bhí mé den dearcadh nár chóir go ngearrfaí muirear sa chás seo ó tharla nár foilsíodh faisnéis ar bith den sórt.

Thrácht mé chomh maith i mo bhreith dá mba rud é gur ghá breith a thabhairt ar an bpointe, gur léir dom gurbh í an bhreith a thabharfainn nár tháille réasúnach, ag féachaint don Treoir, an táille a bhí á lorg ag an gComhairle sa chás seo.

Neamhnigh mé breith na Comhairle agus d'ordaigh mé go scaoilfeadh siad an fhaisnéis chuig Open Focus gan muirear a ghearradh.

Grúpa Gníomhaíochta Chnoc Alúine & Comhairle Contae Chill Dara (Cás CEI/08/0001)

Cibé an bhfuil údar ag an gComhairle faoi threoir airteagal 8 agus 9 de na Rialacháin (Um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol) 2007 ón gComhphobal Eorpach (Uimh. I.R. 133 de 2007) iarraidh ar fhaisnéis faoi ábhair phleanála agus fhorfheidhmithe a dhiúltú.

Cúlra

D'iarr Grúpa Gníomhaíochta Chnoc Alúine an fhaisnéis seo a leanas ar Chomhairle Contae Chill Dara:

- faisnéis a bhaineann leis an Athbhreithniú Breithiúnach idir Roadstone Dublin Limited agus Comhairle Contae Chill Dara; agus
- an comhfhreagras go léir agus doiciméid ar bith eile a bhain le Cairéal Alúine nach raibh teacht ag an bpobal orthu sa Chomhad Pleanála a cuireadh ar fáil cheana féin.

Scaoil an Chomhairle roinnt faisnéise agus dhiúltaigh siad faisnéis a scaoileadh a bhain le hlmeachtaí in athbhreithniú breithiúnach. Rinne an Grúpa iarratas chun athbhreithniú inmheánach a dhéanamh ar an mbreith sin. D'aithin an grúpa faisnéis

bhreise áirithe ar chóir í a bheith curtha leis na doiciméid a scaoileadh, dar leo. Ar an 17 Eanáir 2008, rinne an tlarratasóir achomharc chun m'Oifige i gcoinne an diúltaithe ó tharla nach raibh breith faighte acu ón gComhairle maidir lena n-iarratas ar athbhreithniú inmheánach.

An Fhaisnéis

D'eascair an fhaisnéis a lorgaíodh as breith dar dáta Iúil 2006 ón gComhairle faoi alt 261 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 ina gceanglaítear ar oibritheoir cairéil (Roadstone) iarratas pleanála agus Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS) a chur isteach maidir le hoibriú Chairéal Alúine. Ba í an bhreith sin b'ábhar d'iarratas a rinne Roadstone ar Athbhreithniú Breithiúnach san Ard-Chúirt agus gur maidir léi a caitheadh amach na himeachtaí i mí Iúil 2007. Ó shin i leith bhí an Chomhairle agus Roadstone i mbun idirbheartaíochtaí ar mhaithe le comhaontú a dheimhniú faoi oibriú an chairéil faoi alt 47 den Acht um Pleanáil. Le linn an achomhairc, d'aithin an Chomhairle a thuilleadh taifead – lena n-áirítear roinnt tuairiscí a rinne a foireann pleanála agus comhfhreagras le Roadstone – a fholaítear leis an iarraidh.

Seasamh an Iarratasóra

Dúirt an tlarratasóir go bhfuil sé i dteideal a fháil amach cén fáth nár lean an Chomhairle leis an iarratas pleanála agus leis an Ráiteas Tionchair Timpeallachta agus, dá mba rud é gur leanadh gnáthnósanna imeachta pleanála, go mbeadh de cheart acu na tograí a bhreithniú, tuairimí a thabhairt agus ceart achomhairc a fheidhmiú dá mba ghá sin. B'áil leis an Iarratasóir míniú éigin a fháil ar an údar gur ghníomhaigh an Chomhairle mar a rinne.

Seasamh na Comhairle

Ghlac an Chomhairle leis gur bhain moill leis an gComhaontú beartaithe le Roadstone a shíniú ach go rabhthas ag súil leis go gcuirfí bailchríoch air faoi Mhárta 2008. Rinne m'Oifig roinnt iarrachtaí réiteach a fháil ar an gcás gan dul in iontaoibh breith fhoirmiúil ach sa deireadh thiar thall chinneamar gur ghá breith fhoirmiúil cheangailteach a thabhairt. Cuireadh in iúl dom tráth a raibh mo bhreith á dréachtú i Meán Fómhair 2008 nach raibh an Comhaontú sínithe go fóill. Dar leis an gComhairle, tá dualgas orthu an comhaontú faoi alt 47 a chur ar fáil don phobal tráth a gcuirfear bailchríoch air.

An Bhreith ar an Achomharc

Ar éis aighneachtaí a fháil ón gComhairle agus ón tríú páirtí, Roadstone, bhreithnigh mé feidhm na Rialachán maidir leis na saincheisteanna seo a leanas:

- cibé an raibh locus standi (seasamh) ag an iarratasóir chun achomharc a dhéanamh;
- cibé an dtagann an fhaisnéis a lorgaíodh faoin sainmhíniú "faisnéis faoin gcomhshaol";
- cibé ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Airteagal 8(a)(iv) (Pribhléid Ghairmiúil Dhlíthiúil) de na Rialacháin;
- cibé ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Airteagal 9(1)(b) (Cúrsa an Cheartais) de na Rialacháin;
- cibé ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Airteagal 9(1)(c) (Rúndacht ó thaobh na Tráchtála nó na Tionsclaíochta de) de na Rialacháin; agus
- cibé ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Airteagal 9(2)(c) (Ábhar i gcúrsa a chríochnaithe) de na Rialacháin.

Chinn mé:

(i) gur "iarratasóir" Grúpa Gníomhaíochta Chnoc Alúine de réir bhrí an téarma sin in airteagal 3(1) de na Rialacháin;

(ii) gur "Faisnéis faoin gComhshaol" an fhaisnéis a lorgaíodh de réir bhrí an téarma sin in airteagal 3(1) de na Rialacháin;

(iii) go bhfuil an Chomhairle i dteideal faoi airteagal 8(a)(iv) de na Rialacháin na codanna sin den fhaisnéis a cháilíonn do phribhléid ghairmiúil dhlíthiúil a choinneáil siar

(iv) nach bhfuil feidhm ag airteagal 9(1)(b) de na Rialacháin maidir le cuid ar bith eile den fhaisnéis atá fágtha agus nach bhfuil an Chomhairle i dteideal dul in iontaoibh na heisceachta sin chun í a choinneáil siar;

(v) seachas an píosa beag faisnéise a bhaineann le cúlchistí an chairéil, nach bhfuil feidhm ag airteagal 9(1)(c) de na Rialacháin maidir leis an bhfaisnéis atá fágtha agus nach bhfuil an Chomhairle i dteideal dul in iontaoibh na heisceachta sin chun í a choinneáil siar, agus

(iv) nach bhfuil feidhm ag airteagal 9(2)(c) de na Rialacháin maidir le cuid ar bith eile den fhaisnéis atá fágtha agus nach bhfuil an Chomhairle i dteideal dul in iontaoibh na heisceachta sin chun í a choinneáil siar.

Maidir leis an sainmhíniú atá ar fhaisnéis faoin gcomhshaol, bhreithnigh mé gur cás pleanála a bhí ann agus go mbaineann an fhaisnéis go léir, lena n-áirítear an fhaisnéis ar an Athbhreithniú Breithiúnach go díreach le hoibriú agus le rialachas cairéalachta ag láthair ar leith. D'fhéadfadh go mbainfinn tátal eile as dá mba rud é nár bhain ábhar ná cuspóir na faisnéise faoi na hImeachtaí ar an Athbhreithniú Breithiúnach le tionchar an chairéil ar an gcomhshaol. Chun é a rá ar bhealach eile, bhain mé de thátal as gur leor an ceangal a bhí ag na nithe – lena n-áirítear dlíthíocht a d'eascair as rialú ar oibriú an chairéil – le fachtóirí agus bearta a chuireann isteach ar an gcomhshaol go bhféadfaí é a rangú mar fhaisnéis faoin gcomhshaol sa chás áirithe seo.

Níor bhreithnigh mé, de bharr m'fhionnachtana gur chóir taifid eile a scaoileadh ina mínítear an cúlra agus an dul chun cinn a rinneadh ó tionscnaíodh na himeachtaí dlí sa chás seo, gurbh fhearr a dhéanfaí leas an phobail dá mbeadh na teagmhálacha mionsonraithe idir an Chomhairle agus a n-aturnaetha ar eolas ag an Iarratasóir ná an leas an phobail a dhéanfaí dá seasfaí le pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil sa chás áirithe seo. I ndáil leis an mbreithniú a rinne siad maidir le taifid eile nár nocht comhairle dlí, léirigh mé imní nach ndearnadh tagairt de shórt ar bith i mbreith bhunaidh na Comhairle do bhreithniúcháin maidir le leas an phobail. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhforáiltear sna Rialacháin go ndéanfaidh údarás poiblí "shall consider each request on an individual basis and weigh the public interest served by disclosure against the interest served by refusal" [gach iarraidh a bhreithniú ar bhonn aonair agus an leas a dhéanfaí don phobal dá scaoilfí an fhaisnéis a mheas i gcoinne an leasa a dhéanfaí don phobal dá ndiúltófaí an fhaisnéis a scaoileadh]. Ina theannta sin arís, ceanglaítear leis na Rialacháin go nglacfaí, maidir le forais an diúltaithe, leis an léirmhíniú "on a restricted basis having regard to the public interest served by disclosure" [ar bhonn teoranta ag féachaint do leas an phobail a dhéanfaí trína nochtadh].

Neamhnigh mé breith na Comhairle agus d'ordaigh mé go scaoilfeadh siad an chuid is mó den fhaisnéis a coinníodh siar ón Iarratasóir.

Gary Fitzgerald Uasal & Roinn an Taoisigh (Cás CEI/07/0005)

Cibé an féidir iarraidh ar fhaisnéis ina bhfuil plé de chuid na Comh-Aireachta faoi astuithe gás ceaptha teasa na hÉireann a dhiúltú faoi threoir na Rialachán (Um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol) 2007 ón gComhphobal Eorpach (Uimh. I.R.

133 de 2007).

Tabhair faoi deara: rinne an Roinn achomharc chun na hArd-Chúirte i gcoinne na breithe seo ar an 10 Nollaig 2008 agus tá sé faoi réir Imeachtaí ar Athbhreithniú Breithiúnach.

Cúlra

I Márta 2007, d'iarr Gary Fitzgerald, Uasal, faisnéis faoin gcomhshaol ar Roinn an Taoisigh faoi Threoir 2003/4/CE. Lorgaíodh san iarraidh doiciméid ar bith, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do mhiontuairiscí cruinnithe ina ndéantar tuairisc faoi astuithe gas ceaptha teasa na hÉireann idir na blianta 2002 go 2007. I mí Bealtaine 2007 chuir an tUasal Fitzgerald in iúl don Roinn go raibh achomharc á dhéanamh aige i gcoinne dhiúltú a iarrata ó tharla nach raibh freagra substaintiúil faighte aige. Threisigh sé an pointe gur trasuíodh Treoir 2003/4/EC i ndlí na hÉireann trí bhíthin na Rialachán (um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol) 2007 ón gComhphobal Eorpach (Uimh. I.R. 133 de 2007) ón uair a rinne sé a iarraidh bhunaidh. Chríochnaigh an Roinn athbhreithniú inmheánach ar a mbreith agus chuir siad an méid sin in iúl don Iarratasóir. Ba í an bhreith a ghlac siad ocht ndoiciméad a scaoileadh agus 18 doiciméad eile a choinneáil siar.

Tar éis comhfhreagrais le m'Oifig i ndáil le híocaíocht na táille reachtúla faoi na Rialacháin agus i ndáil le dlínse m'Oifige, rinne an tUasal Fitzgerald achomharc chun m'Oifige i nDeireadh Fómhair 2007. Bhain mé leas as mo rogha faoi airteagal 12(4)(b) de na Rialacháin glacadh leis an achomharc a rinneadh taobh amuigh den tréimhse fhorordaithe achomhairc.

An Fhaisnéis

Bhí m'Oifig den dearcadh agus an t-achomharc seo á sheoladh acu agus léamh beacht á dhéanamh ar an iarraidh mar a rinneadh í, nach bhféadfaí ach ceann amháin de na 18 doiciméad a d'aithin an Roinn a bhreithniú mar thuairisc ar phlé de chuid na Comh-Aireachta faoi astuithe gás ceaptha teasa na hÉireann. Ghlac an tUasal Fitzgerald leis seo agus d'aontaigh sé go bhféadfaí leanúint leis an achomharc a bhí á dhéanamh aige ar an mbonn sin .i. cibé an raibh ceart rochtana aige ar an aon doiciméad sin.

Seasamh an Iarratasóra

Rinne an tIarratasóir an argóint go mbaineann an iarraidh a rinne sé le faisnéis faoi astuithe sa chomhshaol agus nach mór deonú géilleadh d'iarraidh den sórt faoin Treoir. Thagair sé d'Airteagal 10(1) de na Rialacháin ina n-airbheartaítear an fhoráil seo a thrasuí. Rinne sé an argóint go raibh éifeacht dhíreach ag airteagal 3 agus 4 den Treoir agus go dtagann siad in ionad forálacha ar bith i Rialacháin na hÉireann a bhfuil d'éifeacht leo forálacha na Treorach a bhréagnú. Maidir le ceist na dlínse, d'áitigh an t-iarrthóir gur rialaigh Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach ("ECJ") "that administrative bodies should disapply national laws which conflict with EU laws" [gur chóir do chomhlachtaí riaracháin dlíthe náisiúnta a easaontaíonn le dlíthe AE a dhífheidhmiú].

Seasamh na Roinne

Chinn an Roinn sa bhreith a thug siad gur ionann an doiciméad agus taifead den Rialtas a bhaintear as an áireamh go sonrach as a nochtadh. Thagair siad d'Airteagal 8 de na Rialacháin ina sainordaítear, dar leo, don Roinn gan an fhaisnéis seo a chur ar fáil. Thagair an Roinn chomh maith d'alt 19 den Acht um Shaoráil Faisnéise ina gcuirtear bac orthu, dar leo, an doiciméad a nochtadh.

Chuir an Roinn aighneachtaí faoi bhráid m'Oifige. Dhiúltaigh siad argóint an Iarratasóra agus d'áitigh siad go gcomhlíonann na Rialacháin an Treoir go hiomlán. Dúirt siad – gurb iad forálacha … na Rialachán a cheanglaítear ar iarratasóirí, comhlachtaí poiblí agus an Coimisinéir um Fhaisnéis faoin gComhshaol a urramú agus iarrataí (agus achomhairc) ar fhaisnéis faoin gcomhshaol á mbreithniú.

Breith an Achomhairc

Ba iad seo a leanas na saincheisteanna arbh éigean dom iad a bhreithniú:

- An dtagann nochtadh faisnéise faoi na forais diúltaithe in airteagal 8(a)(iv) – dochar do rúndacht imeachtaí na n-údarás poiblí – i gcás go mbeadh rúndacht den sórt faoi chosaint an dlí seachas sin (lena n-áirítear na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise) nó faoi airteagal 8(b) de na Rialacháin – sa mhéid is gurbh ionann é agus nochtadh plé a rinneadh ag cruinniú den Rialtas agus go dtoirmisctear é faoi Airteagal 28 den Bhunreacht?

- An mbaineann an iarraidh le faisnéis faoi astuithe sa chomhshaol?
- An easaontaíonn na Rialacháin – go háirithe airteagal 10(2) leis an Treoir i gcás iarrataí a bhaineann le faisnéis faoi astuithe sa chomhshaol? agus
- An bhfuil An Coimisinéir um Fhaisnéis faoin gComhshaol faoi cheangal ag an Treoir?

Chinn mé go raibh dífheidhm ag na heisceachtaí in airteagal 8 de bhua na srianta ar oibriú na n-eisceachtaí sin dá bhforáiltear in airteagal 10(1) – más rud é **"request relates to information on emissions into the environment"** [go mbaineann an iarraidh le faisnéis faoi astuithe sa chomhshaol].

I bhfianaise an cheanglais in Airteagal 4(2) den Treoir léirmhíniú a bhaint as forais an diúltaithe ar bhealach srianta agus leas an phobail a dhéanfadh nochtadh sa chás áirithe seo á thabhairt san áireamh, níor chinn mé go bhféadfaí an léirmhíniú a bhaint as na Rialacháin ionas go dtiocfadh airteagal 10(2) de na Rialacháin – ina n-airbheartaítear Airteagal 10(1) a dhífheidhmiú ionas nach bhfolófaí tagairt do phléití ar cheist astuithe den sórt ag cruinniú ar bith den Rialtas sa tagairt a dhéantar d'fhaisnéis faoi astuithe sa chomhshaol – i gcomhréir le forálacha agus cuspóirí na Treorach.

Is í an tuiscint atá agam ar bhreithiúnais Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach i gcásanna eile go bhfuil éifeacht le forálacha Treorach amhail in aghaidh údaráis phoiblí a bheith ag cur na Rialachán i bhfeidhm. Ghlac mise leis go bhfolófaí m'Oifig anseo ó thaobh an athbhreithniú a bhí á dhéanamh ag an Oifig ar bhreitheanna a rinne údaráis phoiblí faoin Treoir agus faoi na Rialacháin.

Bhí mé coinsiasach, cé go bhfuil m'Oifig faoi scáth na Rialachán, gur tharla amhlaidh as na forálacha "Rochtain ar Cheartas" arna leagan amach in Airteagal 6 den Treoir. Tar éis dom an cheist a phlé, lena n-áirítear cuspóirí na Treorach, chinn mé i gcás go bhfuil foráil den Treoir chomh soiléir agus chomh beacht is atá an fhoráil atá faoi chaibidil anseo, nach mór dom m'fheidhmeanna a fheidhmiú agus athbhreithniú a dhéanamh agus leanúint ar aghaidh ar an mbonn nach féidir le hairteagal 10(2) de na Rialacháin na ceanglais i mír 2 d'Airteagal 4 den Treoir a chur de leataobh i gceart.

Neamhnigh mé breith na Roinne agus d'ordaigh mé go gcuirfí an t-aon taifead amháin a bhí i gceist ar fáil don Iarratasóir.

Peter Sweetman & Associates & An tSeirbhís Chúirteanna (Cás CEI/08/0005)

Rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol i seilbh na Seirbhíse Cúirteanna; cibé an dtagann An tSeirbhís Chúirteanna faoin sainmhíniú ar "údarás poiblí" in Airteagal 3(1) de na Rialacháin (um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol) 2007 ón gComhphobal Eorpach; cibé ar ghníomhaigh An tSeirbhís Chúirteanna i gcáil bhreithiúnach i ndáil leis an bhfaisnéis faoin gcomhshaol a lorgaíodh.

Cúlra

I mí na Samhna 2007 sheol an tIarratasóir iarraidh chuig Príomh-Chláraitheoir na Seirbhíse Cúirteanna arbh iarraidh í ar fhaisnéis faoin gcomhshaol, sé sin mionnscríbhinní a chuir na páirtithe in dhá chás Ard-Chúirte isteach. Scríobh An tSeirbhís Chúirteanna chuig an Iarratasóir agus dúirt gur cuireadh a iarraidh ar aghaidh chuig Oifig Phríomh-Chláraitheoir na hArd-Chúirte chun freagra a thabhairt. Ó tharla nach bhfuair sé freagra ar bith eile, scríobh an tIarratasóir chuig An tSeirbhís Chúirteanna i mí Eanáir 2008 agus d'iarr go ndéanfaí athbhreithniú ar an mbreith a measadh gur bhreith í ag diúltú don iarraidh de réir airteagal 10(7) de na Rialacháin. I mí Feabhra 2008 chuir Príomh-Chláraitheoir na hArd-Chúirte in iúl don Iarratasóir, nach raibh feidhm ag na Rialacháin, faoi threoir airteagal 3(2) de na Rialacháin, maidir leis An tSeirbhís Chúirteanna i ndáil leis na mionnscríbhinní a lorgaíodh. Rinne an tIarratasóir achomharc chun m'Oifige i gcoinne bhreith na Seirbhíse Cúirteanna. Ina dhiaidh sin d'íoc sé an táille reachtúil a ghearrtar as achomharc a dhéanamh arna cheangal faoi Airteagal 15 de na Rialacháin agus ghlac m'Oifig leis an achomharc.

An Fhaisnéis

Mionnscríbhinní a comhdaíodh in dhá chás Ard-Chúirte a bhaineann le húdaráis áitiúla agus le hoibritheoirí cairéil atá san ábhar a chlúdaítear san iarraidh. Tá sé le tuiscint agamsa gur iarratais ar athbhreithniú breithiúnach a bhí sa dá chás seo agus go raibh bailchríoch curtha ar na cásanna seo ag tráth na hiarrata seo.

Seasamh an Iarratasóra

D'áitigh an tIarratasóir gur theip ar An tSeirbhís Chúirteanna na Rialacháin agus an Treoir a chomhlíonadh ó tharla nár thug siad a ndiúltú ar rochtain ar an bhfaisnéis ná na cúiseanna a bhain leis an diúltú dó taobh istigh den tréimhse míosa atá leagtha amach. Luaigh sé nach ngníomhaíonn An tSeirbhís Chúirteanna i gcáil bhreithiúnach; agus gur comhlacht riaracháin do na Cúirteanna iad i ndáiríre. Thagair sé d'Airteagal 4 (2) (c) den Treoir ina bhforáiltear go bhféadfar iarraidh a dhiúltú i gcás go ndéanfaí dochar do chúrsa an cheartais dá nochtfaí an fhaisnéis. Rinne sé an argóint go bhforáiltear sa Treoir, maidir le forais den sórt do dhiúltú, go léireofaí iad ar bhealach teoranta agus go dtabharfaí an leas a dhéanfaí don phobal dá nochtfaí an fhaisnéis san áireamh.

D'áitigh an tIarratasóir chomh maith nach bhfuil táille €150 a ghearradh as achomharc a dhéanamh chun m'Oifige de réir théarmaí na Treorach agus d'iarr sé go n-aisíocfaí an táille.

Tráchtaireacht

Níor dhéileáil An tSeirbhís Chúirteanna leis an iarraidh de réir cheanglais na Rialachán .i. breith a thabhairt faoi airteagal 7 de na Rialacháin agus an bhreith sin a chur in iúl don iarratasóir taobh istigh de mhí amháin. I mo thuairim, níor chás é seo inar ghá an ghnáth-thréimhse a fhadú de bharr líon nó castacht na faisnéise a iarradh. Cé gur ghabh An tSeirbhís Chúirteanna a leithscéal leis an iarratasóir faoin moill, ní féidir glacadh leis gur thóg sé os cionn trí mhí orthu a seasamh a chur in iúl don iarratasóir.

Seasamh Na Seirbhíse Cúirteanna

Rinne An tSeirbhís Chúirteanna an argóint go bhfuil taifid chúirte faoi rialú na Breithiúntachta. Luaigh sé alt 65(3) den Acht Oifigigh Cúirte, 1926 - "Gach cruthúnas agus gach scríbhinn agus páipeur eile a lóisteálfar in aon chúirt no a sínfar isteach chúichi i dtaobh no le linn éisteacht aon chúise dlí no ní, cimeádfar iad i seilbh no fé ordú agus fé dheighleáil an bhreithimh no sinsir na mbreithiún ag á mbeidh no gur ina láthair a bheidh an chúis no an ní sin á éisteacht."

Dar leis An tSeirbhís Chúirteanna, lóisteáladh na mionnscríbhinní a iarradh sa chúirt agus is cuid de thaifid na cúirte iad. Dúirt siad, ó thaobh ceartas a riar, lena n-áirítear athbhreithniú breithiúnach a sheoladh, go ngníomhaíonn na cúirteanna i gcáil bhreithiúnach. Bíonn taifid na Cúirte faoi rialú na mbreitheamh ábhartha san Ard-Chúirt; bíonn siad i seilbh na Seirbhíse Cúirteanna thar ceann na gCúirteanna.

An Bhreith ar an Achomharc

Ba í an phríomhcheist a bhí le breithniú cibé an "Údarás Poiblí" chun críocha na Rialachán An tSeirbhís Chúirteanna. Dá mba 'ní hea' an freagra, níor ghá ansin forais ar bith don diúltú a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm ná breithniúcháin ar bith maidir le leas an phobail a chuirfeadh isteach ar scaoileadh na faisnéise a bhreithniú.

Sa léirmhíniú ar 'údarás poiblí' sna Rialacháin baintear as an áireamh go sonrach 'any body when acting in a judicial or legislative capacity' [comhlacht ar bith a ghníomhaíonn i gcáil bhreithiúnach nó reachtúil].

Níl dabht ar bith faoi nach bhfuil feidhm bhreithiúnach ag An tSeirbhís Chúirteanna agus gur údarás poiblí iad nuair a bhíonn a n-obair riaracháin ar bun acu. Mar sin féin, ní fhéadfainn aontú le háitiú an Iarratasóra go ngníomhaíonn An tSeirbhís Chúirteanna i gcáil riaracháin nuair a bhíonn páipéir chúirte faoi alt 65(3) den Acht Oifigigh Cúirte, 1926 á sealbhú acu mar a bhí sa chás seo.

Bhreithnigh mé an seasamh maidir le rochtain ar thaifid chúirte arna chinneadh san Ard-Chúirt sa chás **An tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí v An Coimisinéir Faisnéise** [2002] 2ILRM.1 inar cuireadh breith an Choimisinéara Faisnéise inar ordaíodh na taifid chúirte a scaoileadh, ar neamhní. Chinn an Breitheamh J. Finnegan go raibh mo réamhtheachtaí mar Commisinéir Faisnéise mícheart sa chinneadh a ghlac sé go bhféadfaí taifid chúirte nach taifid iad a d'ullmhaigh an chúirt a scaoileadh faoin Acht um SF dá mba rud é nárbh ann do thoirmeasc speisialta breithiúnach i gcoinne a scaoilte agus gur tionóladh na himeachtaí os comhair an phobail. Chinn sé go dtoirmiscfí faisnéis a scaoileadh (scríbhinn ar imeachtaí) don phobal i gcoitinne cé gur éisteadh leis an gcás i gcúirt oscailte. Cé nárbh ann do thoirmeasc sonrach ar bith ó bhreitheamh na trialach ná faoi Rialacha na nUaschúirteanna, dhiúltaigh an Ard-Chúirt go sainráite an argóint

go gcaithfeadh an chúirt toirmeasc sonrach a chur i bhfeidhm. Chinn sí gur leor toirmeasc ginearálta agus go bhféadfadh gurb ionann an cleachtas sna Cúirteanna gan rochtain ar thaifid chúirte a thabhairt ach do na páirtithe agus a n-ionadaithe agus toirmeasc ar rochtain.

Cinn mé go raibh An tSeirbhís Chúirteanna ag gníomhú thar ceann na gCúirteanna a bhí ag gníomhú i gcáil bhreithiúnach i ndáil leis an bhfaisnéis faoi chaibidil. Ba í an bhrí a bhí leis sin, i ndáil le sealbhú na mionnscríbhinní, go mbaintear An tSeirbhís Chúirteanna as an áireamh faoi fho-airteagal 2 d'Airteagal 3 as an sainmhíniú ar údarás poiblí chun críocha na Rialachán. Dá réir sin, ní raibh dlínse ar bith agam a ordú go scaoilfí an fhaisnéis faoin gcomhshaol a lorgaíodh.

I ndáil leis na haighneachtaí ón larratasóir faoi cheanglas airteagal 15(3) de na Rialacháin go ngearrfaí táille €150 ar iarraidh a dhéanamh chuig m'Oifig. Níor bhreithnigh mé go bhféadfainnse, mar Choimisinéir, an táille seo a tharmscaoileadh ná aisíoc a thabhairt sa chás seo.

Dhearbhaigh mé breith na Seirbhíse Cúirteanna.

Fás spent €750k
on luxury flights
in five years
Irish Examiner 5/12/08
in rural areas
longer than norm
Irish Examiner 6/10/08
The need for
transparency
Irish Examiner: 29/11/08
Cabinet FOI
papers fall foul
of the censors
Irish Independent 6/6/08
Rotunda refuses
to release 100-
year old records
Irish Medical Times: 1/2/08
Home's staff tied up
resident using socks
Irish Independent: 22/8/08
executive
Irish Times: 19/5/08
Government to appeal ruling on cabinet access
Irish Examiner: 22/10/08
Information on
use of Shannon for
'rendition' sought
Calls for FoI fees to
be abolished after
requests drop 42pc

Aguisíní

Aguisín I

Tuarascáil ar Dheimhnithe arna n-eisiúnt faoi Alt 20 and Alt 25

OFFICE OF THE MINISTER FOR JUSTICE, EQUALITY AND LAW REFORM
OIFIG AN AIRE DLÍ AGUS CIRT, COMHIONNAIS AGUS ATHCHÓIRITHE DLÍ

Ombudsman and Information Commission
06 FEB 2009
Received

Mr Pat Whelan
Director General
Office of the Information Commissioner
18 Lower Lesson Street
Dublin 2

Notification under Section 20 and Section 25 of the Freedom of Information Acts, 1997 and 2003

Dear Mr Whelan,

I refer to your letter dated 23rd January 2009 in relation to certificates issued by Secretaries General and Ministers under Sections 20 and 25 of the Freedom of Information Acts, 1997 and 2003.

Section 20
Please note that a certificate under Section 20 was issued by myself on 11 August, 2006 in relation to Risk Registers.

Section 25
There were no new certificates issued under Section 25 during 2008. However, the Minister renewed two existing Ministerial Certificates on 20 February 2008 and 14 March 2008, for a further two years.

Please find enclosed a copy of both certificates as referred to above.

Yours sincerely,

Sean Aylward
Secretary General

4 February 2009

Cuirfear fáilte roinn chomhfhreagras i nGaeilge
94 St. Stephen's Green, Dublin 2 / 94 Faiche Stéafáin, Baile Átha Cliath 2
Telephone/Teileafón: (01) 602 8202 Lo-call: 1890 221 227 Fax/Faics: (01) 661 5461 E-mail/Ríomhphost: info@justice.ie

Aguisín II

Athbhreithniú faoi Alt 25(7)] ar Dheimhnithe arna n-eisiúnt ag Airí

ACKNOWLEDGED
25 MAR 2009
Office of the Information Commissioner

Received
24 MAR 2009
Information Commissioner

Roinn an Taoisigh
Department of the Taoiseach

24 March 2009

Ms. Emily O'Reilly
Information Commissioner
18 Lower Leeson Street
Dublin 2

Re Review of Section 25 of the Freedom of Information Act 1997.

Dear Commissioner,

I would like to inform you that pursuant to section 25 (7) of the Act, the Taoiseach, the Tánaiste and Minister for Enterprise, Trade and Employment, and the Minister for Finance on 24th January 2009, carried out a review of the operation of the Act, for the year ended April 2008. The certificates in question are those issued by the Minister for Justice, Equality and Law Reform on 11 July 2007, 20 February 2008 and 14 March 2008.

Having completed the review, the Taoiseach, the Tánaiste and Minister for Enterprise, Trade and Employment, and the Minister for Finance are satisfied that it is not necessary to request revocation of any of the three certificates which were the subject of the review – copies of the forms signed by the reviewers to that effect are attached.

Yours sincerely,

Patricia Williams
Freedom of Information Liaison Officer

c.c. Ms. Aisling Brennan, FOI Unit, Department of Justice, Equality and Law Reform; Mr. Joe Langan, Central Policy Unit, Department of Finance; Mr William Reid, FOI Officer, Department of Enterprise, Trade and Employment

Tithe an Rialtais, Baile Átha Cliath 2.
Government Buildings, Dublin 2.

Cairt Eagraíochta

ARD STIÚRTHÓIR

Pat Whelan

IMSCRÚDAITHEÓIRÍ SIINSEARACHA

Elizabeth Dolan

Seán Garvey

IMSCRÚDAITHEÓIRÍ

Ciara Burns
Melanie Campbell
Brenda Lynch
Brian Murnane
Alison McCulloch
Anne Moran
Marie O'Brien
Ciarán O'Donohoe
Des O'Neill
Colin Stokes

AONAD TACAÍOCHTA

Phyllis Flynn
Anne Harwood
Bernie Kelly
David Stone
Roseanne Browne
Robert Cullen-Jones

Saórail Faisnéise
Comhdháil ar Chomháradh 10 mBliana

15ú Bealtaine 2008

Brian Lenihan, TD, An tAire Airgeadais

Graham Smith, Leas-Choimisinéir Faisnéise, An Ríocht Aontaithe; Kevin Dunion, Coimisinéir Faisnéise, Alban; Emily O'Reilly, An Coimisinéir Faisnéise; Maurice Frankel, Stúrthóir, Feachtas um Shaoráila Faisnéise sa Ríocht Aontaithe; Howard Back, Príomh-Chigire i Seirbhís Phóilíneachta Chathrach Londain, ar scor.

Niamh Campbell, An Roinn Airgeadais; Pat Whelan, Ard-Stiúrthóir, Oifig an Choimisinéara Faisnéise

Cathal Mac Coille, Cathaoirleach na Comhdhála

Eamon Gilmore, TD, Ceannaire Pháirtí an Lucht Oibre

An t-Ollamh Maeve McDonagh, Coláiste na hOllscoile Corcaigh

John Burns, The Sunday Times (Eagrán Éireannach)

Ita Mangan, Comhairleach i Gnóthaí Sóisialacha agus Dlí

Emily O'Reilly, An Coimisinéir Faisnéise

Ciarán Connolly, An Roinn Airgeadais

Estelle Feldman, Comhlach Taighde, Coláiste na Trionóide, Baile Átha Cliath; Pat Whelan, Árd-Stiúrthóir, Oifig an Choimisinéara Faisnéise

Emily O'Reilly, An Coimisinéir Faisnéise; Billy Hawkes, An Coimisinéir Cosanta Sonraí

Pat Whelan, Árd-Stiúrthóir, Oifig an Choimisinéara Faisnéise; Brian Lenihan, TD, An tAire Airgeadais; Emily O'Reilly, An Coimisinéir Faisnéise

Donncha O'Connell, Déan le Dlí, Ollscoil Náisiúnta na h-Éireann, Gaillimh